



# Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí



AN ROINN LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE



# Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí

---



2011

AN ROINN LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE

Cóipcheart © An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2011

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige  
43-49 Bóthar Mespil  
Baile Átha Cliath 4

Teileafón: +353 (0)1 647 3000  
Facs: +353 (0)1 667 0826  
Ríomhphost: [contact@dcya.gov.ie](mailto:contact@dcya.gov.ie)  
Láithreán Gréasáin: [www.dcy.gov.ie](http://www.dcy.gov.ie)

Arna fhoilsiú ag Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath

ISBN: 978-1-4064-2602-1

*Gach ceart ar cosaint. Ní cheadaítear aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, ná a tharchur i bhfoirm ar bith nó trí mhodhanna ar bith eile, bídis leictreonach, meicniúil, fótachóipeáilte, taifeadta nó eile, gan réamhchead i scríbhinn a fháil ó shealbhóir an chóipchirt.*

Maidir le cearta aistriúcháin nó atáirgthe, ba chóir iarratais a dhéanamh chuig an gCeann Cumarsáide, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 43-49 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4, Éire.

**Tá an t-eagrán seo de *Tús Áite do Leanaí*  
á chur in áit gach aon eagrán eile agus is é seo  
an t-aon cheann atá le húsáid. Is é an t-eagrán seo  
an pointe tagartha le haghaidh sonraí cleachtais.**



# Clár an Ábhair

|                                                                                                                                                                                      |           |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>Réamhfhocail an Aire</b>                                                                                                                                                          | <b>ix</b> |
| <b>CUID I: Príomhtheachtaireachtaí</b>                                                                                                                                               | <b>1</b>  |
| <b>Príomhtheachtaireachtaí</b>                                                                                                                                                       | <b>2</b>  |
| <b>1. Prionsabail, Aidhmeanna agus Úsáid Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta</b>                                                                                                    | <b>4</b>  |
| 1.1 Príomhphrionsabail dea-chleachtais maidir le cosaint agus leas leanaí                                                                                                            | 4         |
| 1.2 Aidhmeanna Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta                                                                                                                                  | 4         |
| 1.3 Úsáid Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta                                                                                                                                       | 5         |
| <b>CUID II: Sainmhínte agus Drochúsáid Leanaí a Aithint; Bunús maidir le hábhair imní a thuairisciú agus Nós Imeachta Tuairiscithe Caighdeánach; Comhoibriú Idirghníomhaireachta</b> |           |
| <b>2. Sainmhíniú agus Drochúsáid Leanaí a Aithint</b>                                                                                                                                | <b>8</b>  |
| 2.1 Cineálacha drochúsáide leanaí                                                                                                                                                    | 8         |
| 2.2 Sainmhíniú ar 'faillí'                                                                                                                                                           | 8         |
| 2.3 Sainmhíniú ar 'drochúsáid mhothúchánach'                                                                                                                                         | 8         |
| 2.4 Sainmhíniú ar 'drochúsáid chorportha'                                                                                                                                            | 9         |
| 2.5 Sainmhíniú ar 'drochúsáid ghnéasach'                                                                                                                                             | 9         |
| 2.6 Faillí nó drochúsáid leanaí a aithint                                                                                                                                            | 10        |
| 2.7 Treoirínte chun drochúsáid leanaí a aithint                                                                                                                                      | 10        |
| 2.8 Leanaí a bhfuil leochaileacht bhreise ag baint leo                                                                                                                               | 11        |
| 2.9 Drochúsáid mharfach leanaí                                                                                                                                                       | 11        |
| 2.10 Pointí nach mór cuimhneamh orthu                                                                                                                                                | 12        |
| <b>3. Bunús maidir le hábhar imní a thuairisciú agus Nós Imeachta Tuairiscithe Caighdeánach</b>                                                                                      | <b>14</b> |
| 3.1 Cuspóir                                                                                                                                                                          | 14        |
| 3.2 Freagracht maidir le drochúsáid nó faillí leanaí a thuairisciú                                                                                                                   | 14        |
| 3.3 Teagmhálaithe Ainmnithe chun faillí nó drochúsáid a thuairisciú                                                                                                                  | 15        |
| 3.4 Nós Imeachta Tuairiscithe Caighdeánach                                                                                                                                           | 15        |
| 3.5 Faisnéis atá le cur san áireamh agus tuairisc á déanamh                                                                                                                          | 16        |
| 3.6 Nochtadh faisnéise atá ag dul siar píosa fada ag daoine fásta                                                                                                                    | 16        |
| 3.7 Cinneadh maidir le hábhar imní faoi chosaint leanaí a nochtadh                                                                                                                   | 17        |
| 3.8 Cásanna nár tuairiscíodh do FSS ná don Gharda Síochána                                                                                                                           | 17        |
| 3.9 Rúndacht                                                                                                                                                                         | 17        |
| 3.10 Cosaint dhlíthiúil                                                                                                                                                              | 18        |
| 3.11 Saoráil faisnéise                                                                                                                                                               | 18        |
| <b>4. Comhoibriú idirghníomhaireachta: Róil agus na freagrachtaí gníomhaireachtaí agus daoine a bhíonn ag obair le leanaí</b>                                                        | <b>19</b> |
| 4.1 Cuspóir                                                                                                                                                                          | 19        |
| 4.2 Róil agus freagrachtaí an Rialtais Láir                                                                                                                                          | 19        |
| 4.3 Buntáistí a bhaineann le comhoibriú idirghníomhaireachta agus malartú faisnéise i ndáil le cosaint agus leas leanaí                                                              | 19        |
| 4.4 Róil agus freagrachtaí Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS                                                                                                                      | 20        |
| 4.5 Róil agus freagrachtaí an Gharda Síochána                                                                                                                                        | 21        |
| 4.6 Comhoibriú idir an Garda Síochána agus Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS                                                                                                      | 22        |
| 4.7 Róil agus freagrachtaí Gníomhaireachtaí Reachtúla agus Eagraíochtaí Neamhreachtúla Eile                                                                                          | 22        |
| 4.8 Róil agus freagrachtaí Scoileanna                                                                                                                                                | 23        |

|                                            |                                                                                                                         |    |
|--------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ NA HEARNÁLA SLÁINTE |                                                                                                                         |    |
| 4.9                                        | Róil agus freagrachtaí Liachleachtóirí Ginearálta agus Foirne Cúraim Phríomhúil                                         | 25 |
| 4.10                                       | Róil agus freagrachtaí Ospidéal                                                                                         | 25 |
| 4.11                                       | Róil agus freagrachtaí na Seirbhísí Meabhairshláinte agus Andúile                                                       | 26 |
| 4.12                                       | Róil agus freagrachtaí na Seirbhísí Síciatrachta do Leanaí agus Ógánaigh                                                | 27 |
| 4.13                                       | Róil agus freagrachtaí na Soláthraithe Cúram Sláinte Príobháideacha agus Soláthraithe Neamhreactúla seirbhísí do leanaí | 27 |
| 4.14                                       | Róil agus freagrachtaí Gairmithe Sláinte Eile                                                                           | 27 |
| 4.15                                       | Róil agus freagrachtaí Gníomhaireachtaí Reachtúla Eile                                                                  | 27 |

### **CUID III: Treoir do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus do Ghairmithe Eile; Prótacal don Idirchaidreamh idir an Garda Síochána agus FSS**

|                        |                                                                                                                                                        |           |
|------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>5.</b>              | <b>Ábhair imní maidir le cosaint agus leas leanaí a Mheasúnú agus a Bhainistiú</b>                                                                     | <b>30</b> |
| TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA |                                                                                                                                                        |           |
| 5.1                    | Cuspóir                                                                                                                                                | 30        |
| 5.2                    | Atreorú agus Measúnú                                                                                                                                   | 30        |
| 5.3                    | Scagadh agus Réamhfhiosrúcháin                                                                                                                         | 31        |
| 5.4                    | Measúnú Tosaigh                                                                                                                                        | 31        |
| 5.5                    | Ábhair imní gan bhunús                                                                                                                                 | 32        |
| 5.6                    | Soláthar seirbhísí leasa leanaí                                                                                                                        | 32        |
| 5.7                    | Cruinniú Straitéise                                                                                                                                    | 33        |
| 5.8                    | Comhdháil um Chosaint Leanaí                                                                                                                           | 34        |
| 5.9                    | Plean um Chosaint Leanaí                                                                                                                               | 34        |
| 5.10                   | Oibrí bunriachtanach a cheapadh                                                                                                                        | 36        |
| 5.11                   | Comhdháil Athbhreithnithe um Chosaint Leanaí                                                                                                           | 36        |
| 5.12                   | Beart éigeandála chun leanbh a chosaint                                                                                                                | 37        |
| 5.13                   | Dúnadh cásanna                                                                                                                                         | 38        |
| 5.14                   | An fhreagracht atá ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS                                                                                            | 38        |
| 5.15                   | Rúndacht agus neamhainmníocht                                                                                                                          | 39        |
| 5.16                   | Freagra ar dhaoine a thuairiscíonn ábhair imní                                                                                                         | 39        |
| 5.17                   | Córas Fógartha um Chosaint Leanaí                                                                                                                      | 39        |
| 5.18                   | Scrúduithe Leighis nó Speisialtóra                                                                                                                     | 40        |
| 5.19                   | Aistriú cáis                                                                                                                                           | 41        |
| 5.20                   | Athbhreithnithe ar Theagmhais Thromchúiseacha                                                                                                          | 41        |
| 5.21                   | Coimeád taifead                                                                                                                                        | 42        |
| <b>6.</b>              | <b>Maoirseacht, Tacaíocht agus Treoir Bhreise maidir le hobair um chosaint agus leas leanaí FSS</b>                                                    | <b>44</b> |
| 6.1                    | Straitéis riosca corparáidí agus beartas maoirseachta agus tacaíochta foirne i FSS                                                                     | 44        |
| 6.2                    | Treoir maidir le líomhaintí in aghaidh fostaithe agus oibríthe deonacha                                                                                | 44        |
| 6.3                    | Treoir maidir le hagallaimh a chur ar thuismitheoirí nó ar chúramóirí                                                                                  | 45        |
| 6.4                    | Treoir maidir le hagallaimh a chur ar leanaí                                                                                                           | 45        |
| 6.5                    | Coimhlint idir thuismitheoirí nó cúramóirí agus leanaí                                                                                                 | 46        |
| <b>7.</b>              | <b>Prótacal don Idirchaidreamh idir an Garda Síochána agus FSS</b>                                                                                     | <b>47</b> |
| 7.1                    | Réamhrá                                                                                                                                                | 47        |
| 7.2                    | Pearsanra ainmnithe                                                                                                                                    | 47        |
| 7.3                    | Córais rianaithe                                                                                                                                       | 47        |
| 7.4                    | Cásanna atá le fógairt go foirmiúil ag FSS don Gharda Síochána                                                                                         | 47        |
| 7.5                    | Comhairliúchán neamhfhoirmiúil                                                                                                                         | 48        |
| 7.6                    | Idirghabháil éigeandála                                                                                                                                | 48        |
| 7.7                    | Cásanna atá le fógairt go foirmiúil ag an nGarda Síochána do FSS                                                                                       | 49        |
| 7.8                    | Comhairliúchán neamhfhoirmiúil                                                                                                                         | 50        |
| 7.9                    | Idirghabháil éigeandála                                                                                                                                | 50        |
| 7.10                   | Cásanna a Mheasúnú agus a Imscrúdú                                                                                                                     | 50        |
| 7.11                   | Ceistanna atá le cioradh ag an nGarda Síochána agus FSS le linn cásanna amhrasta i dtaca le drochúsáid leanaí a mheasúnú, a imscrúdú agus a bhainistiú | 50        |

|      |                                                                                        |    |
|------|----------------------------------------------------------------------------------------|----|
| 7.12 | Rúndacht                                                                               | 51 |
| 7.13 | Idirchaidreamh leanúnach                                                               | 52 |
| 7.14 | Cruinniú Straitéise                                                                    | 52 |
| 7.15 | Comhdháil um Chosaint Leanaí                                                           | 52 |
| 7.16 | Dálaí speisialta                                                                       | 53 |
| 7.17 | Socruithe chun leanaí atá i mbaol i gceantair nó i ndlínsí eile a chosaint             | 54 |
| 7.18 | Socruithe chun leanaí i mbaol a thagann ar imirce go hÉirinn ó dhlínse eile a chosaint | 55 |

## **CUID IV: Dálaí Speisialta**

### **8. Leanaí an-leochaileach 58**

|      |                                                                                                   |    |
|------|---------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| 8.1  | Cuspóir                                                                                           | 58 |
| 8.2  | Ról FSS                                                                                           | 58 |
| 8.3  | Ról an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus na Cigireachta Seirbhísí Sóisialta | 58 |
| 8.4  | Leanaí in ionaid chónaithe, oideachais agus áineasa                                               | 58 |
| 8.5  | Leanaí in ionaid chónaithe a chosaint                                                             | 59 |
| 8.6  | Drochúsáid a thugann cuairteoirí do leanaí in ionaid chónaithe                                    | 59 |
| 8.7  | Drochúsáid a thugann an fhoireann do leanaí in ionaid chónaithe nó faillí a dhéanann siad orthu   | 59 |
| 8.8  | Leanaí i gcúram an Stáit faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991                                        | 60 |
| 8.9  | Leanaí eile atá an-leochaileach                                                                   | 60 |
| 8.10 | Leanaí gan dídean                                                                                 | 61 |

### **9. Drochúsáid Phiara 62**

|     |                                                |    |
|-----|------------------------------------------------|----|
| 9.1 | Cuspóir                                        | 62 |
| 9.2 | Treoirlínte ginearálta                         | 62 |
| 9.3 | Drochúsáid ghnéasach ag leanaí agus daoine óga | 63 |
| 9.4 | Bulaíocht                                      | 63 |

### **10 Oiliúint maidir le cosaint agus leas leanaí 65**

|      |                                                             |    |
|------|-------------------------------------------------------------|----|
| 10.1 | Cuspóir                                                     | 65 |
| 10.2 | Na cuspóirí atá le hoiliúint um chosaint agus leas leanaí   | 65 |
| 10.3 | Cur chuige maidir le hoiliúint um chosaint agus leas leanaí | 65 |
| 10.4 | Spriocghrúpaí                                               | 66 |
| 10.5 | Oiliúint idirghníomhaireachta                               | 66 |

## **Tagairtí agus Láithreáin Ghréasáin Oifigiúla 69**

### **Aguisíní 73**

|              |                                                                                                            |    |
|--------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| Aguisín 1:   | Comharthaí agus airíonna na drochúsáide leanaí                                                             | 74 |
| Aguisín 2:   | Teagmhálaithe Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS                                   | 79 |
| Aguisín 3:   | Foirm Thuairiscithe Chaighdeánach chun ábhair imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú do FSS   | 82 |
| Aguisín 4:   | Foirm Fhógartha Chaighdeánach le húsáid ag FSS chun cásanna a chur in iúl don Gharda Síochána              | 85 |
| Aguisín 5:   | Foirm Fhógartha Chaighdeánach le húsáid ag an nGarda Síochána chun cásanna a chur in iúl do FSS            | 86 |
| Aguisín 6:   | Foirm Thaifeadta Idirchaidrimh An Gharda - FSS                                                             | 87 |
| Aguisín 7:   | An Reachtaíocht Ábhartha                                                                                   | 94 |
| Aguisín 8:   | Treoir chun nósanna imeachta áitiúla um chosaint agus leas leanaí a fhorbairt                              | 97 |
| Aguisín 9:   | Treoir d'fhostóirí atá ag déileáil le líomhain drochúsáide                                                 | 98 |
| Aguisíní 10: | Liosta d'Oifigigh Ainmnithe FSS - An tAcht um Chosaint do Dhaoine A Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 | 99 |



# Réamhfhocal an Aire

Tá roinnt freagrachtaí agus dualgas ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le cosaint na saoránach is óige sa tír seo. Is é an rud is tábhachtaí thar aon ní eile ná a chinntiú go bhfuil siad slán.

Níor chóir go millfí óige aon duine de bharr drochúsáide. Níor chóir go mbeadh ar dhuine óg ar bith a s(h) aol a chaitheamh faoi scáth ná faoi eagla. Cé nach féidir an foréigean ar fad atá sa saol a chosc agus cé nach féidir geallúint a thabhairt nach ndéanfar díobháil d'aon leanbh de bharr faillí, ionsaithe, dúshaothraithe ná creachadóireachta, tá sé de dhualgas orainn ár seacht ndícheall a dhéanamh mar Rialtas agus mar shochoaí chun bac a chur lena leithéid de dhíobháil.

Cuirimid tús leis an obair seo trína chinntiú go bhfuil na leanaí sábháilte agus á gcosaint i ngach gné dá saol - sna háiteanna ina gcónaíonn siad, ina bhfoghlaimíonn siad, ina nguíonn siad agus ina mbíonn siad ag súgradh. Leagtar amach go soiléir sa doiciméad seo *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus an *Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint agus Leas Leanaí* a ghabhann leis conas ba cheart cosaint leanaí a bheith i gcroílár gach eagraíochta atá ag obair le leanaí. Leagtar síos go mion sa doiciméad cad a chaithfear a dhéanamh chun leanaí a chosaint, conas a dhéanfar é sin agus cé hiad na daoine lárnacha i ngach eagraíocht a dhéanfaidh an obair sin.

Doiciméad cuimsitheach tagartha is ea *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* 2011 agus ós rud é go bhfuil lámhleabhar praiticiúil ag gabháil leis faoi na príomhbhearta atá le cur i gcrích ag gach cleachtóir túslíne, cuirfidh siad araon bonn daingean ar fáil ionas go mbeidh cur chuige comhsheasmhach againn maidir le cosaint leanaí go náisiúnta.

Cinntoidh na hathruithe sin agus cruthú Gníomhaireachta tiomnaithe Náisiúnta um Thacaíocht do Leanaí agus do Theaghlach go dtiocfaidh feabhas mór ar chúrsaí cosanta leanaí.

Tá sé ar intinn againn nuashonrú a dhéanamh i ndeireadh na dála ar na treoirlínte go léir chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta nua mar aon lena cuid feidhmeanna agus dualgas a chur san áireamh, agus le deimhin a dhéanamh de go mbeidh an cleachtas is fearr ó Éirinn agus ó thíortha thar lear le sonrú iontu. De thoradh *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* mar aon le cur i bhfeidhm cláir shubstaintiúil feidhmithe agus oiliúna mar aon le clár iniúchta comhlíonta agus tionchair tabharfar tacaíocht do na ról agus do na freagrachtaí nua le cinntiú go gcuirfear an cleachtas is fearr i bhfeidhm.

Ní féidir le treoirlínte deireadh a chur leis an olc, áfach. Ní féidir le hiniúchtaí dúshaothrú a chosc. Ní hé ár ngnó é breall a chur orainn féin gur féidir linn deireadh a chur le gach droch-thréith atá sa duine; is éard a chaithfimid a dhéanamh ná a chinntiú go bhfuil leanaí á gcosaint ón olc atá sa tsochaí. Nuair a theipeann orainn agus má thugtar drochúsáid do leanaí in ainneoin ár míle dícheall, is éard a chaithfimid a dhéanamh ná a chinntiú go ngabhtar lucht déanta na drochúsáide agus nach ndéanann siad a leithéid arís, agus go gcuirtear an choir ina leith siúd a d'éascaigh í trí ghníomh nó trí neamhghníomh.

Tá sé beartaithe againn an reachtaíocht a achtú ionas go mbeidh sé de dhualgas reachtúil ar gach duine atá ag obair le leanaí cloí le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*. Is céim mhór chun tosaigh í seo chun leanaí a chosaint ó dhrochúsáid. Beidh comhoibriú idirghníomhaireachta níos éifeachtaí ann dá bharr agus beidh córas níos treise agus níos comhsheasmhaí ann chun leanaí a chosaint.

**Frances Fitzgerald, TD**  
*An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige*



**CUID I:**  
**Príomhtheachtaireachtaí**

---

## Príomhtheachtaireachtaí

Is é aidhm *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* ná sábháilteacht agus leas leanaí a chur chun cinn. Is ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí atá an phríomhfhreagracht maidir le cúram agus cosaint leanaí. Bíonn tacaíocht an Stáit ag teastáil ó thuismitheoirí ó am go chéile agus iad i mbun a ról mar thuismitheoirí.

Tá roinnt thuismitheoirí ann nach bhfuil sé ar a gcumas, ar chúiseanna éagsúla, aire cheart a thabhairt dá leanaí. Ní mór measúnú níos déine a dhéanamh ar na teaghlaigh sin, agus tacaíocht a sholáthar agus idirghabháil dhíreach a dhéanamh chun sábháilteacht agus leas a gcuid leanaí a chinntiú. Ba chóir go mbeadh a fhios ag daoine a bhíonn ag obair le leanaí agus ag an bpobal i gcoitinne gur minic gurb é an beart luath a ghlacann siad an bealach is fearr le leanaí a chosaint, agus le cur ar chumas an teaghlaigh fanacht le chéile. Tá ról tábhachtach ag gairmithe freisin agus ba cheart go mbeadh prionsabail agus cuspóirí an Achta um Chúram Leanaí, 1991 agus na treorach náisiúnta seo le sonrú ina ngníomhartha.

Ní mór do ghairmithe agus do dhaoine eile a bhíonn ag obair le leanaí aird ar leith a thabhairt ar riachtanais leanaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol drochúsáide. Is léir ó thaighde a rinneadh go bhfuil baol níos mó maidir le faillí nó drochíde ann i gcás leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ag mí-úsáid drugaí nó alcóil. Maidir le thuismitheoirí a bhfuil míchumas foghlama nó tinneas meabhrach ag gabháil dóibh d'fhéadfadh tacaíocht faoi leith a bheith ag teastáil uathu chun a ról mar thuismitheoirí a chomhlíonadh.

Is léir ó thaighde freisin gur in áras an teaghlaigh is mó a tharlaíonn drochúsáid. D'fhéadfadh daoine seachas baill an teaghlaigh féin drochúsáid a thabhairt do leanaí. D'fhéadfadh sé seo tarlú nuair a bhíonn leanbh i dteagmháil le duine a bhfuil gaol acu leo, le cara an teaghlaigh nó le duine dá lucht aitheantais, nó le duine a bhíonn i dteagmháil le leanbh de bharr gníomhaíochta gairmiúla nó deonaí. I ngach cás, ní mór tús áite a thabhairt do leas agus do shábháilteacht an linbh.

Bíonn dea-chleachtas ag an líne tosaigh bunaithe ar bheartais agus ar phrionsabail shoiléire. Is é beartas an Rialtais atá mar bhun taca faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* ná:

- leas agus sábháilteacht leanaí, rud atá ina ghné lárnach de gach beartas an Rialtais;
- saol an teaghlaigh a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dó;
- gan leas a bhaint ach as an laghad idirghabhála is atá ag teastáil chun leanaí a choimeád sábháilte agus é sin a dhéanamh ar bhealach tráthúil;
- go n-oibreodh gníomhaireachtaí le chéile chun cabhrú le leanaí a gcumas iomlán a bhaint amach;
- go n-oibreodh gníomhaireachtaí le chéile chun seirbhísí níos sábháilte agus níos éifeachtúla a sholáthar;
- go n-oibreodh an Stát agus an tsochaí shibhialta le chéile chun leas leanaí a chur chun cinn.

Leagtar síos sa treoir náisiúnta seo an fhreagracht reachtúil ar leith atá ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus ar an nGarda Síochána nuair a chuirtear ar an airdeall iad faoi ábhar imní maidir le leas agus sábháilteacht linbh.

Maidir leis an ngrúpa níos leithne de ghairmithe sláinte, oideachais agus eile, lena n-áirítear grúpaí deonacha a bhíonn i dteagmháil le leanaí agus teaghlaigh ina gcuid oibre, tá sé de dhualgas orthu fios a bheith acu faoi na comharthaí agus na féidearthachtaí maidir le faillí agus drochúsáid. Caithfidh siad labhairt faoin imní atá orthu nó comhairle a lorg ó FSS, tuairisc fhoirmiúil a sholáthar más gá agus comhoibriú i cibé slí is féidir, lena n-áirítear freastal ar chruinnithe d'fhonn faisnéis a roinnt agus cabhrú le dea-chinntí a dhéanamh. I gcásanna éigeandála, ba cheart na Gardaí a chur ar an eolas faoi leanaí atá i mbaol.

D'fhéadfadh gaolta, cairde agus comharsana a bheith ar an eolas faoi leas linbh agus ní mór fios a bheith acu faoi conas freagra a thabhairt chun go ndéanfar na bearta is éifeachtúla chun an leanbh a chosaint.

**Más ball den phobal thú agus má tá imní ort faoi leanbh agus mura bhfuil tú cinnte cad ba cheart duit a dhéanamh, nó má tá tú buartha faoi shábháilteacht nó leas linbh, ba chóir duit dul i dteagmháil le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS atá gar duit (*féach teagmhálacha FSS ar fud na tíre in Aguisín 2*).**

**I gcás gairmithe agus daoine a bhfuil baint acu le heagraíochtaí a bhíonn ag obair le leanaí, má tharlaíonn sé go bhfuil imní orthu faoi leanbh agus mura bhfuil a fhios acu cad ba cheart dóibh a dhéanamh, ba cheart dóibh dul i gcomhairle leis an duine atá ainmnithe ó thaobh *Tús Áite do Leanaí* san eagraíocht sin chun cúrsaí a phlé leis nó léi, nó dul i dteagmháil le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS atá gar dóibh (*féach teagmhálacha FSS ar fud na tíre in Aguisín 2*).**

**Má cheapann tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus murar féidir leat teagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS ba chóir duit dul i dteagmháil leis na Gardaí ag aon stáisiún de chuid na nGardaí.**

# 1. Prionsabail, Aidhmeanna agus Úsáid

## *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*

### 1.1 Príomhphrionsabail dea-chleachtais maidir le cosaint agus leas leanaí

- 1.1.1 I measc na bprionsabal ba cheart a bheith mar threoir ag dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí tá siad seo a leanas:
- (i) Is é leas an linbh an rud is tábhachtaí thar aon ní eile.
  - (ii) Ba chóir idirghabháil agus tacaíocht luath a bheith ar fáil chun leas leanaí agus teaghlaigh a chur chun cinn, go háirithe nuair atá siad leochaileach nó go bhfuil an baol ann nach bhfaighidh siad cúram nó cosaint leormhaith. Ba cheart idirghabháil luath agus idirghabhálacha coisctheacha a bheith bunaithe ar thacaíocht teaghlaigh.
  - (iii) Caithfear cothromaíocht cheart a aimsiú idir leanaí a chosaint agus meas a léiriú do chearta agus riachtanais na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí agus na dteaghlach. Ach caithfear tús áite a thabhairt do leas an linbh nuair a bhíonn coimhlint i gceist.
  - (iv) Tá sé de cheart ag leanaí go n-éistfí leo agus go dtabharfaí aird ar an méid atá le rá acu. Ag tógáil cúrsaí aoise agus leibhéal tuisceana san áireamh, ba chóir dul i gcomhairle leo agus iad a bheith rannpháirteach i ngach ceist agus cinneadh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a saol. Nuair a bhíonn ábhair inmí ann faoi leas leanaí ba cheart go mbeadh deiseanna ag na daoine óga go n-éistfí lena dtuairimí go neamhspleách ar thuairimí a dtuismitheoirí nó a gcúramóirí.
  - (v) Ba cheart ómós a thabhairt do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus ba chóir dul i gcomhairle leo agus ba cheart go mbeadh baint acu le ceisteanna a bhaineann lena dteaghlaigh.
  - (vi) Ba chóir rudaí mar chúinsí an teaghlaigh, inscne, aois, céim forbartha, reiligiún, cultúr agus cine a chur san áireamh nuair atá beart cosanta á ghlacadh. Nuair atá idirghabháil á dhéanamh ní cóir déileáil leis an leanbh ina aonar; ní mór cúrsaí an linbh a thuiscint i gcomhthéacs an teaghlaigh.
  - (vii) Ní féidir neamhaird a dhéanamh den ghné choiriúil a bhaineann le gníomhaíocht ar bith.
  - (viii) Níor chóir leanaí a scaradh óna dtuismitheoirí nó óna gcúramóirí ach amháin nuair nach féidir iad a chosaint ar aon bhealach eile. Ba cheart smaoineamh ar athaontú an teaghlaigh nuair a bhítear ag pleanáil a bhfuil i ndán don leanbh.
  - (ix) Má táthar chun drochúsáid nó faillí linbh a chosc, a aithint agus a láimhseáil go héifeachtach ní mór cur chuige comhordaithe ildisciplíneach a bheith ann mar aon le bainistiú éifeachtach, soiléireacht maidir le freagracht agus caithfear oiliúint a chur ar na daoine in eagraíochtaí a bhíonn ag obair le leanaí.
  - (x) Má tharlaíonn sé go mbíonn gairmithe agus gníomhaireachtaí ag obair le daoine fásta a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu, ar chúiseanna éagsúla, maidir le bunriachtanais sábháilteachta agus slándála a leanaí a shásamh, ba cheart do na daoine sin féachaint ar cén tionchar ar an leanbh atá ag iompar an duine fásta atá mar chliant nó mar othar acu, agus gníomhú ar mhaithe le leas an linbh.

### 1.2 Aidhmeanna *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*

- 1.2.1 Is é aidhm *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* ná cabhrú le daoine drochúsáid agus faillí leanaí a aithint agus a thuairisciú agus déileáil go héifeachtúil leis na hábhair inmí atá acu. Leagtar béim ar a thábhachtaí is atá sé go mbeadh riachtanais leanaí agus teaghlaigh i lár na seirbhíse cosanta agus leasa leanaí, agus go gcaithfear tús áite a thabhairt do leas na leanaí thar aon ní eile. Leagtar béim ar ról agus freagrachtaí FSS agus an Gharda Síochána, a bhfuil freagracht reachtúil orthu maidir le cosaint leanaí. Tugtar treoir freisin do ghníomhaireachtaí agus d'eagraíochtaí deonacha agus pobail (m.sh. eagraíochtaí reiligiúnacha agus creidimh, eagraíochtaí spóirt, srl) a bhíonn i dteagmháil le leanaí nó a chuireann seirbhísí ar fáil dóibh.

- 1.2.2 Tá dualgas cúraim ar an tsochaí freisin maidir le leanaí agus ba chóir do gach duine a bheith san airdeall go bhféadfadh drochúsáid a bheith á tabhairt do na leanaí a bhfuil siad i dteagmháil leo nó go bhféadfadh siad a bheith i mbaol drochúsáide. Ceapadh an treoir náisiúnta chun daoine a spreagadh chun ábhar imní nó amhras a thuairisciú do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.
- 1.2.3 Tá sé i gceist freisin go gcuirfeadh an treoir náisiúnta creatlach ar fáil le tacú le comhoibriú idirghníomhaireachta agus le neartú na bhfreagraí ildisciplíneacha a thugtar ar dhrochúsáid agus ar fhaillí leanaí. Cuirfear an chosaint is éifeachtaí ar fáil do leanaí má bhíonn seirbhísí cuimsitheacha oiliúna, maoirseachta agus tacaíochta mar bhonn taca faoi na nósanna imeachta áitiúla agus náisiúnta.

### 1.3 Úsáid Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta

- 1.3.1 I gcomhréir le prionsabail Tús Áite do Leanaí, ní mór do gach eagraíocht, idir phoiblí agus phríobháideach, a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí nó a bhíonn i dteagmháil dhíreach le leanaí go rialta:
- (i) dea-chleachtas a chinntiú maidir le hearcú foirne agus oibrithe deonacha, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, litreacha tagartha a éileamh agus a iniúchadh, nósanna dea-chleachtais ó thaobh acmhainní daonna a bheith acu nuair atá daoine á gcur faoi agallamh agus oiliúint ionduchtaithe a sholáthar mar aon le promhadh, maoirseacht agus bainistiú leanúnach;
  - (ii) a chinntiú go bhfuil baill foirne nó oibrithe deonacha ar an eolas faoi conas comharthaí drochúsáide nó faillí leanaí a aithint;
  - (iii) treoir agus nósanna imeachta a fhorbairt do bhaill foirne agus / nó d'oibrithe deonacha a bhféadfadh ábhar réasúnta imní a bheith acu faoi shábháilteacht agus leas leanaí a bhfuil baint acu leis an eagraíocht. **Níor chóir ligean do na nósanna imeachta seo claonadh óna bhfuil sa leagan reatha de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta, ach d'fhéadfaidís iomlánú a dhéanamh orthu chun go n-oirfidís do chúrsaí agus do thosca áitiúla** (*Féach Aguisín 8 chun treoir bhreise a fháil*). Tá sé de dhualgas ar gach eagraíocht a chinntiú go bhfuil a leithéid de threoir agus de nósanna imeachta acu;
  - (vi) duine faoi leith a ainmniú le bheith ina t(h)eagmhálaí le gníomhaireachtaí eile agus le bheith ann le cabhrú le baill foirne nó oibrithe deonacha a bhfuil imní orthu faoi chosaint leanaí. Beidh an duine ainmnithe freagrach as insint do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó don Gharda Síochána faoi líomhaintí nó ábhair imní maidir le drochúsáid leanaí.



**CUID II:**  
**Sainmhínithe agus**  
**Drochúsáid Leanaí a Aithint**

**Bunús maidir le hábhair inní a thuairisciú agus**  
**Nós Imeachta Tuairiscithe Caighdeánach**

**Comhoibriú Idirghníomhaireachta**

---

## 2. Sainmhíniú agus Drochúsáid Leanaí a Aithint

### 2.1 Cineálacha drochúsáide leanaí

- 2.1.1 Tá cuntas sa chaibidil seo ar na príomhchineálacha drochúsáide leanaí mar aon le treoir faoi conas iad a aithint. Is féidir drochúsáid leanaí a roinnt i gceithre chineál chatagóir: faillí, drochúsáid mhothúcháinach, drochúsáid chorpartha agus drochúsáid ghnéasach. D'fhéadfadh níos mó ná drochúsáid de chineál amháin a bheith á thabhairt do leanbh ag am ar bith. **Tá breis sonraí faoi gach cineál drochúsáide in Aguisín 1.**
- 2.1.2 Nuair a luaitear an focal 'leanbh' i *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*, ciallaíonn sé duine faoi bhun 18 mbliana d'aois, ach gan daoine atá nó a bhí pósta a chur san áireamh.

### 2.2 Sainmhíniú ar 'faillí'

- 2.2.1 Is féidir faillí a mhíniú i dtéarmaí *easnamh*, nuair a fhulaingíonn leanaí díobháil nó lagú suntasach forbartha trí bhia, éide, teas, sláinteachas, spreagadh intleachtúil, maoirsiú, sábháilteacht nó cúram leighis a cheilt orthu, nó nuair nach mbíonn ceangal acu le daoine fásta nó gean ag daoine fásta orthu.
- 2.2.2 Is féidir díobháil a shainmhíniú mar dhrochíde nó lagú sláinte nó forbartha an linbh. Déantar *suntasacht* na díobhála a mheas trí shláinte agus fhorbairt an linbh a chur i gcomparáid leis an leibhéal a mbeifí ag súil leis i gcás linbh ar chomhaois leis nó léi.
- 2.2.3 Bíonn faillí le feiceáil ar bhealaí difriúla *thar thréimhse ama* níos mó ná ag aon phointe amháin. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh riachtanais an linbh á gcomhlíonadh maidir leis an maoirsiú atá riachtanach dá mbeadh sé/sí ag fulaingt mionghortuithe arís agus arís eile. D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh cothú leormhaith á fháil ag leanbh a bhfuil meáchan agus airde faoi bhun an mheáin aige nó aici. D'fhéadfadh sé go bhfuil spreagadh intleachtúil á cheilt ar leanbh atá as láthair ón scoil go leanúnach.
- 2.2.4 Sroichtear *tairseach na díobhála suntasaí* nuair a dhéantar an oiread sin faillí ar riachtanais an linbh, go mbíonn fíor-drochthionchar aige ar leas agus/nó ar fhorbairt an linbh.

### 2.3 Sainmhíniú ar 'drochúsáid mhothúcháinach'

- 2.3.1 Aimsítear drochúsáid mhothúcháinach go hiondúil sa *chaidreamh* idir tuismitheoir nó cúramóir agus leanbh seachas in eachtra amháin nó i bpatrún eachtraí. Tarlaíonn sé nuair nach sásaítear riachtanas forbartha an linbh maidir le gean, faomhadh, comhsheasmhacht agus slándáil. Mura bhfuil foirmeacha eile drochúsáide i gceist, is annamh a fheictear comharthaí nó airíonna fisiciúla. Seo roinnt samplaí:
- (i) saintréithe diúltacha a chur i leith leanaí, trí cháineadh seasmhach, searbhas, naimhdeas agus ag fáil lochta orthu;
  - (ii) tuistiú coinníollach ina bhfuil an leibhéal cúraim a léirítear do leanbh ag brath ar iompraíochtaí nó ar ghníomhaíochtaí uaidh/uaithe;
  - (iii) gan tacaíocht mhothúcháinach a bheith le fáil ag an leanbh óna thuismitheoir nó óna chúramóir;
  - (iv) gan an tuismitheoir nó an cúramóir a bheith sofhreagrach i leith an linbh, nó go mbeadh sé nó sí ag súil le rudaí neamh-chomhsheasmhacha nó neamhchuí ón leanbh;
  - (v) freagracht a chur ar leanbh ró-luath ina s(h)aol;
  - (vi) ionchais neamhréadúla nó neamhchuí ar inniúlacht an linbh chun rud a thuiscint nó é féin nó í féin a iompar nó a rialú ar bhealach áirithe;
  - (vii) gan a bheith sách cosanta nó a bheith ró-chosanta i dtaca leis an leanbh;

- (viii) teip suim a léiriú, nó deiseanna oiriúnacha de réir aoise a sholáthar, maidir le forbairt mhothúcháinach agus chognaíoch an linbh;
- (ix) bearta smachta atá mí-réasúnta nó ró-ghéar a úsáid;
- (x) foréigean teaghlaigh a chur os comhair an linbh;
- (xi) ábhar míchuí nó mí-úsáideach a chur os comhair an linbh trí theicneolaíocht nua.

2.3.2 Is féidir drochúsáid mhothúcháinach a aithint i dtéarmaí iompraíochta, cognaíocha, mothúcháin nó feidhmithe fisicigh an linbh. Áirítear leo sin cion neamhshlán, míshonas, lagmheas air féin nó uirthi féin, tearcghnóthú oideachasúil agus forbartha, agus iompraíocht fhreasúrach. Sroichtear *tairseach na díobhála suntasaí* nuair atá idirghníomhaíochtaí mí-úsáideacha ceannasach agus iad mar thréith den chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir/cúramóir.

## 2.4 Sainmhíniú ar ‘drochúsáid chorparcha’

2.4.1 Is éard atá i ndrochúsáid chorparcha linbh ná iompar a bhfuil dochar fisiceach iarbhrí nó féideartha ag baint leis de thoradh idirghníomhaíochta, nó easpa idirghníomhaíochta, atá go réasúnta faoi smacht tuismitheora nó duine i bpost freagrachta, cumhachta, nó iontaobhais. D’fhéadfadh eachtra amháin a bheith i gceist nó eachtraí arís is arís eile.

Is féidir na rudaí seo a bheith i gceist le drochúsáid chorparcha:

- (i) pionós dian corpartha;
- (ii) plancadh, leangadh, bualadh nó ciceáil;
- (iii) brú, croitheadh nó caitheamh;
- (iv) scealpóga a bhaint as an leanbh nó greim fiacra a chur ann nó inti, an leanbh a thachtadh nó a c(h)uid gruaige a tharraingt;
- (v) an leanbh a scanrú le bagairtí;
- (vi) breathnú ar fhoréigean;
- (vii) fórsa iomarcach a úsáid i mbun láimhseála;
- (viii) nimhiú d’aon turas;
- (ix) plúchadh;
- (x) tinneas bréige nó spreagtha (*féach ar Aguisín 1 le haghaidh sonraí*);
- (vi) baol a cheadú nó a chruthú go dtarlódh díobháil mhór don leanbh.

## 2.5 Sainmhíniú ar ‘drochúsáid ghnéasach’

2.5.1 Tarlaíonn drochúsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine eile úsáid as leanbh dá s(h)ásamh nó dá f(h)loscadh gnéasach féin, nó ar mhaithe le sásamh nó floscadh gnéasach daoine eile. Cuimsíonn samplaí de dhrochúsáid ghnéasach leanai:

- (i) nochtadh na mball gnéasach nó gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d’aon turas i láthair an linbh;
- (ii) teagmháil nó ainteagmháil ar chorp an linbh d’aon turas cibé ag duine nó rud do shásamh nó floscadh gnéasach;
- (iii) glacaireacht i láthair an linbh nó páirtíocht an linbh i ngníomh na glacaireachta;
- (iv) caidreamh collaí le leanbh, cibé caidreamh béil, na faighne nó tóna;

- (v) dúshaothrú gnéasach an linbh, a chuimsíonn gríosú, spreagadh, tairiscint, dualgas a chur ar leanbh nó ceadú do leanbh a bheith i mbun striapachais, nó gníomhaíochtaí gnéasacha eile. Tarlaíonn dúshaothrú gnéasach chomh maith nuair atá leanbh bainteach le taispeántas, mainicíneacht nó staidiúir chun críche flosctha, nó sásaimh nó birt ghnéasaigh a chuimsíonn taifeadadh (ar scannán, fistéip nó meán eile) nó ionramháil na híomhá, chun na críocha sin, ar ríomhaire nó ar mhodhanna eile. D'fhéadfadh go gcuimseodh sé ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, atá go minic mar thréith den phróiseas 'grúmaeireachta' a bhíonn ar bun ag lucht imeartha drochúsáide;
- (vi) gníomhaíocht ghnéasach chomhthoilíoch idir duine fásta agus duine faoi aois. Maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, ba chóir a shonrú, chomh fada is a bhaineann sé leis an dlí coiriúil, gur 17 mbliana d'aois do bhuachaillí agus do chailíní araon an aois toilithe do chaidreamh collaí. Déileálfaidh an Garda Síochána le gnéithe coiriúla an cháis de réir na reachtaíochta ábhartha.

2.5.2 Ba chóir a thuiscint nach sainmhíniú dlíthiúil é an sainmhíniú ar dhrochúsáid ghnéasach leanaí, faoi mar a chuirtear i láthair sa chuid seo é, agus níl sé i gceist go mbeadh sé ina chur síos ar an gcion coiriúil a bhaineann leis an ionsaí gnéasach.

## 2.6 Faillí nó drochúsáid leanaí a aithint

2.6.1 Is deacair drochúsáid leanaí a aithint go minic agus is iomaí bealach ina léirítear í. Tá liosta de tháscairí drochúsáide leanaí le fáil in Aguisín 1. Mura mbíonn ach táscaire amháin le sonrú ní cruthúnas é sin go bhfuil drochúsáid á thabhairt do leanbh. D'fhéadfadh sé gur comhartha é a bhaineann le dálaí eile seachas drochúsáid leanaí. Caithfear na comharthaí agus airíonna go léir a scrúdú i gcomhthéacs chás an linbh agus chúinsí an teaghlaigh.

## 2.7 Treoirínte chun drochúsáid leanaí a aithint

2.7.1 D'fhéadfadh an cumas atá ag duine drochúsáid leanaí a aithint a bheith ag brath an oiread céanna ar a thoilteanaí is atá an té sin glacadh leis go bhféadfadh drochúsáid tarlú agus bhraithfeadh sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige nó aici. Bíonn trí chéim i gceist de ghnáth maidir le drochúsáid nó faillí leanaí a aithint:

- (i) breithniú na féidearthachta;
- (ii) faire amach do chomharthaí drochúsáide;
- (iii) taifeadadh faisnéise.

### Céim 1: Breithniú na féidearthachta

2.7.2 Ba chóir smaoineamh go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh más amhlaidh go bhfuil gortú amhrasta fulaingthe aige nó aici agus nach féidir aon mhíniú réasúnta a thabhairt air. Ba chóir an fhéidearthacht a bhreithniú chomh maith má tá an leanbh faoi anacair gan chúis shoiléir nó má léiríonn sé/sí fadhbanna iompraíochta nua. Ba chóir smaoineamh go bhféadfadh drochúsáid a bheith á tabhairt do leanbh má léiríonn an leanbh freagairtí neamhchoitianta nó eaglacha i leith a t(h)uismitheoirí/c(h) úramóirí. Ba chóir smaoineamh go bhféadfadh faillí leanúnach a bheith á déanamh ar leanbh, fiú amháin má bhíonn tréimhsí gearra ann nuair a thagann feabhas air nó uirthi.

### Céim 2: Ag faire amach do chomharthaí drochúsáide

2.7.3 Bíonn comharthaí drochúsáide fisiciúil nó is féidir iad a aithint in iompar nó i bhforbairt an linbh. Is féidir na comharthaí sin a shonrú sa chaidreamh idir leanaí agus tuismitheoirí nó cúramóirí, nó idir leanaí agus baill eile an teaghlaigh nó daoine eile. Má bhíonn braisle nó patrún comharthaí ann is mó an seans atá ann go bhfuil faillí nó drochúsáid á tabhairt. D'fhéadfadh leanaí atá faoi thionchar drochúsáide nod a thabhairt go bhfuil díobháil á dhéanamh dóibh agus insíonn siad amach díreach é uaireanta. Ba chóir glacadh go handáiríre i gcónaí le haon rud a insíonn leanbh agus ba cheart beart a dhéanamh dá réir, mar shampla, trína chur in iúl do Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Ní ceart an leanbh a chur faoi agallamh go mion mar

gheall ar an drochúsáid líomhnaithe gan dul i gcomhairle ar dtús le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Is iad oibrithe sóisialta nó baill an Gharda Síochána na daoine is oiriúnaí chun é sin a dhéanamh. D'fhéadfaí comharthaí nach bhfuil chomh soiléir a chíoradh go cúramach leis an leanbh, *ach gan ceisteanna díreacha a chur*. D'fhéadfadh cúinsí súgartha, cosúil le pictiúir a tharraingt nó scéalaíocht, leideanna a thabhairt.

2.7.4 Cuireann comharthaí áirithe drochúsáid in iúl ar bhealach níos treise ná comharthaí eile. Áirítear leo seo:

- (i) nochtadh drochúsáide ag leanbh nó ag duine óg;
- (ii) súgradh nó eolas gnéasach neamhghnách nó atá neamhoiriúnach de réir aoise;
- (iii) gortuithe sonracha nó patrúin gortuithe;
- (iv) éalú ó áras an teaghlaigh nó ó thimpeallacht chúraim;
- (v) iarracht ar féinmharú;
- (vi) toircheas faoi aois nó galar gnéas-tarchurtha;
- (vii) comharthaí i gcatagóir amháin nó níos mó ag an am céanna. Mar shampla, d'fhéadfadh comharthaí de mhoill forbartha, de ghortú fisiciúil agus comharthaí iompraíochta le chéile, patrún drochúsáide a chur in iúl.

2.7.5 Comharthaí neamhshonracha iad a lán de na comharthaí drochúsáide agus caithfear iad a bhreithniú i gcomhthéacs sóisialta agus teaghlaigh an linbh. Tá sé tábhachtach a bheith sásta glacadh leis go bhféadfaí mínithe eile seachas drochúsáid a thabhairt ar chomharthaí fisiceacha agus iompraíochta.

### Céim 3: Taifeadadh faisnéise

2.7.6 Má tá amhras ann go bhfuil drochúsáid á tabhairt do leanbh nó faillí á déanamh air nó uirthi, tá sé tábhachtach insint do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS faoi agus bonn a chur faoi na cúiseanna imní tríd an oiread faisnéise agus is féidir a fháil. Ba chóir an méid a fheictear a thaifeadadh go cruinn ag cuimsiú dátaí, amanna, ainmneacha, ionaid, comhthéacs agus faisnéis ar bith eile a bheadh ábhartha. Ba chóir a bheith cúramach faoin gcaoi a ndéantar faisnéis den sórt sin a stóráil, agus faoi na daoine dá nochtar í.

## 2.8 Leanaí a bhfuil leochaileacht bhreise ag baint leo

2.8.1 Tá leanaí áirithe a bhfuil breis leochaileachta ag baint leo ó thaobh drochúsáide de ná leanaí eile. Áirítear leo siúd leanaí a bhfuil míchumais orthu, leanaí gan dídean agus leanaí atá scartha óna dtuismitheoirí nó baill eile an teaghlaigh ar chúis amháin nó ar chúis eile, agus atá ag brath ar dhaoine eile le cúram a thabhairt dóibh agus iad a chosaint. D'fhéadfadh na catagóirí drochúsáide céanna a bheith i gceist – faillí, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid chorpartha agus drochúsáid ghnéasach – ach d'fhéadfaidís tarlú ar bhealach a bheadh beagán difriúil. Mar shampla, d'fhéadfadh drochúsáid tarlú trí chearta bunúsacha a cheilt, trí chórais smachta ghéara a chur i bhfeidhm nó trí chógais mhíchuí a úsáid nó trí shrianta fisiciúla (*féach Caibidil 8 freisin*).

## 2.9 Drochúsáid mharfach leanaí

2.9.1 I gcúinsí tubaisteacha nuair a fhaigheann leanbh bás de barr drochúsáide nó faillí, tá ceithre mhórghné le cur san áireamh: an ghné choiriúil, cosaint leanaí, méala agus an cás a fhógairt.

2.9.2 **Gnéithe choiriúla:** Ceist í seo don Gharda Síochána agus caithfear fógra a thabhairt dóibh láithreach. Caithfear fógra a thabhairt don Chróinéir chomh maith agus caithfear cloí lena t(h)eoracha maidir le scrúduithe iarbháis agus ceisteanna ábhartha eile.

2.9.3 **Gnéithe maidir le cosaint leanaí:** D'fhéadfadh siad seo a bheith an-tábhachtach go háirithe má tá leanaí eile sa teaghlach nó sa chás céanna, agus beidh ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS idirghabháil a dhéanamh láithreach chun an riosca a mheas.

2.9.4 **Gnéithe méala:** Caithfear meas a léiriú do riachtanais méala an teaghlaigh agus ba chóir deis a thabhairt do gach ball den teaghlach dobrón a dhéanamh agus slán a fhágáil ag an leanbh marbh.

2.9.5 **Gnéithe maidir leis an gcás a fhógairt:** Ba chóir do FSS bás an linbh a chur in iúl don Phainéal Athbhreithnithe Náisiúnta agus don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) de réir threoir na heagraíochta sin *Guidance for the Health Service Executive for the Review of Serious Incidents, including deaths of children in care* (HIQA, 2010):

- bás gach linbh faoi chúram, lena n-áirítear cúiseanna nádúrtha;
- bás gach linbh a raibh baint ag an gcóras um chosaint leanaí leo;
- teagmhais thromchúiseacha a tharlaíonn do leanbh atá faoi chúram nó a raibh baint ag an gcóras um chosaint leanaí leis nó léi.

Ba chóir do bhainisteoirí agus don fhoireann comhoibriú go hiomlán le haon athbhreithniú a dhéantar chun fíricí an cháis a dheimhniú agus le haon bheart ba chóir a ghlacadh, chun ceachtanna a fhoghlaim a chuirfeadh feabhas ar sheirbhísí sa todhchaí agus chun an pobal a chur ar a suaimhneas (*féach Caibidil 5, Rannán 5.20*).

## 2.10 Pointí nach mór cuimhneamh orthu

2.10.1 **Ní gá gurb ionann déine an chomhartha agus déine na drochúsáide.** Ní bhíonn gortuithe marfacha féidearthacha agus géara le feiceáil go soiléir i gcónaí. Is de réir a chéile a théann faillí agus drochúsáid mhothúcháinach agus shíceolaíoch i gcion ar dhuine agus b'fhéidir nach bhfeictear a dtorthaí go ceann i bhfad. Ba cheart go mbeadh sé ina chúis imní mura bhfuil na mínithe a thugtar ar aon dul leis na comharthaí atá le sonrú.

2.10.2 **Is féidir le faillí a bheith chomh marfach céanna le drochúsáid chorportha.** Is féidir léi moill a chur ar fhorbairt fhisiciúil, shíceolaíoch agus mhothúcháinach, drochshláinte ainsealach a chruthú agus damáiste suntasach fadtéarmach a dhéanamh. D'fhéadfadh leanaí a bheith i mbaol tromchúiseach díobhála dá barr. D'fhéadfadh cineálacha eile drochúsáide a bheith á dtabhairt roimhe sin, nó á dtabhairt ag an am céanna, agus caithfear déileáil leo.

2.10.3 **D'fhéadfaí dochar tromchúiseach fadtéarmach a dhéanamh do leanaí dá bhfulaingeoideas drochúsáid arís agus arís eile ar leibhéal íseal.** Tagraíonn an téarma díobháil ghéaraithe do na héifeachtaí a bhíonn ag go leor cúinsí agus imeachtaí tromchúiseacha i saol an linbh. D'fhéadfadh toradh na n-imeachtaí laethúla gan staonadh sin dul i gcion go mór ar an leanbh, d'fhéadfadh an tionchar sin méadú go tapa agus laghdú a dhéanamh ar an tuiscint atá ag an leanbh ar shábháilteacht agus ar féin-leas.

2.10.4 **Níl drochúsáid leanaí srianta do ghrúpa socheacnamaíoch, inscne nó cultúr amháin.** Caithfear gach comhartha a mheas sa chomhthéacs sóisialta agus teaghlaigh níos leithne. Sáraíonn easnaimh thromchúiseacha maidir le sábháilteacht agus leas leanaí noirm chultúrtha, shóisialta agus eitneacha agus caithfear aghaidh a thabhairt orthu.

2.10.5 **Níor chóir go dtabharfaí drochúsáid do leanbh nó do dhuine óg de bharr iompraíochta dhúshlánaigh.** D'fhéadfadh fadhbanna bainistíochta a bheith ag leanaí i gcúinsí áirithe. Níor chóir go bhféadfadh seo go mbeidís leochaileach do bhearta araíonachta géara nó faillí cúraim.

2.10.6 **Is féidir dochar a dhéanamh do dhea-bhail fhisiceach, mhothúcháinach agus shíceolaíoch linbh má nochtfar é nó í d'fhoréigean baile.** Tá na torthaí tromchúiseacha a bhíonn ag foréigean baile cruthaithe go maith.

- 2.10.7 **Cé gur mó an dochar a dhéanann faillí do leanaí óga, bíonn drochthoradh aici ar dhéagóirí freisin.** Bíonn an baol ann go nglacfaidh daoine óga páirt in iompar baolach de thoradh faillí. Mar shampla d'fheadfaidís imeacht ar a dteitheadh ón mbaile, an scoil a fhágáil go luath, páirt a ghlacadh in iompar frithshóisialta nó d'fhéadfadh fadhbanna a bheith acu ó thaobh sláinte mheabhrach agus andúile, lena n-áirítear an baol féinmharaithe.
- 2.10.8 **Is deacair uaireanta idirdhealú a dhéanamh idir táscairí drochúsáide leanaí agus angair eile atá fulaingthe ag leanaí agus teaghlaigh.** Níor chóir go mbainfeadh tuismitheoirí nó cúramóirí leas as díothacht, strus nó fadhbanna meabhairshláinte mar bhonn cirt maidir le faillíocha cúraim nó díobháil a dhéanamh. Caithfear tús áite a thabhairt do leas an linbh.
- 2.10.9 **D'fhéadfadh sé a bheith deacair oibriú i gcomhpháirt le teaghlaigh faillíocha.** Léiríonn taighde go bhféadfadh drogall a bheith ar theaghlaigh cabhair a lorg mar fhreagra ar na cúinsí a bhaineann le faillí.
- 2.10.10 **Is minic a dhéanann teaghlaigh ina mbíonn faillí á déanamh agus drochúsáid á tabhairt go minic iontu an-iarracht dallamullóg a chur ar ghairmithe.** Tá sé tábhachtach go mbeadh gairmithe ar an airdeall agus iad ag plé le cásanna agus gan glacadh le gach a ndeirtear leo. Ba cheart dóibh fianaise a lorg nuair a deirtear go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí agus labhairt ina n-aonar leis na leanaí a bhíonn i gceist.
- 2.10.11 **Ní mór d'oibrithe sóisialta scileanna maithe breathnóireachta agus anailíseacha a bheith acu** d'fhonn tuiscint a fháil ar nádúr an chaidrimh idir an tuismitheoir agus an leanbh, le comharthaí neamh-chomhlíonta a thuiscint, le bheith in ann oibriú i gcomhar leis an teaghlach agus breitheanna sábháilte bunaithe ar fhianaise a dhéanamh faoi cad is fearr a dhéanamh.
- 2.10.12 **Ní bhíonn cúrsaí cinnte i gcónaí nuair a bhíonn duine ag plé le cúrsaí drochúsáide leanaí agus faillí.** Nuair a deir tuismitheoirí go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí ba chóir d'oibrithe sóisialta agus do dhaoine gairmiúla dearcadh na 'neamhchinnteachta urramaí' a ghlacadh go dtí go mbíonn fianaise shoiléir ann go bhfuil an scéal amhlaidh.

### 3. Bunús maidir le hábhair imní a thuairisciú agus Nós Imeachta Tuairiscithe Caighdeánach

#### 3.1 Cuspóir

- 3.1.1 Tugtar treoir sa chaibidil seo don phobal i gcoitinne agus do dhaoine, idir ghairmithe agus oibrithe deonacha, atá ag obair le leanai nó atá i dteagmháil indéach leo agus a bhfuil imní orthu, nó a bhfuil barúil acu, go bhfuil dochar á dhéanamh do leanai nó faillí á déanamh orthu nó go bhfuil siad i mbaol dochair nó faillí. Tugtar cuntas achomair ar an nós imeachta caighdeánach chun faisnéis a thabhairt do na húdaráis reachtúla faoi chúrsaí a bhaineann le cosaint leanai atá ag déanamh imní dóibh.

#### 3.2 Freagracht maidir le drochúsáid nó faillí leanai a thuairisciú

- 3.2.1 Ba chóir do gach duine a bheith san airdeall go bhféadfadh drochúsáid a bheith á tabhairt do na leanai a bhfuil siad i dteagmháil leo nó go bhféadfadh faillí a bheith á déanamh orthu. Tá dualgas faoi leith sa chomhthéacs seo ar ghairmithe ar nós múinteoirí, oibrithe cúram leanai, gairmithe sláinte agus iad siúd a bhíonn ag obair le daoine fásta a bhfuil deacrachtaí móra acu feidhmiú mar thuismitheoirí maithe. Tá freagracht throm ar bhaill foirne agus ar dhaoine a bhíonn ag obair i gclubanna spóirt, i ngníomhaíochtaí pobail, clubanna óige, in earnálacha reiligiúnacha agus creidimh agus in eagraíochtaí eile a bhíonn ag freastal ar leanai.
- 3.2.2 Ba chóir Seirbhísí Leanai agus Teaghlaigh FSS a chur ar an eolas i gcónaí nuair atá **ábhar réasúnta imní** ag duine gur tugadh drochúsáid do leanbh, nó go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di, nó go bhfuil an baol ann go dtabharfar.
- 3.2.3 Ba cheart go mbeadh bonn fianaise ann faoin ábhar imní maidir le cosaint leanai a thugann le fios go bhféadfadh drochúsáid a bheith á tabhairt nó faillí á déanamh.
- 3.2.4 Lena chois sin ba chóir ábhar imní a chur in iúl do Sheirbhísí Leanai agus Teaghlaigh FSS go bhfuil duine áirithe ina *riosca féidearthach* do leanai, fiú mura féidir a rá go baileach cé hiad na leanai atá i gceist.
- 3.2.5 Seo coimriú ar na prionsabail ba chóir a leanúint maidir le drochúsáid nó faillí leanai a thuairisciú:
- (i) Caithfear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus leas an linbh;
  - (ii) Ba chóir tuairiscí a sheoladh gan mhoill chuig Seirbhísí Leanai agus Teaghlaigh FSS.
- 3.2.6 Ní mór freagra a thabhairt ar aon ábhar imní nó amhras réasúnta faoi dhrochúsáid nó faillí. Mura dtugtar aird ar na comharthaí nó mura ndéantar aon rud fúthu féadfar dochar leanúnach nó tuilleadh dochair a dhéanamh don leanbh.
- 3.2.7 Thug Alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 isteach an cúiseamh coiriúil maidir le **leanai a chur i mbaol go meargánta**. Luaitear san Alt:

‘Aon duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir agus a chuireann leanbh i mbaol go hintinneach nó go meargánta —

- (a) trína chur faoi deara, nó trína ceadú, aon duine a chur nó a fhágáil i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina íospartach nó ina híospartach díobhála tromchúisí nó drochúsáide gnéasaí, nó
- (b) trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil leanbh i riocht den sórt sin, tá sé nó sí ciontach i gcion.’

Is é an pionós a ghearrfar ar dhuine a fhaightear ciontach sa chion seo ná fíneáil (gan aon uasteorainn) nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon.

- 3.2.8 Tá dualgas reachtúil ar FSS na leanaí sin nach bhfuil cúram agus cosaint go leor á fháil acu a aithint, agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a chur ar fáil, agus leanaí a ghlacadh agus a chur faoi chúram FSS más gá é sin. Ní mór a dheimhniú do dhaoine a bhfuil ábhair imní tuairiscithe acu go ndéanfar an fhaisnéis atá curtha ar fáil acu a mheas go cúramach mar aon le faisnéis ar bith eile atá ar fáil, agus nach ndéanfar measúnú maidir le cosaint leanaí ach amháin má aithneofar riosca leordhóthanach.
- 3.2.9 Ba chóir do gach **gairmí** a bhfuil amhras air nó uirthi faoi dhrochúsáid leanaí a insint do na tuismitheoirí nó do na cúramóirí má tá tuairisc le seoladh chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó chuig an nGarda Síochána, mura gcuirfead an leanbh i mbaol de bharr é sin a dhéanamh.
- 3.2.10 Géillfidh FSS do mhianta daoine neamhghairmiúla a thuairiscíonn ábhair imní de mheon macánta agus a iarrann orthu gan a n-ainmneacha a lua ach a laghad agus is féidir, ach ní féidir ráthú a thabhairt nach mbeadh an t-eolas á lorg agus á thabhairt mar chuid d'imeacht breithiúnach. (Cuireann na hAchtanna um Chosaint sonraí cosaint ar fáil ó thaobh príobháideachta de, ach ní féidir aon rátháíocht a thabhairt faoi rúndacht má iarrtar an t-eolas go díreach mar chuid d'imeachtaí dlíthiúla.)

### 3.3 Teagmhálaithe Ainmnithe chun faillí nó drochúsáid a thuairisciú

- 3.3.1 Ní mór do gach eagraíocht, idir phoiblí agus phríobháideach, a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí nó a bhíonn i dteagmháil dhíreach le leanaí go rialta:
  - (i) Duine faoi leith a ainmniú le bheith ina t(h)eagmhálaí le gníomhaireachtaí eile agus le cabhrú le baill foirne nó oibrithe deonacha a bhfuil ábhar imní acu faoi chosaint leanaí.
  - (ii) Beidh an teagmhálaí ainmnithe freagrach as a chinntiú go leantar an nós imeachta tuairiscithe caighdeánach, chun go dtarchuirfead cásanna go pras ina bhfuil amhras faoi fhaillí nó drochúsáid leanaí chuig an té atá ainmnithe i Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó chuig an nGarda Síochána i gcás éigeandála nuair nach bhfuil fáil ar FSS.
  - (iii) Ba chóir don teagmhálaí ainmnithe a chinntiú go bhfuil cur amach acu ar chosaint leanaí agus ní mór dó nó di aon oiliúint a fháil a mheastar a bheith riachtanach chun iad féin a choinneáil ar an eolas maidir le forbairtí nua.

### 3.4 Nós Imeachta Tuairiscithe Caighdeánach

- 3.4.1 Má tá ábhar imní maidir le drochúsáid nó faillí le tuairisciú ag duine ba cheart é sin a dhéanamh gan mhoill chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Is féidir tuairisc a dhéanamh go pearsanta, ar an teileafón nó i scríbhinn. **Tá uimhreacha teagmhála gach oifig FSS ar fud na tíre le fáil in Aguisín 2 den treoir náisiúnta seo. Tá siad ar fáil freisin ar láithreán gréasáin FSS ([www.hse.ie](http://www.hse.ie)) nó le huimhir íosghlao FSS 1850 241850.**
- 3.4.2 B'fhéidir gur mhaith leat d'ábhar imní a phlé le gairmí sláinte nó go díreach le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS sula ndéanann tú cinneadh tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh (*féach teagmhálacha FSS in Aguisín 2*).
- 3.4.3 **Ní ceart ar chúinse ar bith leanbh a fhágáil i riocht ina bhféadfaí díobháil a dhéanamh dó nó dí nó go mbeadh sé nó sí i mbaol díobhála ag feitheamh ar idirghabháil FSS.** I gcás éigeandála nuair a cheapann tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir leat dul i dteagmháil le FSS, ba chóir duit dul i dteagmháil leis na Gardaí. Is féidir é sin a dhéanamh ag Stáisiún Garda ar bith.

- 3.4.4 Ba cheart **do ghairmithe, d'fhoirne agus d'oibrithe deonacha in eagraíochtaí a bhíonn ag obair le leanaí nó i dteagmháil leo, nó a chuireann seirbhísí ar fáil dóibh an Fhoirm Thuairiscithe Chaighdeánach a úsáid chun ábhair imní maidir le cosaint agus leas leanaí a thuairisciú do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS (féach Aguisín 3).** Más ar an teileafón a thugtar tuairisc ba chóir an fhoirm sin a chomhlánú níos déanaí agus a sheoladh ar aghaidh chuig FSS.
- 3.4.5 Déanfaidh FSS beart faoi gach cás a chuirfear faoina bráid fiú mura n-úsáidtear an Fhoirm Thuairiscithe Chaighdeánach.

### 3.5 Faisnéis atá le cur san áireamh agus tuairisc á déanamh

- 3.5.1 Braitheann cumas Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó an Gharda Síochána measúnú agus iniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí faoi dhrochúsáid leanaí, nó ar an amhras a léiríonn daoine faoi, ar mhéid agus ar cháilíocht na faisnéise a thugann na daoine sin a léiríonn a n-imní dóibh. Ba chóir oiread agus is féidir de na sonraí seo a leanas a chur ar fáil:
- (i) ainm, seoladh agus aois an linbh (nó leanaí) faoina bhfuil an tuairisc á déanamh;
  - (ii) ainm na scoile ar a bhfuil an leanbh ag freastal;
  - (iii) ainm agus sonraí teagmhála an duine atá ag tuairisciú an ábhair imní;
  - (iv) cibé an gairmí, duine a oibríonn le leanaí nó ball den phobal an té atá i mbun tuairiscithe;
  - (v) gaol an tuairisceora leis an leanbh;
  - (vi) cuntas iomlán faoin mbonn atá leis an ábhar imní i ndáil le cosaint agus leas an linbh nó na leanaí, m.sh. mionsonraí faoin líomhain, faoin eachtra, dátaí, tuairisc ar aon díobhálacha, srl;
  - (vii) ainmneacha agus seoltaí tuismitheoirí nó cúramóirí an linbh nó na leanaí;
  - (viii) ainmneacha na leanaí eile atá sa teaghlach;
  - (ix) ainm, seoladh agus sonraí an duine faoina líomhnaítear cúis imní i ndáil leis an leanbh nó na leanaí;
  - (x) tuairim an linbh féin agus/nó na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí más eol agus ábhartha;
  - (xi) ainmneacha agus seoltaí pearsanra nó gníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu leis an leanbh nó leis na leanaí, m.sh. dochtúir, oibrí sóisialta, altra sláinte poiblí, Gardaí, srl;
  - (xii) aon fhaisnéis ábhartha eile.

### 3.6 Nochtadh faisnéise atá ag dul siar píosa fada ag daoine fásta

- 3.6.1 Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine fásta atá ag tabhairt le fios gur tugadh drochúsáid dóibh le linn a n-óige. Tagann nochtadh den sórt sin chun solais go minic nuair a bhíonn daoine fásta ag freastal ar sheisiúin chomhairleoireachta. **Tá sé riachtanach a fháil amach cibé an bhfuil aon bhaol ann faoi láthair d'aon leanbh a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil leis an droch-úsáideoir líomhnaithe a luaitear i nochtadh den sórt sin.**
- 3.6.2 Ba chóir don chomhairleoir nó don ghairmí sláinte tuairisc faoin líomhain sin a thabhairt do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS gan mhoill má mheasann sé nó sí go bhféadfadh aon bhaol a bheith ann do leanbh atá i dteagmháil leis an té a bhfuil na líomhaintí déanta ina leith.
- 3.6.3 Tá **Seirbhís Náisiúnta Comhairleoireachta** FSS ann le cinntiú go n-éistfear leo siúd ar tugadh drochúsáid dóibh le linn a n-óige, go dtuigfear iad agus go mbeidh ómós don méid atá á dhéanamh acu. Seirbhís ghairmiúil rúnda chomhairleoireachta agus shícteiripe í, agus tá sí ar fáil saor in aisce i ngach réigiún sa tír (féach [www.hse-ncs.ie/en](http://www.hse-ncs.ie/en)). Féadfaidh daoine iarraidh ar ghairmithe cúram sláinte an tseirbhís a rochtain dóibh nó féadfaidh siad í a rochtain iad féin (Saorfón 1800 477477).

### 3.7 Cinneadh maidir le hábhar imní faoi chosaint leanaí a nochtadh

- 3.7.1 Is deacair a chur ar a súile do dhaoine go bhféadfadh tuismitheoirí nó daoine eile atá i bhfeighil leanaí dochar a dhéanamh dóibh nó faillí a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh luí a bheith ag daoine ar an ábhar sin a shéanadh go bhfuil dochar á dhéanamh do leanbh, nó an dochar a laghdú nó leithscéalta a cheapadh faoi na comharthaí go bhfuiltear á dhéanamh, fiú nuair atá fianaise ann go bhfuil. Bíonn sé deacair uaireanta idirdhealú a dhéanamh idir ócáidí drochúsáide agus na cinn sin ina bhfuil fadhbanna sóisialta eile mar difhostaíocht, bochtaineacht, drochthithíocht, galar intinne nó aonrú i gceist. Má bhíonn bá ag duine le teaghlach a bhfuil deacrachtaí acu is féidir leis sin teacht salach ar an imní phearsanta nó ghairmiúil a bhíonn ar dhuine faoi shábháilteacht agus leas leanaí. Caithfear tús áite a thabhairt do chosaint agus leas an linbh thar aon ní eile áfach.
- 3.7.2 Is iomaí uair a bhíonn drogall ar dhaoine aon rud a dhéanamh faoin imní atá orthu faoi dhrochúsáid nó faillí leanaí toisc go bhfuil eagla orthu nó toisc nach bhfuil siad cinnte. D'fhéadfadh imní a bheith ar bhaill den phobal nó ar ghairmithe faoin méid a thitfeadh amach dá bharr, nó go gceapfaí go raibh siad neamh-mhothálach, nó d'fhéadfadh drogall a bheith orthu rún a nochtadh nó a bheith mídhílis. Is trí eolas a bheith ag an duine faoi dhrochúsáid leanaí a thiocfaidh deireadh leis an drogall a bhíonn orthu rud éigin a dhéanamh faoi. Cabhróidh sé leo freisin muintín a bheith acu as na seirbhísí cosanta leanaí.
- 3.7.3 Tá sé de chúram ar gach gníomhaireacht atá ag obair le leanaí agus don phobal i gcoitinne ábhair imní faoi chosaint leanaí a aithint agus iad a insint do na gníomhaireachtaí atá freagrach as measúnú nó imscrúdú a dhéanamh orthu. Níl sé de dhualgas orthu cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil ábhar imní ann faoi chosaint leanaí nó nach bhfuil.

### 3.8 Cásanna nár tuairiscíodh do FSS ná don Gharda Síochána

- 3.8.1 Sna cásanna sin ina ndéanann an eagraíocht cinneadh gan ábhar imní a nochtadh do FSS ná don Gharda Síochána ba chóir ráiteas soiléir i scríbhinn a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a tharraing anuas an t-ábhar imní ag insint na gcúiseanna nach bhfuil an eagraíocht ag déanamh aon rud faoin scéal. Ba chóir a mheabharrú don fhostaí nó don oibrí deonach sin go bhféadfaidh siad dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána nó le FSS nó tuairisc a thabhairt dóibh má tá imní orthu fós faoin scéal. Beidh feidhm le forálacha an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 má thugann siad tuairisc dóibh 'go réasúnach agus de mheon macánta' (*féach Mír 3.10.1*).

### 3.9 Rúndacht

- 3.9.1 Is minic a bhraitheann cosaint éifeachtach leanaí ar a thoilteanaí is atá na foirne in eagraíochtaí reachtúla agus deonacha faisnéis ábhartha a roinnt agus a mhalartú. Ar an ábhar sin tá sé rí-thábhachtach go dtuigfí go soiléir na freagrachtaí gairmiúla agus dlíthiúla atá ann maidir le rúndacht agus malartú faisnéise.
- 3.9.2 Is ar bhonn riachtanais ba chóir faisnéis faoi gach ábhar imní nó measúnú faoi dhrochúsáid nó faillí linbh a roinnt leis na húdaráis reachtúla ábhartha, agus é sin a dhéanamh ar mhaithe le leas an linbh.
- 3.9.3 Ní féidir aon ghealltanais a thabhairt maidir le rúndacht. Ba chóir dóibh siúd atá ag obair le leanbh agus le teaghlach é sin a insint go soiléir do na páirtithe ar fad lena mbaineann an cás bíodh is gur féidir a insint dóibh gur féidir leo a bheith cinnte go ndéanfar an fhaisnéis go léir a láimhseáil ag cur na gceanglas dlíthiúil san áireamh go hiomlán.
- 3.9.4 Tugann na cóid eiticiúla agus reachtúla maidir le rúndacht agus cosaint sonraí treoir ghinearálta. Níl sé d'aidhm acu srian nó cosc a chur ar ghairmithe éagsúla atá freagrach as cosaint agus leas leanaí a bheith ag malartú faisnéise le chéile. **Ní sárú rúndachta ná sárú ar chosaint sonraí é faisnéis a thabhairt do gníomhaireachtaí reachtúla ar mhaithe le leanbh a chosaint.**
- 3.9.5 Ní mór a thuiscint go soiléir nach féidir faisnéis a fhaightear chun críche amháin a úsáid chun críche eile gan dul i gcomhairle leis an té a thug an fhaisnéis sin ar an gcéad dul síos.

- 3.9.6 Ba chóir go mbeadh ceist seo na rúndachta ina dlúthchuid den oiliúint is gá a thabhairt do bhaill foirne a oibríonn i réimse na cosanta leanaí agus ina cuid den oiliúint ghinearálta a thugtar do na foirne in eagraíochtaí a oibríonn le leanaí. Ba chóir go mbeadh beartas i scríbhinn ag gach eagraíocht maidir leis.

### 3.10 Cosaint dhlíthiúil

- 3.10.1 Tugann **an tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998** cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a thuairiscigh drochúsáid leanaí 'go réasúnach agus de mheon macánta' d'oifigh ainmnithe de chuid FSS nó do bhall ar bith den Gharda Síochána (*féach Aguisín 10*). Tá an chosaint seo le fáil ag eagraíochtaí chomh maith le daoine aonair. Ciallaíonn sé seo, fiú dá bhfaighfí amach nach raibh bunús ar bith le hamhras a cuireadh in iúl faoi dhrochúsáid leanaí, go mbeadh ar ghearánaí a thionscnódh caingean a chruthú i gcás an duine a thuairiscigh an t-ábhar imní sin nár ghníomhaigh sé nó sí go réasúnach agus de mheon macánta.
- 3.10.2 Féadfaidh cosaint na pribhléide srianta a bheith ag duine faoin dlí coiteann a thugann tuairisc de mheon macánta agus ar mhaithe le leas an linbh.

### 3.11 Saoráil faisnéise

- 3.11.1 D'ainneoin go bhfuil gá do gach duine gairmiúil a bhfuil baint acu le cásanna um chosaint agus leas leanaí faisnéis ábhartha a roinnt, tá taifid rúnda mar sin féin. Ní le daoine aonair iad (seachas cleachtóirí neamhspleácha) agus bíonn siad i seilbh na n-eagraíochtaí a choinníonn iad. Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 tá ceart rochtana ag baill an phobail ar thaifid a bhaineann leo atá i seilbh aon chomhlacht poiblí, agus tá an ceart acu go leasófaí faisnéis oifigiúil fúthu féin i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin míchruinn nó míthreorach, nó nuair nach bhfuil sí iomlán. Tá sé de cheart ag baill an phobail chomh maith cúiseanna a fháil maidir le cinntí a dhéantar fúthu féin. Próiseáiltear iarratais chun taifid a fheiceáil tríd an gcomhlacht poiblí ina bhfuil na taifid ar an gcéad dul síos. Má dhéantar rochtain a dhiúltú, is féidir an cinneadh a achomharc agus is é an t-eadránaí bunaidh ná an Coimisinéir Faisnéise. Tá feidhm ag na hAchtanna maidir le FSS i láthair na huaire, ach ní i gcás an Gharda Síochána.
- 3.11.2 Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 cearta den chineál céanna do dhaoine aonair rochtain a fháil ar shonraí pearsanta fúthu atá ina seilbh ag aonán ar bith cibé acu san earnáil phoiblí nó phríobháideach atá sé. Baineann an ceart rochtana sin le taifid i seilbh FSS agus an Gharda Síochána. Mar sin féin, ní bhaineann an ceart rochtana le réimse cúinsí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs leas leanaí. Mar an gcéanna, ní bhaineann an ceart rochtana le haon fhaisnéis a d'ainmneodh tríú páirtí nuair a bhí an tríú páirtí sin ag súil le rúndacht. Dá thoradh sin, ní bheadh sé riachtanach dá ndéanfaí iarratas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí aon fhaisnéis a sholáthar a d'ainmneodh duine atá ag déanamh tuairisce faoi leas leanaí.
- 3.11.3 Tá liosta iomlán den reachtaíocht ábhartha a bhaineann le cosaint agus leas leanaí ar fáil in Aguisín 7 den treoir náisiúnta seo.

## 4. Comhoibriú idirghníomhaireachta: Róil agus freagrachtaí gníomhaireachtaí agus daoine a bhíonn ag obair le leanaí

### 4.1 Cuspóir

- 4.1.1 Níl na scileanna ná an t-eolas ná na hacmhainní go léir ag gairmí ar bith le déileáil go huileghabhálach le riachtanais aon chás faoi leith. Ar an ábhar sin ní mór cur chuige comhordaithe a bheith ag na gairmithe agus ag na heagraíochtaí go léir atá ag déileáil le leanbh agus lena t(h)uismitheoirí nó lena c(h)úramóirí. Aithnítear sa chaibidil seo róil agus freagrachtaí an Rialtais Láir, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Gharda Síochána agus eagraíochtaí eile atá ag obair le leanaí. Leagtar amach freisin na buntáistí a bhaineann le comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta.

### 4.2 Róil agus freagrachtaí an Rialtais Láir

- 4.2.1 Is ar an Rialtas Láir agus a ghníomhaireachtaí, go háirithe FSS, atá an fhreagracht as leas agus sábháilteacht leanaí a chur chun cinn, agus ba cheart dóibh a chinntiú go sroicheann na seirbhísí na caighdeáin arda sin atá ag teastáil le cosaint agus tacaíocht a thabhairt do leanaí. Tá freagracht ar an Rialtas Láir, tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, as an gcreat reachtach agus beartais a fhorbairt trína gcuirfead seirbhísí maidir le cosaint agus leas leanaí ar fáil agus trína ndéanfar iad a thomhas agus trína ndéanfar monatóireacht agus iniúchadh orthu. Déanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*.
- 4.2.2 Tá sé de dhualgas ar gach roinn Rialtais agus eagraíocht stát-mhaoinithe a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí nó a chuireann maoiniú ar fáil dóibh - go díreach nó go hindíreach trí mheán eagraíochtaí nó gníomhaireachtaí faoina coimirce - féachaint chuige go dtuigeann daoine sna heagraíochtaí ábhartha na treoirlínte atá i *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* agus go gcloítear leis na caighdeáin maidir le cosaint agus leas leanaí atá leagtha amach sa treoir sin nuair atá na seirbhísí á soláthar. Áirítear leis seo, go háirithe, na róil agus na freagrachtaí faoin treoir náisiúnta a chur in iúl go héifeachtach.

### 4.3 Buntáistí a bhaineann le comhoibriú idirghníomhaireachta agus malartú faisnéise i ndáil le leas agus cosaint leanaí

- 4.3.1 Tá roinnt buntáistí ag baint le comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta, lena n-áirítear:
- (i) cinntíonn sé go dtugtar freagra cuimsitheach ar gach ábhar imní maidir le leanaí. Áirítear leis seo scileanna agus acmhainní a chruinniú ag gach céim idirghabhála ón gcéad fhiosrúchán go dtí measúnú agus bainistiú an cháis, lena n-áirítear cás drochúsáide a aithint go tapa agus a chosc;
  - (ii) cinntíonn sé nach mbíonn aon bhearnaí i bhfreagra na seirbhíse go mór mór i gcásanna ina bhféadfadh faisnéis fanacht faoi cheilt murach é;
  - (iii) tugann gairmithe tacaíocht dá chéile i gcásanna casta.
- 4.3.2 Braitheann éifeachtacht agus úsáideacht an chomhoibrithe idir gníomhaireachtaí agus idir gairmithe ar choinníollacha áirithe agus ba chóir aghaidh a thabhairt orthusan i gclár oiliúna. I measc na gcoinníollacha sin tá:
- (i) nósanna imeachta, treoirlínte agus beartais a scaipeadh ar bhonn rialta;
  - (ii) socruithe soiléire conartha a bheith ann idir gníomhaireachtaí reachtúla agus neamh-reachtúla;
  - (iii) go dtuigfeadh na gairmithe go léir a bhíonn ag déileáil le leanaí na freagrachtaí agus na róil atá acu maidir le leas leanaí a chur chun cinn agus go nglacfaidís go léir leo;

- (iv) go mbeadh muinín acu as a chéile maidir le malartú faisnéise;
- (v) go dtiocfaí ar shocrú faoi na cuspóirí coitianta maidir le leas agus sábháilteacht leanaí;
- (vi) go mbeadh na gairmithe éagsúla sásta meas a bheith acu ar obair a chéile beag beann ar an stádas nó an post atá acu sna gníomhaireachtaí agus sna heagraíochtaí éagsúla;
- (vii) tuiscint a bheith ann go bhféadfadh teannas idir gairmithe, claontuairimí, dearcadh éagsúil, iomaíocht agus iarrachtaí cosanta cosc a chur uaireanta le tosaíocht a thabhairt do leas leanaí.

- 4.3.3 Is minic a fhaigheann an fhoireann tosaigh mar theileafónaithe, rúnaithe agus fáilteoirí a bhuaileann leis an bpobal nó a bhíonn ag caint leo faisnéis phráinneach agus bíonn ról fíorthábhachtach cumarsáide acu. Ar an ábhar sin ba cheart go nglacfaidís páirt in oiliúint chun comhoibriú agus comhordú a chur chun cinn idir gníomhaireachtaí agus idir gairmithe (*féach Caibidil 10, Alt 10.5.6 freisin*).
- 4.3.4 Tá comhoibriú idir gníomhaireachtaí lán chomh tábhachtach ag na céimeanna deireanacha d'obair cosanta leanaí is atá sé ag an tús. Ba chóir do na daoine go léir a bhfuil baint acu le cás fanacht i dteagmháil le príomhoibrí an cháis (oibrí sóisialta de chuid FSS de ghnáth) agus aon fhaisnéis ábhartha a sheoladh ar aghaidh.
- 4.3.5 Ní cóir go mbeadh comhoibriú agus comhordú idir gníomhaireachtaí agus idir gairmithe mar aidhm neamhspleách ann féin. Caithfear tús áite a thabhairt i gcónaí do shábháilteacht agus do chosaint an linbh. Caithfear claonpháirteachas a sheachaint.

#### **Oibriú i gcomhpháirt le chéile - Malartú faisnéise**

- 4.3.6 Ní bheidh rath ar na socruithe maidir le cosaint agus leas leanaí mura n-oibríonn na foirne sna heagraíochtaí reachtúla agus neamh-reachtúla le chéile agus mura roinneann siad faisnéis ábhartha eatarthu agus go mór mór le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus leis an nGarda Síochána.

## **4.4 Róil agus freagrachtaí Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS**

- 4.4.1 Tá dualgais reachtúla áirithe ar FSS faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 maidir le cosaint agus leas leanaí. Áirítear leo sin:
- (i) Ní mór do FSS a bheith sásta faisnéis a ghlacadh ó aon fhoinse faoi aon leanbh nach bhfuil cúram nó cosaint leordhóthanach á thabhairt dó nó di;
  - (ii) tar éis faisnéis den sórt sin a fháil, caithfidh FSS iarracht a dhéanamh fáil amach cibé an bhfuil an leanbh atá i gceist ag fáil cúram agus cosaint leordhóthanach. Chuige sin ní mór di comhordú a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir ó gach foinse ábhartha agus an scéal a mheas;
  - (iii) má aithnítear leanbh nach bhfuil cúram agus cosaint go leor á thabhairt dó nó di tá sé de dhualgas ar FSS beart cuí a dhéanamh chun leas an linbh a chur chun cinn.
- 4.4.2 Tá FSS freagrach as seirbhís um chosaint agus leas leanaí a chur i bhfeidhm agus as nósanna imeachta agus treoir chleachtais i scríbhinn a cheapadh agus a chur chun cinn, agus as ceannaireacht a thabhairt agus as tiomantas maidir le comhoibriú agus oiliúint idirghníomhaireachta a chur chun cinn. Tá FSS freagrach freisin astu seo a leanas:
- (i) athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar gach beartas agus nós imeachta maidir le hobair chomhpháirteach;
  - (ii) acmhainní a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí cosanta leanaí a bheidh ag teacht leis na beartais;
  - (iii) struchtúir shoiléire bainistíochta, oiliúint agus maoirseacht a chur ar fáil don fhoireann go léir atá i mbun obair um chosaint agus leas leanaí;
  - (iv) córais faisnéise éifeachtacha a fhorbairt agus a chothabháil;

- (v) caighdeán a fhorbairt agus a choinneáil mar aon le córas rialaithe cáilíochta;
- (v) nósanna imeachta a fhorbairt a chuirfidh ar chumas tuismitheoirí nó cúramóirí, leanaí agus daoine eile aighneachtaí (agus gearáin) a dhéanamh;
- (vi) comhairle a fhoilsiú a inseoidh don phobal i gcoitinne, do ghairmithe agus d'aon duine atá ag tabhairt aire do leanbh cé ar chóir dul i dteagmháil leo má tá imní orthu go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh nó go bhfuil an baol ann go bhféadfaí é sin a dhéanamh;
- (vii) nósanna imeachta a fhorbairt chun faisnéis a chosaint agus le cinntiú go n-aistreofar taifid in am tráth nuair a ghluaiseann leanbh a bhfuil imní faoina c(h)osaint nó teaghlach ó limistéar FSS amháin go ceann eile nó ó dhlínse amháin go ceann eile. Ba chóir a lua sa nós imeachta gur gá go mbeadh toiliú, bunús dlí, nó ábhar imní tromchúiseach maidir le cosaint leanaí ann sula n-aistreofar faisnéis chuig dlínse eile.

4.4.3 Tá duine ainmnithe i ngach limistéar ina bhfuil Oifig Áitiúil Sláinte de chuid FSS atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí um chosaint leanaí. Tá na daoine seo freagrach as:

- (i) glacadh le gach fógra faoi dhrochúsáid leanaí (*féach Caibidil 5*);
- (ii) cinntiú a dhéanamh maidir le comhdhálacha ar chosaint leanaí a chur ar siúl;
- (iii) comhoibriú idir gníomhaireachtaí maidir le cosaint agus leas leanaí a chur chun cinn;
- (iv) comhoibriú idir gairmithe agus idir cláir chun cosaint agus leas leanaí a chur chun cinn;
- (v) maoirsiú a dhéanamh ar chlár oiliúna foirne;
- (vi) dul i mbun caibidlíochta maidir le comhaontuithe seirbhíse le soláthraithe neamhreachtúla seirbhísí.

4.4.4 Ní mór dlúth-chompháirtíocht oibre agus comhoibriú a bheith idir gairmithe agus idir gníomhaireachtaí chun córas éifeachtach cosanta leanaí a chur ar fáil. Tá comhoibriú idir na príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ag teastáil chuige seo.

4.4.5 Féadfaidh FSS athdhearadh a dhéanamh ar a struchtúir agus a próisis ghnó i ndáil le cosaint agus leas leanaí chun feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí. D'fhéadfadh rudaí mar athbhreithniú téarmaíochta agus athrú nósanna imeachta a bheith i gceist leis seo (mar shampla, foirmeacha caighdeánaithe a chur ar fáil). Ní mór go mbeadh athruithe den sórt sin ag teacht leis an treoir faoi bheartas náisiúnta faoi mar atá leagtha síos sa leagan reatha de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*. Ní mór iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud FSS agus ní mór iad a chur in iúl go soiléir do gach ball foirne ábhartha, úsáideoirí seirbhíse agus gníomhaireachtaí eile.

## 4.5 Róil agus freagrachtaí an Gharda Síochána

4.5.1 Is é an fáth a mbíonn páirt ag an nGarda Síochána i gcásanna líomhnaithe faillí agus drochúsáide leanaí ná toisc gurb é an príomhdhualgas atá orthu ná an pobal a chosaint agus ciontóirí a thabhairt chun láimhe. Is ar an nGarda Síochána a bhíonn an fhreagracht fhoriomlán maidir le himscrúdú coiriúil a stiúradh má bhíonn amhras ann go ndearnadh coir. Is é gnó an Gharda Síochána daoine a chur faoi agallamh agus ráitis a ghlacadh a chuirfear sa chomhad fiosraithe coiriúil.

4.5.2 Cé go ndéanann an Garda Síochána an fiosrúchán is ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí atá sé cinneadh a dhéanamh faoi ionchúiseamh a thabhairt ar aghaidh agus é a chur i gcrích.

### Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

4.5.3 Déanann Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GCVU) grinnfhiosrúchán ar dhaoine ar iarratas ó eagraíochtaí ar mian leo daoine a fhostú le bheith ag obair i gcáil socrúchán lánaimseartha, páirtaimseartha, deonach nó mar mhac léinn le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha. Soláthraíonn

GCVU an tseirbhís ghrinnfhiosrúcháin do gach earnáil a éilíonn grinnfhiosrúchán trí 'lárphointe teagmhála' earnála. Próiseálann siad na hiarratais ar ghrinnfhiosrúchán go lárnach don earnáil sin. Ceaptar Sínitheoir Údaraithe mar phointe teagmhála i ngach eagraíocht le foirmeacha a sheoladh ar aghaidh chuig an GCVU agus má bhíonn aon nochtadh le déanamh faoi dhuine seolann na Gardaí ar ais é faoi rún chuig an Sínitheoir Údaraithe. Is féidir le fostóir ionchasach na himpleachtaí a mheas ansin trí chur chuige bainistíochta riosca a úsáid. Ní dhéileálann an GCVU le hiarratais ó dhaoine aonair ar ghrinnfhiosrúchán. Ní mór do dhuine aonair iarratas a dhéanamh i scríbhinn tríd an eagraíocht dá bhfuil a réimse oibre cleamhnaithe.

- 4.5.4 Cuid de dhea-chleachtas earcaíochta é grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a fháil. Cé nach bhfuil aon dualgas reachtúil ann faoi láthair go ndéanadh na Gardaí grinnfhiosrúchán, tá sé i gceist bonn reachtúil a chur faoi. **Ní dhéanann** an GCVU cinneadh faoina oiriúnaí is atá aon duine le bheith ag obair le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha. Is éard a dhéanann an GCVU nuair a fhaigheann siad iarratas i scríbhinn ar ghrinnfhiosrúchán ná go dtugann siad faisnéis don eagraíocht atá ag smaoineamh ar dhuine a earcú faoi aon eachtraí coiriúla a raibh baint ag an té sin leo. Is ar an eagraíocht earcaíochta a bhíonn an fhreagracht maidir le cinneadh a dhéanamh faoi oiriúnacht duine ar bith agus níor chóir go mbeadh torthaí an ghrinnfhiosrúcháin ach ina ghné amháin den chinneadh sin.
- 4.5.5 Ní mór d'fhostóirí agus do cheannairí na n-eagraíochtaí sin ina bhfuil rochtain ag oibrithe deonacha agus ag baill foirne ar leanaí cleachtais slána earcaíochta a chur i bhfeidhm i gcónaí, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar iarratasóirí agus ar bhaill foirne, seiceáil cúramach a dhéanamh ar litreacha tagartha agus ar nósanna imeachta agallaimh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhea-chleachtas gairmiúil.

## 4.6 Comhoibriú idir an Garda Síochána agus Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS

- 4.6.1 Tá feidhmeanna, cumhachtaí agus modhanna oibre éagsúla ag an nGarda Síochána agus ag Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Is é leas an linbh agus an teaghlaigh príomhchúram FSS. Dírionn an Garda Síochána a n-aire go príomha ar choireanna líomhnaithe a iniúchadh agus féachaint an ndearnadh coir. Cuid lárnach den tseirbhís um chosaint agus leas leanaí is ea comhoibriú idir Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus an Garda Síochána agus tá cur síos níos iomláine air i gCaibidil 7.

## 4.7 Róil agus freagrachtaí Gníomhaireachtaí Reachtúla agus Eagraíochtaí Neamhreachtúla Eile

- 4.7.1 Tá go leor eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus a bhíonn ag obair leo agus i dteagmháil dhíreach leo. Eagraíochtaí reachtúla is ea cuid acu. Tá cuid eile neamhreachtúil nó is eagraíochtaí neamhbhrabúsacha iad, agus tá cinn eile fós próbháideach agus iad ag iarraidh brabús a dhéanamh. Ní mór do gach eagraíocht a bhfuil baint acu le leanaí cúram den chaighdeán is airde is féidir a sholáthar dóibh chun a ndea-bhail a chur chun cinn agus iad a chosaint ó dhrochúsáid. Féadfaidh eagraíochtaí a bheith freagrach ó thaobh an dlí de má theipeann orthu cúram agus cosaint leormhaith a chur ar fáil do na leanaí faoina gcúram.
- 4.7.2 Ba chóir do gach eagraíocht reachtúil, dheonach agus phobail a bhíonn ag obair le leanaí, nósanna imeachta agus treoirínte a bheith acu, dá mbaill foirne agus dá n-oibrithe deonacha atá **bunaithe ar an leagan reatha de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta**. Níor chóir go dtiocfadh ábhar na dtreoirínte áitiúla salach ar na treoirínte náisiúnta, ach d'fhéadfadh sonraíocht áirithe nó míniú cuí a bheith ann maidir le cúinsí áitiúla (*féach Aguisín 8 chun treoir a fháil faoi nósanna imeachta áitiúla a fhorbairt maidir le cosaint leanaí*). Beidh ar eagraíochtaí deonacha agus pobail, mar shampla, nósanna imeachta sonracha a leagan amach faoi conas freagra a thabhairt ar ábhair imní nó amhras faoi dhrochúsáid leanaí. **Cabhróidh Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS le heagraíochtaí a bhfuil na treoracha náisiúnta curtha in oiriúint acu dá gcúinsí áitiúla agus ar mian leo go ndéanfaí athbhreithniú orthu le féachaint cé chomh héifeachtach is atá siad. Ba chóir treoirínte áitiúla comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig FSS agus é sin a dhéanamh mar nós dea-chleachtais.**

- 4.7.3 Tugann *Ár nDualgas Cúraim: Prionsabail an dea-chleachtais chun cosaint a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga* a foilsíodh in 2002 treoir ar leith do na **hearnálacha pobail agus deonacha** faoi chleachtais chun leas agus cosaint leanaí a chur chun cinn. Tá cur síos sa doiciméad sin ar na céimeanna atá le glacadh má tá amhras ann faoi dhrochúsáid leanaí, nó má tá a leithéid feicthe nó nochta. Tá faisnéis ann freisin faoi nósanna imeachta agus beartais earcaíochta sábháilte a fhorbairt. Ba chóir é a léamh in éineacht leis an treoir náisiúnta.
- 4.7.4 Fostaíonn FSS Oifig Faisnéise agus Chomhairle le haghaidh *Tús Áite do Leanaí* atá ar fáil chun teagmháil a bheith acu le heagraíochtaí deonacha agus pobail agus le comhairle a thabhairt dóibh faoi cheisteanna um chosaint leanaí. Ba chóir go bhféadfadh eagraíochtaí deonacha agus pobail páirt a ghlacadh sna cúrsaí oiliúna ábhartha.
- 4.7.5 Tá dualgas foriomlán corparáideach ar gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí na modhanna seo a leanas a úsáid chun na leanaí a chosaint:
- (i) leas ginearálta, sláinte, forbairt agus sábháilteacht na leanaí a chur chun cinn;
  - (ii) modh soiléir slán a ghlacadh maidir le baill foirne agus oibrithe deonacha a earcú agus a roghnú agus é sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
  - (iii) treoir agus nósanna imeachta a fhorbairt do bhaill foirne nó d'oibrithe deonacha a bhféadfadh ábhar réasúnta imní a bheith acu faoi shábháilteacht agus leas na leanaí a bhfuil baint acu leis an eagraíocht. Níor chóir ligean do na nósanna imeachta seo claonadh óna bhfuil sa leagan reatha de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*, ach d'fhéadfaidís míniú breise a thabhairt chun go n-oirfidís do chúrsaí agus do thosca áitiúla. Tá sé d'fhreagracht ar Bhord Stiúrthóirí nó Bainistíochta gach eagraíochta a chinntiú go bhfuil a leithéid de bheartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go héifeachtach (*féach Aguisín 8 chun treoir a fháil faoi fhorbairt nósanna imeachta áitiúla um chosaint leanaí*);
  - (iv) duine faoi leith a ainmniú le bheith ina t(h)eagmhálaí le gníomhaireachtaí eile agus le cabhrú le baill foirne nó oibrithe deonacha a bhfuil ábhar imní acu faoi leas agus cosaint leanaí. Beidh an teagmhálaí ainmnithe freagrach as insint do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó don Gharda Síochána faoi líomhaintí nó ábhair imní maidir le drochúsáid leanaí;
  - (v) a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta soiléire i scríbhinn ag an eagraíocht faoi cad is cóir a dhéanamh má fhaightear líomhaintí maidir le drochúsáid i gcoinne fostaithe nó oibrithe deonacha (*féach Aguisín 9 ina bhfuil treoir d'fhostóirí faoi conas déileáil le líomhain drochúsáide*);
  - (vi) feasacht a spreagadh san eagraíocht faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do leas agus sábháilteacht leanaí;
  - (vii) nósanna imeachta éifeachtacha a fhorbairt le déileáil le timpistí agus gearáin;
  - (viii) a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta soiléire ann i ndáil le taifid a choinneáil faoi ábhair imní maidir le cosaint agus leas leanaí agus go bhfuil siad éifeachtach, ag cur san áireamh mar is cuí a riachtanaí is atá sé a chinntiú go gcoimeádtar taifid den sórt sin slán. Ba chóir d'eagraíochtaí deonacha a dhéanann seirbhísí a riaradh trí roinnt aonad aonair caighdeánú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá acu maidir le taifead a choinneáil faoi leanaí atá i mbaol. Caithfidh gach gníomhaireacht atá ag déileáil le leanaí beartas a bheith acu maidir le comhoibriú le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS maidir le roinnt na dtaifead atá acu má thagann ceist chun cinn faoi chosaint nó leas leanaí.

## 4.8 Róil agus freagrachtaí Scoileanna

- 4.8.1 Is ar údarás scoileanna atá an phríomhfheagracht as cúram agus leas a gcuid daltaí. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna freagrach as nósanna imeachta um chosaint leanaí a fhorbairt agus a chur chun

feidhme do scoileanna agus iad bunaithe ar *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*. Is é aidhm na nósanna imeachta sin treoir a thabhairt do lucht bainistíochta scoileanna agus don fhoireann maidir le hábhair imní faoi chosaint leanaí a aithint agus freagra a thabhairt orthu agus tacaíocht leanúnach a thabhairt don leanbh. Tá sé d'fhreagracht ar an Roinn Oideachais agus Scileanna cigireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar conas atá na foirne oideachais ag cur na nósanna imeachta i bhfeidhm.

### **Freagrachtaí lucht bainistíochta scoileanna**

4.8.2 Tá sé de dhualgas ar gach Bord Bainistíochta scoile na rudaí seo a leanas a chinntiú:

- (i) nósanna imeachta soiléire a bheith ann a chaithfidh múinteoirí agus baill foirne eile na scoile a leanúint má tá barúil acu go bhfuil drochúsáid á tabhairt do leanbh nó má chuirtear ar an eolas iad go bhféadfadh sé a bheith ag tarlú, agus áirítear leis seo cásanna ina n-insíonn leanbh dóibh faoi dhrochúsáid nó faillí;
- (ii) ball sinsearach den fhoireann a cheapadh a bheidh freagrach as cosaint leanaí (*féach Caibidil 3, Alt 3.3 le cur síos a fháil ar ról na dteagmhálaithe ainmnithe*). D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach i scoileanna móra go sannfaí an ról sin do bhaill eile foirne le cinntiú go roinnfí ábhair imní go tráthúil eatarthu, agus sa chás sin ní mór cuntasacht eagraíochta a chinntiú;
- (iii) monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na leanaí sin a mheastar a bheith i mbaol;
- (iv) soláthar a dhéanamh sa churaclam le cabhrú le cosc a chur ar dhrochúsáid leanaí;
- (v) oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do bhaill den Bhord Bainistíochta le deimhin a dhéanamh de go bhfuil cur amach maith acu ar shaincheisteanna cosanta leanaí agus ar na nósanna imeachta;
- (vi) nósanna imeachta soiléire a bheith ann faoi na bearta is gá a ghlacadh má dhéantar líomhaintí in aghaidh fostaithe de chuid na scoile.

4.8.3 Bíonn an-deis ag múinteoirí súil a choinneáil ar leanaí agus féachaint an bhfuil comharthaí drochúsáide le tabhairt faoi deara. Is iad na múinteoirí príomhchúramóirí na leanaí lasmuigh den teaghlach agus bíonn siad i dteagmháil rialta leo ar scoil.

4.8.4 Tá dualgas cúraim ghinearálta ar mhúinteoirí a dheimhniú go bhfuil socrúithe déanta chun leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhíobháil. Ní mór cabhrú le daoine óga a bhféinmheas, a muinín agus an cumas atá acu smaoineamh go neamhspleách a fhorbairt mar aon leis na scileanna riachtanacha le déileáil le bagairtí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a sábháilteacht lasmuigh den scoil agus laistigh di. Ba chóir go mbeadh foráil faoi na nithe seo a leanas sna socrúithe bainistíochta i mbunscoileanna agus i scoileanna iar-bhunoideachais.

- (i) pleanáil, forbairt agus cur i bhfeidhm clár éifeachtach cosanta leanaí;
- (ii) monatóireacht leanúnach ar a leithéid de chlár agus measúnú ar a éifeacht;
- (iii) teacht ar chomhaontú faoi nósanna imeachta tuairiscithe agus iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach;
- (iv) cláir oiriúnacha forbartha agus oiliúna le haghaidh na foirne a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

### **Freagrachtaí na foirne scoile**

4.8.5 Má insíonn leanbh do mhúinteoir nó do bhall eile d'fhoireann na scoile go bhfuil tuismitheoir nó cúramóir nó duine eile ag déanamh díobhála dó nó di ba chóir don té sin éisteacht go cúramach leis an leanbh agus tacaíocht a thabhairt dó/di. Ba chóir an rud céanna a dhéanamh má thugann an leanbh le fios go bhféadfadh sé nó sí a bheith i mbaol díobhála ó thuismitheoir nó ó chúramóir nó aon duine eile. Baineann an socrú seo freisin le cás ina dtugann tuismitheoir nó cúramóir nó duine eile le fios go ndearna sé nó sí díobháil do leanbh nó go bhfuil baol ann go ndéanfaidh. Níor chóir an leanbh a chur faoi agallamh foirmiúil; níor chóir don mhúinteoir nó don bhall foirne eile na fíricí riachtanacha a bhaineann leis an

scéal a fháil ach amháin má tharlaíonn sé gur gá soiléiriú a fháil. **Níor chóir a ghealladh choíche don té atá ag nochtadh an scéil go ndéanfar é a choinneáil ina rún** faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus ní mór a mhíniú ar bhealach tacúil go bhfuil sé riachtanach tuairisc faoin scéal a chur faoi bhráid Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Ba chóir an comhrá a thaifeadadh go cruinn agus an taifead a choinneáil. Ba chóir don mhúinteoir nó don bhall eile foirne an scéal a insint don teagmhálaí ainmnithe atá freagrach as an scéal a thuairisciú do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó don Gharda Síochána i gcás práinne mura bhfuil FSS ar fáil.

## RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ NA HEARNÁLA SLÁINTE

### 4.9 Róil agus freagrachtaí Liachleachtóirí Ginearálta agus Foirne Cúraim Phríomhúil

- 4.9.1 Tá sé ar chumas Liachleachtóirí Ginearálta agus Foirne Cúraim Phríomhúil comharthaí drochúsáide agus faillí a aithint mar aon le comharthaí teannais sa teaghlach a d'fhéadfadh a bheith ina gcomharthaí luath go bhfuil baol ann maidir le drochúsáid leanaí. D'fhéadfadh eolas forleathan a bheith ag liachleachtóirí ginearálta ar chúlra baile a n-othar rud a chuirfeadh ar a gcumas cabhrú ar bhealach faoi leith chun drochúsáid a chosc, leanaí a chosaint agus tacaíocht fhadtéarmach a thabhairt don leanbh agus don teaghlach.
- 4.9.2 Ba chóir oiliúint oiriúnach a chur ar fáil do liachleachtóirí ginearálta agus d'fhoirne cúraim phríomhúil chun go n-aitneoidh siad comharthaí drochúsáide leanaí agus go mbeidh a fhios acu faoi na nósanna imeachta áitiúla. Ba chóir go mbeadh sainthacaíocht shoiléir acu agus maoirseacht chliniciúil.
- 4.9.3 Cé go bhfuil sé de dhualgas ar Liachleachtóirí Ginearálta breathnú i ndiaidh a n-othar go léir ba chóir dóibh tús áite a thabhairt do leas an linbh. Má bhíonn imní ar liachleachtóir go bhfuil an baol ann go dtabharfar drochúsáid d'aon sórt do leanbh, nó go bhfuil sí á tabhairt cheana féin, tá sé ffor-riachtanach go bpléifear na cúiseanna imní sin le Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS a luaithe agus is féidir.
- 4.9.4 Má tharlaíonn sé go bhfuil liachleachtóirí ginearálta in amhras faoi na comharthaí cliniciúla b'fhéidir go mbeidh orthu an scéal a phlé le gairmithe eile a bhfuil taithí acu ar a bheith ag déileáil le cásanna drochúsáide leanaí. Ba chóir go mbeadh a fhios acu an chaoi le dul i dteagmháil leis na daoine ábhartha chun comhairle shaineolach mhíochaine a fháil. Má bhíonn an liachleachtóir ginearálta sásta tar éis a leithéid de phlé a dhéanamh go bhfuil fáthanna réasúnta ann le ceapadh go bhfuil nó go raibh drochúsáid á tabhairt do leanbh nó faillí á déanamh air nó uirthi ba chóir don té sin an scéal a insint láithreach do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus an nós imeachta tuairiscithe caighdeánach a úsáid chuige sin (*féach Caibidil 3*).

### 4.10 Róil agus freagrachtaí Ospidéal

- 4.10.1 Tá baill foirne ospidéal cosúil le liathchleachtóirí ginearálta agus le foirne cúraim phríomhúil sa mhéid is go bhfuil áit thábhachtach lárnach acu ina bhféadfaidh siad cásanna a aithint a bhfuil fáthanna réasúnta imní ag baint leo maidir le cosaint agus leas leanaí agus go bhfuil sé ar a gcumas páirt a ghlacadh i measúnú na n-ábhar imní sin. Ba chóir socruithe comhordaithe oibre a bhunú idir ospidéal agus Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS chun drochúsáid leanaí a aithint agus tuilleadh idirghabhála a dhéanamh.
- 4.10.2 Ba chóir do bhaill foirne ospidéal a insint don bhainistíocht líne faoi ábhair imní atá acu. Ba cheart do lucht bainistíochta ospidéal leanaí a chosaint agus drochúsáid a chosc trí scéal a chur chuig na gníomhaireachtaí cuí faoi na leanaí agus na teaghlaigh sin a bhfuil seirbhísí tacaíochta riachtanach dóibh.
- 4.10.3 Ba chóir don fhoireann a bhíonn ag bualadh leis an bpobal, go mór mór iad siúd atá sna rannóga éigeandála, a bheith san airdeall faoi chomharthaí gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí air nó uirthi nó go mb'fhéidir go dtarlódh sé sin. Ba chóir go nglacfadh na hospidéal córais taifeadta caighdeánaithe chun go dtabharfaí é faoi ndeara dá mbeadh leanaí ag teacht chucu arís agus arís eile agus gortuithe fulaingthe acu. Ba chóir tuairisc a thabhairt don bhainistíocht líne faoi aon ábhar imní a thugann

aon bhall foirne faoi deara. Tá sé fíor-riachtanach cur chuige ildisciplíneach a bheith ann. Ba chóir an stair mhíochaine agus shóisialta a fháil agus iad a thaifeadadh go cruinn faoi na réimsí seo a leanas:

- (i) na tosca inar tugadh an leanbh chun an ospidéal;
- (ii) mionsonraí na ndíobhálacha nó na gcomharthaí faillí eile;
- (iii) na mínithe a thug na tuismitheoirí nó na cúramóirí nó an leanbh féin;
- (iv) iompar ginearálta na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí nó an linbh féin;
- (v) stair an teaghlaigh;
- (vi) cá bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha an linbh nó leanaí atá sa chás céanna agus an bhfuil siad slán;
- (vii) cibé ar chóir an leanbh a ghlacadh isteach nó nár chóir, lena chinntiú go mbeidh sé nó sí slán.

4.10.4 Tá sé fíor-riachtanach go nglacfar cur chuige oscailte macánta nuair a bheifear ag déileáil leis na tuismitheoirí nó na cúramóirí. Caithfear gach eolas a thabhairt dóibh faoi na hábhair imní atá ann agus faoi aon mheasúnú breise míochaine nó sóisialta a dhéanfar agus go bhfuil sé ar intinn ag foireann an ospidéal scéal a chur chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS faoin ábhar imní.

4.10.5 Caithfear an leanbh a choinneáil ar an eolas ar bhealach oiriúnach faoina bhfuil ag tarlú agus ba chóir deis a thabhairt dó nó di a t(h)uairimí a nochtadh, ag cur a leibhéal aibíochta agus forbartha san áireamh. Ba chóir cabhrú leis na tuismitheoirí nó na cúramóirí agus na leanaí a bheith i dteagmháil lena chéile ach amháin má mheastar go gcuirfí an leanbh i mbaol dá ndéanfaí é sin. Caithfear riachtanas an linbh maidir le tacaíocht mhothúcháin a fháil óna t(h)uismitheoirí nó a c(h)úramóirí a mheá go cúramach i bhfianaise na himní atá ann faoina s(h)ábháilteacht.

#### **Scrúduithe míochaine**

4.10.6 Ba chóir comhoibriú na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí a lorg le haghaidh scrúduithe agus measúnaithe a mheastar a bheith riachtanach. Mura bhfuil siad sásta comhoibriú ní mór smaoineamh ar chaingean dlí a thionscnamh agus é sin a chur in iúl do na tuismitheoirí nó na cúramóirí (*féach Caibidil 5, Alt 5.18.3*).

#### **Drochúsáid mharfach leanaí**

4.10.7 Ní mór d'údaráis na n-ospidéal na bearta seo a leanas a ghlacadh má fhaigheann leanbh bás agus má tá amhras ann gur de thoradh drochúsáide a tharla sé nó má tá sé sin deimhnithe:

- (i) Ní mór an Garda Síochána agus Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS a chur ar an eolas láithreach;
- (ii) caithfear an Cróinéir a chur ar an eolas;
- (iii) caithfear sábháilteacht leanaí eile an teaghlaigh a mheas ar bhonn práinne;
- (iv) caithfear déileáil go han-tuisceanach le riachtanais mhéala an teaghlaigh.

### **4.11 Róil agus freagrachtaí na Seirbhísí Meabhairshláinte agus Andúile**

4.11.1 Ba chóir do ghairmithe atá ag cur cóireála ar dhaoine a bhfuil fadhb meabhairshláinte nó andúile acu leas agus sábháilteacht aon leanaí atá i dteaghlach an té sin agus/nó leanaí atá i dteagmháil leis an té sin go rialta a chur san áireamh freisin. Má bhíonn ábhair imní ann, caithfidh siad iad sin a phlé agus a thuairisciú do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS, faoi mar a léirítear sa nós imeachta tuairiscithe caighdeánach (*féach Caibidil 3*).

4.11.2 D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh gairmithe sna seirbhísí meabhairshláinte agus andúile d'aoisigh ag déanamh measúnaithe ar dhaoine a bhfuil drochúsáid tugtha acu do leanaí nó faillí déanta acu orthu. Ina leithéid de chásanna ní mór an baol a d'fhéadfadh a bheith ann d'aon leanbh a bhfuil an duine i dteagmháil leo a mheas agus a insint do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus d'aon seirbhís eile a bhfuil cóireáil nó cabhair eile á cur ar fáil acu don teaghlach.

- 4.11.3 I gcás ina mbítear ag obair le teaghlach agus ag déileáil leis an té atá freagrach as an drochúsáid agus leis an té a d'fhulaing í, ní mór an obair seo a chomhordú agus an fhaisnéis a roinnt idir na gairmithe. Caithfear tús áite a thabhairt i gcónaí do riachtanais an linbh. Má dhéantar cinneadh faoi thuismitheoirí nó faoi chúramóirí a bhfuil fadhb meabhairshláinte nó andúile acu, mar shampla iad a scaoileadh ar ais chuig a dteaghlaigh nó deireadh a chur lena gcóireáil, agus dá bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcinneadh sin ar chosaint agus ar leas an linbh, ní mór an cinneadh sin a chur in iúl don phearsana lena mbaineann in FSS.

#### 4.12 Róil agus freagrachtaí na Seirbhísí Síciatrachta do Leanaí agus Ógánaigh

- 4.12.1 Is minic a bhíonn seirbhísí síciatrachta do leanaí agus ógánaigh ag obair le teaghlaigh ar feadh tréimhsí fada agus bíonn deis acu fadhbanna maidir le cosaint leanaí a aithint. Tá sé de dhualgas ar an bhfoireann sna seirbhísí síciatrachta do leanaí agus ógánaigh a fháil amach chomh fada agus is féidir an bhfuil aon ábhar imní ann maidir le cosaint leanaí, agus má tá, é sin a thuairisciú do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS ansin.
- 4.12.2 Is ar FSS atá an fhreagracht fhoriomlán maidir leis na gnéithe ina bhfuil cosaint leanaí i gceist in aon chás. Ní mór do sheirbhísí meabhairshláinte eile lasmuigh de FSS nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí a bheith acu atá ar aon dul leo siúd atá ag FSS. Tá sé riachtanach go ndéanfaid siad a gcuid oibre a chomhordú le FSS ar bhealach a éascóidh comhbair idir an dá sheirbhís sa mhéid agus is féidir sin, d'fhonn deiseanna a uasmhéadú chun aon leanaí lena mbaineann a chosaint. Tá sé rí-thábhachtach go roinneadh an dá sheirbhís gach eolas eatarthu féin a bhaineann le sábháilteacht agus cosaint leanaí ag gach céim na hoibre.

#### 4.13 Róil agus freagrachtaí na Soláthraithe Cúram Sláinte Príobháideacha agus Soláthraithe Neamhrechtúla seirbhísí do leanaí

- 4.13.1 Ní mór do ghairmithe a bhíonn ag déileáil le leanaí agus teaghlaigh ar bhonn príobháideach, nó soláthraithe neamhrechtúla seirbhísí do leanaí, na treoirlínte maidir le cosaint leanaí a leanúint chomh maith. Tá sé de dhualgas ar an duine ainmnithe laistigh de FSS deimhin a dhéanamh de, chomh fada agus is féidir sin, go bhfaigheann gach cleachtóir príobháideach agus gach soláthraí neamhrechtúil cóipeanna de na nósanna imeachta chun ábhar imní a thuairisciú do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

#### 4.14 Róil agus freagrachtaí Gairmithe Sláinte Eile

- 4.14.1 Bíonn páirt mhór ag gairmithe sláinte eile maidir le cosaint agus leas leanaí. Cuireann siad leas leanaí chun cinn trí bhíthin cláir cur chun cinn sláinte agus cláir faireachais sláinte. Tá sé ar a gcumas ábhair imní maidir le cosaint leanaí a aithint agus a atreorú, páirt a ghlacadh i measúnuithe, freastal ar chomhdhálacha um chosaint leanaí agus oibriú i gcomhar le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS chun tacaíocht leanúnach a phleanáil don leanbh agus don teaghlach.

#### 4.15 Róil agus freagrachtaí Gníomhaireachtaí Reachtúla Eile

##### An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus an Chigireacht Seirbhísí Sóisialta

- 4.15.1 Údarás neamhspleách é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus bunaíodh é chun feabhas leanúnach a spreagadh i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann. Is é HIQA atá freagrach as caighdeáin cháilíochta a fhorbairt do sheirbhísí leasa agus cosanta leanaí, agus as feidhmíocht a mheas i gcomparáid leis na caighdeáin sin. Tá an Chigireacht Seirbhísí Sóisialta (SSI) laistigh de HIQA freagrach as cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí do leanaí faoi chúram agus i scoileanna coinneála.

### **An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais**

- 4.15.2 Tá feidhm reachtúil ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais chun a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar scoil nó go bhfaigheann siad oideachas ar shlí eile. Ní mór don Bhord clár a choimeád ina luaitear gach leanbh atá ag fáil oideachais in áit seachas scoil aitheanta, ar nós leanaí atá ag fáil a gcuid oideachais sa bhaile. Tá sé de dhualgas ar an mBord beart a dhéanamh i gcás leanaí nach dtéann ar scoil, nach bhfuil aon áit scoile acu nó nach bhfuil ag freastal ar scoil go rialta, agus i gcás ina bhfuiltear buartha faoi leas oideachais an linbh. Soláthraíonn Oifigigh Leasa Oideachais seirbhís go díreach do leanaí, do theaghlaigh agus do scoileanna lena chinntiú go bhfuil gach leanbh ag freastal ar oideachas agus ag baint leasa as. Díríonn siad ar na rudaí is cúis leis na fadhbanna a fhágann nach bhfuil an leanbh nó an duine óg ag freastal ar scoil a fháil amach agus bíonn siad ag obair le seirbhísí eile chun na bacainní ar fhreastal scoile a sháru. Bíonn deiseanna maithe ag na hOifigigh leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus atá an-leochaileach a aithint. Cuirfidh drochúsáid d'aon chineál isteach ar ionchais leasa oideachais an linbh agus tá sé de dhualgas ar an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais tuairisc a thabhairt má tá aon drochúsáid amhrasta nó follasach ann. Beidh prótacal idir an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus Seirbhís Oibre Sóisialta FSS trína n-aithneofar na príomhdheiseanna agus na príomhdhualgaí ar bhaill foirne sa dá ghníomhaireacht chun cumarsáid agus obair a dhéanamh le chéile maidir le leanaí leochaileacha.

### **An tOmbudsman do Leanaí**

- 4.15.3 Is oifig neamhspleách í Oifig an Ombudsman do Leanaí. Tá sí freagrach don Oireachtas, agus tá dualgaí reachtúla uirthi chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn agus a chosaint. Is iad a príomhfheidhmeanna:
- seirbhís neamhspleách a dhéileálann le gearáin maidir le comhlachtaí poiblí a chur ar fáil;
  - imscrúduithe a thionscnamh uaithi féin d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar cibé an bhfuil fadhbanna córasacha ann a d'fhéadfadh deacrachtaí do roinnt mhaith leanaí a chur faoi deara;
  - cearta leanaí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht agus trí ghníomhaíochtaí cumarsáide;
  - monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le hábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí;
  - comhairle a chur ar aon Aire Rialtais faoi ábhar ar bith a bhaineann le cearta agus leas leanaí;
  - a chinntiú go gcomhlíonann dlíthe, beartais agus cleachtais na hoibleagáidí agus na caighdeáin is airde de réir Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

### **An tSeirbhís Phromhaidh**

- 4.15.4 D'fhéadfadh baint a bheith ag oifigigh phromhaidh le cásanna drochúsáide agus faillí i dtaobh leanaí mar gheall ar an dualgas reachtúil atá orthu maoirsiú a dhéanamh ar chiontóirí, ina measc ciontóirí ar leanaí iad agus iad siúd a ciontaíodh as cionta in aghaidh leanaí. Lena chois sin ullmhaíonn na hoifigigh phromhaidh tuarascálacha faoi dhaoine ar cuireadh cionta coiriúla ina leith agus cuireann siad seirbhísí leasa ar fáil do phríosúnaigh agus dóibh siúd a scaoileadh amach as príosún le déanaí.
- 4.15.5 D'fhéadfadh siad teacht ar chásanna drochúsáide leanaí nó baol drochúsáide agus iad i mbun na ndualgas sin. Ba chóir don tSeirbhís Phromhaidh a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta socraithe chun go bhféadfar a insint do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS faoi aon chás drochúsáide leanaí nó aon chás ina bhfuil amhras faoi dhrochúsáid leanaí.

**CUID III:**

**Treoir do  
Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS  
agus do Ghairmithe Eile**

**Prótacal don  
Idirchaidreamh idir an Garda Síochána  
agus FSS**

---

## 5. Ábhair imní maidir le cosaint agus leas leanaí a Bhainistiú agus a Mheasúnú

### TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA

#### 5.1 Cuspóir

- 5.1.1 Sa chaibidil seo tá treoír ar fáil faoi na céimeanna atá le glacadh ag baill foirne i Seirbhísí Teaghlaigh agus Leanaí FSS agus ag gairmithe eile chun freagairt d'ábhair imní thuairiscithe faoi chosaint agus leas leanaí. Déantar cur síos ar an bpróiseas measúnaithe atá le leanúint, ionas gur féidir a fháil amach cibé an bhfuil forais réasúnacha ann le bheith imníoch. Cuirtear treoír ar fáil faoi úsáid éifeachtach a bhaint as comhdhálacha um chosaint leanaí, faoi phlean cosanta leanaí a fhorbairt agus faoi aidhmeanna agus cuspóirí na gcomhdhálacha athbhreithnithe um chosaint leanaí.

#### 5.2 Ateorú agus Measúnú

- 5.2.1 Caithfear beart a dhéanamh láithreach maidir le gach ábhar imní a bhaineann le cosaint agus leas leanaí a thuairiscítear do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS, agus caithfear iad a thaifeadadh go foirmiúil agus beart de bhreis a dhéanamh orthu a luaithe agus is féidir.
- 5.2.2 Is iondúil go ndéanann oibrí sóisialta FSS bearta de bhreis ar ábhair imní faoi chosaint agus leas leanaí a thuairiscíodh. Mar sin féin, d'fhéadfadh Bainisteoir Oibre Sóisialta FSS an ról seo a dháileadh ar ghairmí nó ar ghníomhaireacht eile a bhfuil dlúthbhaint acu leis an teaghlach. Mar rogha eile, d'fhéadfaí an obair a dhéanamh i gcomhar le FSS agus gníomhaireacht eile. Sna cúinsí seo, caithfidh na hionchais atá ag FSS nó gairmithe nó aon ghníomhaireacht neamh-FSS a bheith leagtha amach go soiléir. Caithfidh gairmí ar bith a bhfuil baint acu le bearta de bhreis a dhéanamh ar ábhair imní faoi chosaint agus leas leanaí, torthaí a gcuid fiosrúchán a thuairisciú do Bhainisteoir Oibre Sóisialta FSS gan mhoill.
- 5.2.3 Ba cheart do FSS nósanna imeachta measúnaithe caighdeánacha a fhorbairt maidir le hábhair imní a thuairiscítear faoi leanaí. Ba cheart a áireamh sna nósanna imeachta sin fógra a thabhairt don duine ainmnithe laistigh de FSS, fógra a thabhairt don Gharda Síochána, cruinnithe straitéise, comhdhálacha um chosaint leanaí, athbhreithniú um chosaint leanaí agus measúnú ar an mbaol don leanbh agus do leanbh ar bith eile sa chás céanna (*féach Caibidil 7 chun na sonraí go léir a fháil*).
- 5.2.4 Ba chóir do bhaill foirne ghairmiúla cloí le nósanna imeachta caighdeánacha FSS maidir le hábhair imní a thuairiscítear faoi leanaí.
- 5.2.5 Is féidir le measúnú ar ábhar imní faoi chosaint agus leas leanaí a bheith casta mar gheall ar thosca nach bhfuil aon neart ag na gairmithe lena mbaineann orthu, agus ní gá go mbeadh cosúil aige i gcónaí leis an bpróiseas eagraithe a bhfuil cur síos air sa treoír náisiúnta seo. Caithfear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus leas an linbh i gcónaí agus caithfear déileáil le fuilleach na dtascanna ar an mbealach is éifeachtaí agus is tapúla is féidir. Caithfear deacrachtaí ar bith maidir le rochtain faisnéise a thaifeadadh agus Bainisteoir Oibre Sóisialta FSS nó duine ainmnithe laistigh de FSS a chur ar an eolas fúthu.
- 5.2.6 D'fhéadfadh faisnéis ábhartha a bheith ag gníomhaireachtaí nó gairmithe neamh-FSS a chuirfeadh leis an measúnú ar ábhar imní faoi chosaint agus leas leanaí. D'fhéadfadh dochtúirí ginearálta, múinteoirí, comhairleoirí agus seirbhísí eile lena raibh teagmháil ag an leanbh agus/nó tuismitheoirí/cúramóirí a bheith san áireamh. Go hiondúil, níor chóir faisnéis a lorg ó ghairmithe a oibríonn lasmuigh de FSS, ach amháin nuair a cuireadh in iúl do na tuismitheoirí/cúramóirí go mbeidh an fhaisnéis sin á lorg. Cibé ar bith, más baol nach bhfuil teagmháil leis na tuismitheoirí/cúramóirí inmhianaithe ar an gcéad dul síos, an baol a bhraitear a bheith ann don leanbh, d'fhéadfadh gairmí FSS iarratas inchosanta a dhéanamh ar ghairmithe neamh-FSS le cibé faisnéis a eisiúint, a d'fhéadadh soiléiriú a dhéanamh ar an ábhar imní a thuairiscíodh ar dtús. Ba chóir an bonn dlíthiúil san Acht um Chúram Leanaí, 1991 faoina gceadaítear do ghairmithe neamh-FSS an fhaisnéis seo a sholáthar a lua nuair atá an t-iarratas á dhéanamh (*féach Aguisín 7*).

- 5.2.7 Is próiseas leanúnach atá i measúnú ar ábhair imní um leas agus chosaint leanaí agus leanann sé ar aghaidh fad is a bhíonn Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS ag déileáil leis an gcás.

### 5.3 Scagadh agus Réamhfiosrúcháin

- 5.3.1 Ní mór scagadh a dhéanamh ar thuairiscí agus ar iarratais ar sheirbhísí ionas gur féidir a fháil amach an bhfeileann siad do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.
- 5.3.2 Caithfear gach taifead FSS a sheiceáil a luaithe agus is féidir lena fháil amach an bhfuil baint ag an leanbh nó ag an teaghlach le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus nádúr na faisnéise atá ar fáil. Má chuirtear in iúl i dtaifid inmheánacha go bhfuil faisnéis laistigh de FSS maidir le cas cheana, ba cheart teagmháil a dhéanamh leis na gairmithe bunriachtanacha lena mbaineann mar is cuí.
- 5.3.3 D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an altra sláinte poiblí, dochtúir oifigiúil ceantair, oibrí sóisialta, oibrí cúram leanaí ábhartha nó le comhghleacaí FSS eile chun faisnéis a fháil nó soiléiriú ar fhaisnéis reatha.
- 5.3.4 Má tá cúis ann a chreidiúint go bhfuil díobháil déanta do leanbh nó go bhfuil baol go ndéanfar breis díobhála nó faillí leanúnach, nó go bhfuil a sábháilteacht agus a leas i mbaol, ar bhunús an ábhair imní thuairiscithe agus/nó aon fhaisnéise reatha, caithfear beart breise a dhéanamh ar an ábhar imní láithreach agus aon idirghabhálacha riachtanacha ar bith a dhéanamh. Ba chóir an fhaisnéis atá ar fáil a athbhreithniú le bainistíocht FSS agus a thaifeadadh go foirmiúil chun leibhéal freagartha atá oiriúnach a leagan síos.

### 5.4 Measúnú Tosaigh

- 5.4.1 Bíonn an measúnú tosaigh ar ábhair imní bunaithe de ghnáth ar eolas teoranta agus béim á leagan ar nádúr agus ar mhéid aon dochair agus shábháilteacht láithreach an linbh. Ba chóir go n-aithneodh an measúnú freisin, sa mhéid is féidir, cibé an bhfuil riachtanais an linbh á mbaint amach go sásúil agus cibé an bhfuil aon chabhair eile ag teastáil ón teaghlach chun aire a thabhairt don leanbh go sásúil. Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar na réimsí baol agus riachtanas is práinní a áireamh sa mheasúnú, agus go ndéanfaí láidreachtaí an teaghlaigh agus tosca cosanta a aithint agus na hacmhainní seirbhíse atá ar fáil a áireamh.
- 5.4.2 Bíonn roinnt tascanna tábhachtacha i gceist nuair a dhéanann FSS measúnú ar ábhar imní i dtaca le cosaint agus leas leanaí. Áirítear orthu seo:
- (i) a fháil amach leis an leanbh agus lena t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí cibé an bhfuil ábhar imní ann;
  - (ii) más gá, socrú a dhéanamh maidir le scrúdú leighis, measúnú do dhrochúsáid ghnéasach leanaí agus cóireáil leighis (*féach Rannán 5.18 chomh maith*);
  - (iii) cumarsáid le gairmithe ar bith a bhfuil baint acu leis an leanbh agus leis an teaghlach, agus a dtuairimí a fháil ar thuairisc na drochúsáide;
  - (iv) nádúr agus déine baol ar bith a aithint;
  - (v) láidreachtaí agus tosca ar bith a laghdódh an baol, cosúil le cúram cosanta, tacaíocht ó bhall an mhóртеaghlaigh nó cara, nó seirbhís tacaíochta teaghlaigh reatha;
  - (vi) nuair atá cinneadh déanta seirbhísí a thairiscint do leanbh agus dá t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí, caithfear an cas a dháileadh ar oibrí bunriachtanach mura bhfuil a leithéid déanta cheana féin.
  - (vi) cinneadh a dhéanamh ar bheart cosanta tosaigh go dtí go ndéanfar beart breise nó roimhe, amhail measúnú breise, cruinniú straitéise, comhdháil um chosaint leanaí nó measúinithe forbraíochta eile.
- 5.4.3 Má léiríodh tar éis measúnú a dhéanamh go bhfuil ábhar imní a tuairiscíodh bailí, agus má tá fadhbanna cosanta leanaí ann nár réitíodh, ba cheart iarratas ar chomhdháil um chosaint leanaí a dhéanamh chuig

an duine ainmnithe laistigh de FSS. I gcásanna eile, má aithnítear ábhar imní i dtaca le leas leanaí, ní mór soláthar seirbhísí tacaíochta a mheas. Sna cásanna sin, ina n-aithnítear ardleibhéal riachtanais, caithfidh Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS comhordú agus monatóireacht ar sheirbhísí a chinntiú trí mheán plean tacaíochta teaghlaigh (*féach Rannán 5.6*).

- 5.4.4 Ag pointe ar bith le linn an fhiosrúcháin tosaigh, d'fhéadfaí a bhreithniú go bhfuil sé oiriúnach cruinniú straitéise a réachtáil leis na gairmithe ábhartha ar fad (*féach Rannán 5.7*).

## 5.5 Ábhair imní gan bhunús

- 5.5.1 Nuair a chinntear tar éis measúnaithe nach raibh bunús le himní nó le hamhras, bíodh sé sin i dtús báire nó tar éis aon nósanna imeachta achomhairc ábhartha, ba cheart go léireofaí sin i gcomhaid agus i dtaifid Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.
- 5.5.2 Sa chás gur tugadh fógra faoi dhrochúsáid amhrasta don Gharda Síochána, ba chóir don FSS an Garda Síochána a chur ar an eolas faoin gcinneadh sin freisin.
- 5.5.3 D'fhéadfadh sé go mbeadh ar bhaill foirne FSS tacaíocht a chur ar fáil don teaghlach lena mbaineann agus ba cheart seirbhísí comhairleoireachta cuí a sholáthar más gá.

## 5.6 Soláthar seirbhísí leasa leanaí

- 5.6.1 I roinnt mhaith cásanna, d'fhéadfadh réamhfiosrúcháin/measúnú tosaigh a thabhairt le fios go bhfuil ábhair imní i dtaca le leas leanaí ann agus go bhféadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil ó na tuismitheoirí/ón tuismitheoir nó ó na cúramóirí chun aire a thabhairt don leanbh/do na leanaí go sásúil.
- 5.6.2 Má dhéantar idirghabháil trí sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh i gcás inar aithníodh ábhair imní i dtaca le leas leanaí, is féidir cabhrú ionas nach rachaidh na deacrachtaí atá ag teaghlach cheana in olcas tuilleadh agus cabhrú le tosca cosanta a fhorbairt.
- 5.6.3 Is féidir seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, trí phlean tacaíochta teaghlaigh, a sholáthar go foirmiúil le seirbhísí díreacha na n-eagraíochtaí reachtúla agus deonacha agus is féidir iad a sholáthar go neamhfhoirmiúil freisin le tacaíocht mórtheaghlach, cairde, comharsanachtaí, pobal, paróistí agus líonraí áitiúla eile. Má tá tacaíocht á soláthar do theaghlach ina bhfuil ábhair imní faoi leas leanaí i gceist, ní mór go ndéanfaidh FSS comhordú agus monatóireacht ar an tacaíocht.
- 5.6.4 Ba cheart plean a bheith ag ceantair na nOifigí Sláinte Áitiúla ina leagtar amach na seirbhísí atá ar fáil chun tacaíocht a sholáthar i gcásanna leasa leanaí. Ba chóir tuairimí gach soláthraí seirbhíse lena mbaineann agus ionadaithe eagraíochtaí pobail a chur san áireamh sa phlean um sheirbhís tacaíochta teaghlaigh.
- 5.6.5 Ba cheart go mbeadh na haidhmeanna seo a leanas ag na seirbhísí leasa leanaí trí mheán tacaíochta teaghlaigh:
- (i) déileáil ar bhealach tacúil le teaghlaigh ina bhfuil baol ó thaobh leas leanaí;
  - (ii) an baol do leanaí a laghdú trí shaol a dteaghlach a fheabhsú;
  - (iii) féachaint chuige nach gcuirtear leanaí sa chóras cúraim más féidir é sin a sheachaint;
  - (iv) aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna reatha atá ag leanaí agus ag teaghlaigh;
  - (v) naisc a chruthú idir teaghlaigh agus líonraí tacaíochta sa phobal;
  - (vi) muinín agus cumas na dtuismitheoirí a fhorbairt;
  - (vii) seirbhísí díreacha a chur ar fáil le haghaidh leanaí;
  - (viii) áit a raibh leanaí faoi chúram, cabhrú leo a bheith ina ndlúthchuid dá dteaghlaigh arís.

- 5.6.6 Is féidir le tuismitheoirí/cúramóirí, chomh maith le leanaí iad féin, iarratas a dhéanamh ar sheirbhís leasa leanaí go díreach nó is féidir iad a atreorú trí fhoinsé eile. Ba chóir freagairt d'iarratas ar sheirbhísí ar bhealach tacúil agus neamhbhagrach. Ba chóir spreagadh a thabhairt do theaghlaigh a gcuid réiteach féin a aithint chomh fada agus is féidir.
- 5.6.7 Tar éis riachtanais leasa leanaí a aithint, is é aidhm an mheasúnaithe le haghaidh na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh ná tuiscint leormhaith a fháil ar riachtanais agus ar láidreachtaí an linbh agus a t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí d'fhonn seirbhísí cuí a aithint, a thairiscint, agus comhaontú maidir leo. Ba chóir riachtanais an duine aonair agus an teaghlaigh a bheith mar dhlúthchuid den mheasúnú.
- 5.6.8 Ba chóir plean leasa leanaí a bheith bunaithe ar mheasúnú agus ba cheart na tosca seo a leanas a áireamh ann:
- (i) an leibhéal comhaontaithe atá i gceist nó is féidir a phlé idir tuismitheoirí/cúramóirí agus daoine eile, amhail baill teaghlaigh, gairmithe nó daoine eile lena mbaineann;
  - (ii) na hábhair imní is práinní a bhfuil aird ag teastáil uathu;
  - (iii) spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha;
  - (iv) rochtain ar na hacmhainní is gá;
  - (v) daoine, disciplíní nó gníomhaireachtaí ainmnithe a chaithfidh a bheith rannpháirteach;
  - (vi) an tréimhse a bhféadfadh seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a bheith ag teastáil ina leith, ag meabhrú nach mbeidh cúnamh ag teastáil ó theaghlaigh áirithe ach amháin i dtréimhsí géarchéime, cé go mbeidh cúnamh ag teastáil ó theaghlaigh eile ar feadh tréimhsí níos faide;
  - (vii) sceideal do mheasúnú agus athbhreithniú.
- 5.6.9 I gcás ina n-aithnítear in athbhreithniú ar phlean leasa leanaí ceist cosanta leanaí nár réitíodh nó nach bhfuil riachtanais shuntasacha leasa an linbh á gcomhlíonadh go tráthúil, ní mór an cás a tharchur do chomhdháil um chosaint leanaí (*féach Rannán 5.8*) i gcomhréir le nósanna imeachta FSS.

## 5.7 Cruinniú Straitéise

- 5.7.1 Is é an cuspóir atá ag cruinniú straitéise ná roinnt agus measúnú faisnéise a éascú idir gairmithe agus plean gníomhaíochta a ullmhú chun leanbh, agus na leanaí eile sa teaghlach a chosaint, más gá. Ag brath ar na cúinsí, is féidir le cuid de na gairmithe lena mbaineann nó iad ar fad, ón leibhéal bainistíochta nó measúnaithe cáis, a bheith rannpháirteach sa chruinniú straitéise. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh ionadaí an Gharda Síochána i láthair ag an gcruinniú seo, nuair is cuí, go mór mór sa chás gur tugadh fógra foirmiúil.
- 5.7.2 Is faoi Cheannaire na Foirne Oibre Sóisialta nó faoin mBainisteoir Oibre Sóisialta de chuid FSS atá sé cruinniú straitéise a réachtáil, má mheastar go bhfuil gá le cruinniú dá leithéid.
- 5.7.3 Cé go ndéanfar cruinnithe straitéise a shocrú go foirmiúil den chuid is mó, in imthosca áirithe, go háirithe i gcás práinne, d'fhéadfadh teagmháil nach bhfuil chomh foirmiúil a bheith i gceist leis an gcruinniú straitéise.
- 5.7.4 Is iad cuspóirí an chruinnithe ná:
- (i) an fhaisnéis atá ar fáil a roinnt;
  - (ii) a mheas cibé ar chóir beart láithreach a dhéanamh chun an leanbh agus leanaí eile sa chás céanna a chosaint;
  - (iii) a mheas cibé ar chóir agallaimh a bheith ann faoi réir Alt 16(1)(b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992;

- (iii) na roghanna dlíthiúla atá ann a mheas;
- (iv) idirghabháil luath a phleanáil;
- (v) foinsí cosanta agus tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann don leanbh a aithint;
- (vi) foinsí faisnéise breise a aithint;
- (vii) freagracht a dháileadh;
- (ix) socrú a dhéanamh leis an nGarda Síochána faoin gcaoi a ndéanfar an chuid eile den fhiosrúchán a reáchtáil.
- (x) a aithint cibé an bhféadfadh leanaí eile a bheith i mbaol agus beart a dhéanamh.

## 5.8 Comhdháil um Chosaint Leanaí

- 5.8.1 Is é atá sa chomhdháil um chosaint leanaí ná cruinniú idirghníomhaireachta agus idirghairmiúil arna thionól ag an duine ainmnithe laistigh de FSS.
- 5.8.2 Is é an fheidhm atá ag comhdháil um chosaint leanaí ná:
- (i) roinnt agus measúnú faisnéise a éascú idir gairmithe agus tuismitheoirí/cúramóirí;
  - (ii) plean um chosaint leanaí a cheapadh (*féach Rannán 5.9*);
  - (iii) tascanna a aithint atá le comhlíonadh mar chuid de phlean cosanta leanaí nó nuair a dhéanfar plean cosanta leanaí;
  - (iv) an tseirbhís chuí a shonrú chun na tascanna a chur i gcrích;
  - (v) oibrí bunriachtanach a cheapadh ar mhaithe leis an bplean cosanta leanaí a chomhordú.
- 5.8.3 Ba chóir cuireadh a thabhairt ar an gcéad dul síos do Cheannfort an Gharda Síochána a bheith i láthair ag comhdháil um chosaint leanaí agus ba cheart an clár oibre a chlúdófar a thabhairt dó/dí, d'fhonn cabhrú ionas go mbeidh an Garda ainmnithe in ann a bheith i láthair, más cuí sin.
- 5.8.4 Bíonn comhdhálacha um chosaint leanaí casta agus criticiúil, de bharr a bhfuil i gceist leo. Ba cheart sainoilúint a chur ar fáil do dhuine ar bith atá ag tabhairt faoi ról an chathaoirligh.
- 5.8.5. Is iondúil go mbíonn an cruinniú ar siúl tar éis an mheasúnaithe, agus, más ábhartha, tar éis bearta éigeandála a bheith déanta. Ba chóir tuismitheoirí/cúramóirí an linbh agus an leanbh féin a áireamh ag an gcruinniú, ach amháin sa chás nárbh é leas an linbh amhlaidh a dhéanamh. I gcásanna ina bhfuil bacainn teanga, nó míchumas nó lagú céadfach ann, ba cheart daoine a bhfuil saineolas áirithe acu (m.sh. ateangairí) a áireamh chomh maith.
- 5.8.6 Ba chóir an chomhdháil um chosaint leanaí a chur i gcrích agus fógra a thabhairt don Chóras Fógartha um Chosaint Leanaí (*féach Rannán 5.17*) de réir na bprótacal caighdeánach ag FSS.

## 5.9 Plean um Chosaint Leanaí

- 5.9.1 Plean idirghníomhaireachta atá sa phlean um chosaint leanaí a cheaptar ag comhdháil um chosaint leanaí (*féach Rannán 5.8*). Leagtar amach ann na bearta atá le déanamh ag gairmithe agus gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu go díreach leis an teaghlach chun cosaint agus leas leanúnach an linbh a chinntiú. Is iad bunchodanna an phlean um chosaint leanaí ná:
- (i) nithe a chuireann an leanbh i mbaol nó a d'fhéadfadh an leanbh a chur i mbaol a aithint;
  - (ii) straitéisí a aithint chun an leanbh a chosaint agus an baol a laghdú thar thréimhse shonraithe;

- (iii) gnéithe cosanta de chás an linbh a aithint, a d'fhéadfadh a bheith le treisiú agus le forbairt;
- (iv) aithint na spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha atá le gnóthú chun leas agus cosaint an libh a chinntiú;
- (v) comhairliúchán agus idirbheartaíocht leis an leanbh agus lena t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí ar ábhar agus ar indéantacht an phlean;
- (vi) oibrí bunriachtanach a aithint, a leanfaidh ag comhordú na hoibre a dhéanann an pearsanra éagsúil atá rannpháirteach i gcomhlíonadh an phlean agus a bheidh freagrach as cur in iúl na faisnéise a chinntiú idir na páirtithe ar fad atá rannpháirteach.
- (vii) dáileadh soiléir na bhfeidhmeanna agus na bhfreagrachtaí sonracha ar na gairmithe agus gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu go díreach le forfheidhmiú an phlean;
- (viii) dáileadh soiléir na bhfeidhmeanna agus na bhfreagrachtaí sonracha ar t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí an linbh agus ar dhaoine ábhartha eile den teaghlach;
- (ix) na hacmhainní a aithint a bhfuil gá leo leis an bplean a chomhlíonadh, acmhainní a chuimsíonn tacaíocht teaghlaigh agus seirbhísí cóireála nuair is gá;
- (x) cás an droch-úsáideora agus an gá le cóireáil a mheas;
- (xi) ainm an linbh a chur in iúl don Chóras Fógartha um Chosaint Leanai de réir na bprótacal caighdeánach ag FSS (*féach Rannán 5.17*);
- (xii) dáta athbhreithnithe a aithint agus comhaontú air.

5.9.2 Nuair atá plean um chosaint leanai curtha i bhfeidhm, is faoi na gairmithe agus gníomhaireachtaí aitheanta ar fad, na codanna sin den phlean a bhaineann leo a fhorfheidhmiú agus cumarsáid a dhéanamh leis an oibrí bunriachtanach. Le cinntiú go gcuirfear an plean i bhfeidhm, caithfear na coinníollacha a leanas a chomhlíonadh:

- (i) caithfear cóip scríofa den phlean um chosaint leanai a thabhairt do gach gairmí;
- (ii) ba chóir cóip scríofa den phlean a thabhairt don leanbh, ag brath ar chúrsaí aoise agus staid forbartha an linbh, agus dá t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí;
- (iii) caithfidh an oibrí bunriachtanach a chinntiú go dtuigeann an leanbh agus an teaghlach nádúr agus cuspóirí an phlean;
- (iv) caithfear soiléiriú a thabhairt faoi ionchais shonracha na bpáirtithe ar fad faoin bplean agus a fhorfheidhmiú;
- (v) chomh maith le comhairliúchán faoin bplean, ba chóir ainmneacha an phearsanra ar fad atá rannpháirteach i bhforfheidhmiú an phlean a thabhairt don leanbh agus a t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí, chomh maith leis na feidhmeanna sonracha a bhaineann leo;
- (vi) ba chóir athruithe pearsanra ar bith a chur in iúl láithreach don leanbh agus dá t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí.

5.9.3 Beidh forfheidhmiú rathúil an phlean um chosaint leanai ag brath ar roinnt feidhmeanna: comhoibriú idirghníomhaireachta agus idirghairmiúil; comhairliúchán leanúnach leis an leanbh agus lena t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí; monatóireacht leanúnach ar spriocanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha; agus maoirsiú agus tacaíocht.

5.9.4 **Comhoibriú idirghníomhaireachta agus idirghairme:** Tá comhoibriú idir disciplíní agus gníomhaireachtaí chomh riachtanach céanna do bhainistíocht fhadtéarmach cáis agus atá ag an tús ar fad. Beidh tiomantas agus solúbthacht ag teastáil ó na gairmithe ar fad atá ag plé leis an leanbh, chomh maith le toilteanas an fhaisnéis a roinnt go pras, maidir leis an obair atá sonraithe sa phlean um chosaint leanai a chomhlíonadh (*féach Caibidil 4, Rannán 4.3 freisin*).

- 5.9.5 **Comhairliúchán leanúnach leis an leanbh:** Caithfear tuairimí an linbh agus an teaghlach a lorg go príobháideach ar bhonn leanúnach agus a áireamh má tá an plean um chosaint leanaí á mhionathrú.
- 5.9.6 **Comhairliúchán leanúnach leis na tuismitheoirí/cúramóirí:** Caithfear tuairimí na dtuismitheoirí/gcúramóirí a lorg freisin ar bhonn leanúnach agus a áireamh má tá an plean um chosaint leanaí á mhionathrú.
- 5.9.7 **Measúnú leanúnach:** Ba chóir cosaint agus leas an linbh a mheasúnú ar bhonn leanúnach chun athruithe i gcúinsí a chur san áireamh.
- 5.9.8 **Maoirsiú agus tacaíocht:** Ba chóir do gach urchleachtóir atá ag obair leis an leanbh agus teaghlach, tacaíocht agus maoirsiú a bheith acu atá seasta agus rialta.

## 5.10 Oibrí bunriachtanach a cheapadh

- 5.10.1 I gcás ina bhfuil ábhar imní maidir le leas leanaí ann agus go bhfuil cinneadh déanta seirbhísí a thairiscint do leanbh agus dá t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí, caithfear oibrí bunriachtanach a shainaitheint.

## 5.11 Comhdháil Athbhreithnithe um Chosaint Leanaí

- 5.11.1 Bíonn comhdhálacha athbhreithnithe um chosaint leanaí ar siúl i dtús báire 6 mhí tar éis na comhdhála um chosaint leanaí (*féach Rannán 5.8*) nó níos luaithe más cuí.
- 5.11.2 Tá sé de fhreagracht ar an duine ainmnithe laistigh de FSS comhdhálacha athbhreithnithe um chosaint leanaí a shocrú. Ba chóir do chroí-ghrúpa na ngairmithe atá rannpháirteach sa chás a bheith i láthair ag athbhreithnithe agus ba chóir do gach duine díobh tuairisc scríofa a chur ar fáil faoi roimh ré. Ba chóir do thuismitheoirí/chúramóirí an linbh a bheith i láthair, ach amháin sa chás gur aithníodh cúis ar leith gan iad a áireamh. Féadfaidh an leanbh a bheith rannpháirteach ag brath ar chúrsaí aoise agus leibhéal tuisceana.
- 5.11.3 Tá roinnt cuspóirí ag an gcomhdháil athbhreithnithe um chosaint leanaí, lena n-áirítear:
- (i) athbhreithniú iomlán ar dhul chun cinn a chur i gcrích ina bhfuil fianaise ar athrú dearfach nó diúltach i ndáil leis na spriocanna a aithníodh;
  - (ii) tuairimí agus gníomhartha na ngairmithe a chomhordú;
  - (iii) barúlacha an linbh a áireamh;
  - (iii) barúlacha na dtuismitheoirí/na gcúramóirí a áireamh;
  - (v) athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le caingean dlí nó ionchúiseamh ar bith má tá a leithéidí ábhartha;
  - (vi) athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar an bplean um chosaint leanaí go háirithe lena chinneadh cibé an bhfuil gá fós le plean den sórt sin;
  - (vii) measúnú a dhéanamh ar infhaighteacht na n-acmhainní a theastaíonn chun an plean um chosaint leanaí a chomhlíonadh;
  - (viii) a mholadh, nuair is cuí, ainm an linbh a dhíliostú ón gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí de réir na bprótacal caighdeánach ag FSS.
- 5.11.4 Ba chóir an t-athbhreithniú um chosaint leanaí a dhoiciméadú chomh luath agus is féidir agus cóipeanna de na himeachtaí a scaipeadh ar na gairmithe go léir lena mbaineann, agus ar an leanbh agus ar na tuismitheoirí/cúramóirí chomh maith. Mura raibh an leanbh agus na tuismitheoirí/cúramóirí i láthair ag athbhreithniú, ba chóir don oibrí bunriachtanach míniú a thabhairt dóibh leo féin, nó le chéile más cuí, maidir le hábhair, conclúidí agus impleachtaí an athbhreithnithe.

## 5.12 Beart éigeandála chun leanbh a chosaint

- 5.12.1 Má chuireann tuairisc a dhéantar do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS in iúl go bhfuil baol tromchúiseach agus láithreach i gceist, caithfear beart práinneach a dhéanamh chun aon leanaí atá i mbaol a chosaint sa chás sin.
- 5.12.2 D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí chomhoibriú le cúramóir cosanta, duine den teaghlach nó duine fásta freagrach eile i dteaghlach an linbh, ar féidir an inniúlacht atá acu chun an leanbh a chosaint, a shainiú agus a chomhaontú.
- 5.12.3 Mura bhfuil sé indéanta socruithe a dhéanamh maidir le leanbh nó leanaí a chosaint sa bhaile, b'fhéidir go gcaithfí iad a chur faoi chúram FSS, le comthoil na dtuismitheoirí/gcúramóirí más féidir, ach trí bhearta dlíthiúla a úsáid faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, más gá. Mura bhfuil beart éigeandála comhaontaithe cheana féin, caithfidh comhairliúchán tarlú idir na cleachtóirí rannpháirteacha agus a mbainisteoirí líne. Bíonn idirghabhálacha a bhaineann le scaradh leanaí óna dtuismitheoirí/gcúramóirí comhlíonta ag oifigigh údaraithe cuí, le cumhachtaí tarmlichte ó Phríomhfheidhmeannach FSS. Caithfear comhairle dlí a lorg ag staid luath má tá caingean Cúirte beartaithe.
- 5.12.4 Caithfear a mheabhrú go mbíonn strus mór ag baint le leanaí a thógáil óna dtuismitheoirí/gcúramóirí nó óna dteaghlaigh agus is cóir na cúrsaí seo a láimhseáil go híogair. Caithfear na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an scaradh a thomhas in aghaidh an dainséir a bhaineann leis an leanbh a fhágáil in áras an teaghlaigh.
- 5.12.5 Má mheastar go bhfuil sé riachtanach leanbh a thógáil óna t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí nó óna (h)áras teaghlaigh, caithfear na nithe seo a leanas a bhreithniú:
- (i) Ar an gcéad dul síos, ba chóir gach iarracht a dhéanamh leis an leanbh a chur i dtimpeallacht a bhfuil taithí aige nó aici uirthi, agus b'fhearr é nó í a chur le daoine muinteartha nó cairde (*féach na Rialacháin um Chúram Leanaí (Socrú Leanaí le Gaolta), 1995*, arna bhfoilsíú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí).
  - (ii) Chomh fada agus is féidir, ba chóir an t-am a dhéantar an t-aistriú a láimhseáil go cúramach.
  - (iii) Ba chóir tuismitheoirí/cúramóirí an linbh a chur ar an eolas faoin ngníomh atá beartaithe, mura gcuirfí an leanbh i mbaol nó an próiseas socrúcháin i gcontúirt dá ndéanfaí amhlaidh.
  - (iv) Ba chóir an leanbh a chur ar an eolas faoin ngníomh beartaithe mura raibh sé nó sí rannpháirteach sa chinneadh.
  - (v) Ba chóir tuismitheoirí/cúramóirí an linbh a chur ar an eolas faoin áit a bhfuil an leanbh, mura rud é gur ordaigh an Chúirt a mhalairt.
  - (vi) Ba chóir comhairle a chur ar thuismiteoirí/chúramóirí an linbh faoi chomhairle dlí a fháil agus ba cheart cuidiú leo ina thaobh.
- 5.12.6 I dtromlach na gcásanna, ní bhíonn beart éigeandála ag teastáil mar gheall ar an díobháil nó ar an mbaol a mheastar a bheith ann, agus ba chóir bearta de bhreis a leanann ón ábhar imní a dhéanamh ar bhealach atá beartaithe agus comhordaithe. Bíonn cumarsáid leis na gairmithe ar fad atá rannpháirteach leis an leanbh i gceist agus a gcúnamh a lorg mar is cuí.
- 5.12.7 **Ní ceart ar chúinse ar bith leanbh a fhágáil i riocht ina bhféadfaí díobháil a dhéanamh dó nó dí nó go mbeadh sé nó sí i mbaol díobhála ag feitheamh ar idirghabháil FSS.** Ba chóir dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána i gcás práinne nuair is cosúil go bhfuil leanbh i mbaol tromchúiseach láithreach agus nach bhfuil oibrí sóisialta ar dualgas de chuid FSS ar fáil láithreach.

### 5.13 Dúnadh cásanna

- 5.13.1 Ní dhéanfar cásanna a dhúnadh go dtí nach bhfuil aon ábhair imní ann a thuilleadh maidir le cosaint nó leas linbh. Nuair atá cás dúnta, caithfear na gairmithe rannpháirteacha ar fad agus an leanbh agus an teaghlach a chur ar an eolas. B'fhearr an cás a dhúnadh tar éis athbhreithnithe, ach mura dtarlaíonn sé sin, caithfidh an duine ainmnithe laistigh de FSS an cinneadh a cheadú.
- 5.13.2 I gcás ina bhfuil ainm an linbh liostaithe ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí, déanfar an t-ainm a dhíliostú de réir na bprótacal caighdeánach ag FSS.

### 5.14 An fhreagracht atá ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS

- 5.14.1 Tá dualgas ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS déileáil go dáiríre le gach ábhar imní maidir le leas agus cosaint leanaí, cibé foinse atá i gceist, agus nádúr na faisnéise a tuairiscíodh a bhreithniú go cúramach agus go cothrom. Nuair atá an fhreagairt is oiriúnaí á cinneadh, caithfear cothromaíocht a aimsiú idir an leanbh a chosaint agus idirghabháil neamhriachtanach agus anacra a sheachaint. Caithfidh freagairt FSS:
- (i) cosaint agus leas an linbh a bhreithniú mar an rud is tábhachtaí;
  - (ii) bearta a sheachaint a chruthódh anacair mhíchuí don leanbh nó don teaghlach;
  - (iii) meas a léiriú ar chearta na dtuismitheoirí/gcúramóirí maidir le héisteacht a thabhairt dá dtuairimí agus go mbeidís go hiomlán ar an eolas faoi chéimeanna ar bith atá le tógáil.
  - (iv) meas a léiriú ar chearta leanaí éisteacht a thabhairt dá dtuairimí.

#### Ag obair i gcomhar le gairmithe eile

- 5.14.2 Is ar oibrithe sóisialta Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS a thiteann an fhreagracht go hiondúil maidir le fiosrúcháin a dhéanamh faoi ábhair imní tuairiscithe. D'fhéadfaí mar sin féin an tasc seo a dháileadh ar dhisciplíní eile cosúil le haltraí sláinte poiblí nó síceolaithe cliniciúla i gcásanna áirithe, mar shampla, nuair atá dlúthchaidreamh acu leis an teaghlach lena mbaineann. Má tá ábhar imní faoi chosaint leanaí fógartha don Gharda Síochána, d'fhéadfaidís fiosrúchán comhuaineach a stiúradh agus é a chomhordú le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS (*féach Caibidil 7*).
- 5.14.3 Ní mór do ghairmí ar bith atá ag déanamh fiosrúchán faoi ábhar imní tuairiscithe maidir le cosaint leanaí, ceist an chomhoibrithe le tuismitheoirí/cúramóirí a bhreithniú i dtús báire. Tá sé seo fíor go háirithe nuair atá oibrí gairmiúil ag déanamh fiosrúchán ar ghníomhaireachtaí lasmuigh de FSS. Féadfaidh gairmithe a oibríonn in FSS dul i gcomhairle lena gcomhghleacaithe agus taifid inmheánacha a sheiceáil go luath. Mar sin féin, caithfear tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas más mian leis an ngairmí fiosrúcháin a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí seachtracha, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Más rud é go ndíoltaíonn tuismitheoir nó cúramóir, caithfear tús áite a thabhairt do chosaint agus leas an linbh thar aon ní eile áfach.
- 5.14.4 Bíonn neart deiseanna ag gairmithe i ngníomhaireachtaí deonacha, scoileanna, clinicí nó i suíomhanna eile breathnú ar leanbh agus ar a c(h)aidreamh le tuismitheoirí/cúramóirí. D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach do ghairmí ó cheann de na heagraíochtaí sin fiosrúchán a dhéanamh i gcomhar le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó ar a son. Ba chóir é sin a phlé le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.
- 5.14.5 Nuair atá ábhair amhrais faoi dhrochúsáid leanaí i gceist ach nach féidir iad a dhearbhu, d'fhéadfadh oibrithe sóisialta FSS spreagadh a thabhairt do ghairmithe eile atá i dteagmháil leis an leanbh bunús a thabhairt d'ábhair imní nó iad a chealú ar bhealach íogair. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir breathnú ar iompraíocht linbh, idirghníomhaíochtaí le comhpháirtithe, obair scoile nó ar chomhráití neamhfhoirmiúla. D'fhéadfadh teiripeoir, oibrí cúram leanaí, nó duine ar bith atá ag obair le leanbh scagadh réamhchúiseach a dhéanamh ar chúiseanna le bearta nó ráitis áirithe, nó leas a bhaint as suíomh súgartha chun ligean don leanbh é/i féin a chur in iúl. Caithfidh straitéisí ar bith a mbaintear leas astu ar an mbealach seo a bheith comhaontaithe le hoibrí sóisialta FSS.

- 5.14.6 Caithfear gairmithe a rinne teagmháil le FSS nó a ndearna FSS teagmháil leo chun faisnéis a fháil faoi leanbh le linn measúnaithe, a chur ar an eolas in am trátha faoin toradh má tá baint aige le cúram/cóireáil ghairmiúil an linbh.
- 5.14.7 Faoi reachtaíocht um Chosaint Sonraí, ní féidir le FSS faisnéis shonrach faoi thoradh nó faoi stádas measúnaithe ar chosaint leanaí a thabhairt don duine a thuairiscigh an t-ábhar imní ach amháin sa chomhthéacs gairmiúil atá leagtha amach thuas. Ba cheart don FSS teagmháil a dhéanamh leis an duine sin lena chur in iúl dóibh go raibh a c(h)uid faisnéise úsáideach, ach gan tuilleadh faisnéise a nochtadh.
- 5.14.8 Tá oibrí sóisialta FSS nó oibrí bunriachtanach eile a sannadh freagrach as sainscagadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil agus measúnú tosaigh a dhéanamh ar an mbaol don leanbh agus do leanaí ar bith eile atá sa chás céanna. Ba cheart measúnú den chineál sin a chur i gcrích laistigh de chreatlach caighdeánaithe arna forbairt ag FSS.

### 5.15 Rúndacht agus neamhainmníocht

- 5.15.1 Ba chóir gach faisnéis maidir le hábhar imní nó measúnú drochúsáide a roinnt de réir mar a bheidh gá leis ar mhaithe leis an leanbh.
- 5.15.2 Ní féidir aon ghealltanais a thabhairt maidir le rúndacht. Ba chóir dóibh siúd atá ag obair le leanbh nó le teaghlach é sin a insint go soiléir do na páirtithe lena mbaineann.
- 5.15.3 Ba cheart iniúchadh iomlán a dhéanamh ar ábhair imní faoi leanbh a thuairiscíonn duine gan ainm de réir nósanna imeachta caighdeánacha FSS. Má dhéantar an tuairisc trí thríú páirtí, ba chóir iarraidh ar an duine atá i mbun idirghabhála teagmháil a éascú idir an duine a thuairiscigh an t-ábhar imní ar dtús agus Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Más rud é, áfach, nach ndéantar teagmháil a éascú, ar chúis ar bith, ní mór na hábhair imní a thuairiscítear tríd an tríú páirtí a imscrúdú go hiomlán.
- 5.15.4 Ó thaobh cásanna a bhainistiú, b'fhearr na daoine a thuairiscíonn ábhair imní a spreagadh chun sonraí teagmhála a chur ar fáil.
- 5.15.5 Tá tuilleadh sonraí faoi rúndacht ar fáil i gCaibidil 3, Rannán 3.9.

### 5.16 Freagra ar dhaoine a thuairiscíonn ábhair imní

- 5.16.1 Ba cheart daoine a thuairiscíonn nó a phléann an imní atá orthu faoi chúram agus faoi chosaint leanaí le baill foirne FSS a chur ar an eolas maidir leis na céimeanna ginearálta is dócha a ghlacfaidh na gairmithe lena mbaineann.
- 5.16.2 Ba cheart an t-eolas is déanaí faoi thorthaí aon fhiosrúcháin nó imscrúdaithe ar an ábhar imní a thuairiscíodh a thabhairt do na gairmithe eile lena mbaineann, má tá sé sin oiriúnach don chúram/chóireáil atá á thabhairt acu don leanbh nó do chomhlíonadh a gcuid dualgas féin agus laistigh de na gnáth-theorainneacha rúndachta.

### 5.17 Córas Fógartha um Chosaint Leanaí

- 5.17.1 Is taifead faoi gach leanbh é an Córas Fógartha um Chosaint Leanaí faoinar deimhin le FSS go bhfuil ceisteanna cosanta leanaí ann nár réitíodh, faillí san áireamh.
- 5.17.2 Cuireann duine ainmnithe laistigh de FSS ainm linbh ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí de réir nósanna imeachta cosanta leanaí FSS.
- 5.17.3 Ba chóir insint don tuismitheoir, don chaomhnóir nó don chúramóir, do gníomhaireachtaí ábhartha eile, agus nuair is cuí, don leanbh nuair a dhéantar a (h)ainm a liostáil ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí.

- 5.17.4 Is é an duine ainmnithe laistigh de FSS atá freagrach as an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí. Ba chóir é a choinneáil ar bhealach atá slán agus scartha ó thaifid eile. Ba chóir go mbeadh faisnéis ar fáil do na gníomhaireachtaí ar fad lena mbaineann maidir le conas rochtain a fháil ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí, agus ba chóir an fhaisnéis sin a choinneáil slán.
- 5.17.5 Ba cheart gach fiosrú a thaifeadadh sa chóras, cibé an bhfuil nó nach bhfuil an leanbh ar an liosta. Má dhéantar fiosrúchán faoin gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí in athuair, ba chóir tuairisc a thabhairt do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.
- 5.17.6 Ba chóir athruithe ar bith san fhaisnéis maidir le leanbh a bhfuil a (h)ainm taifeadta ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí a atreorú chuig an oibrí sóisialta atá sannta don leanbh, a inseoidh iad dá réir don oifigeach ainmnithe atá freagrach as an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí .i. an duine ainmnithe laistigh de FSS.
- 5.17.7 Tá an duine ainmnithe laistigh de FSS freagrach as a chinntiú go ndéanfar an Córas Fógartha um Chosaint Leanaí a bhainistiú agus a chothabháil ar bhealach ina ndéanfar:
- (i) faisnéis leormhaith a sholáthar do ghairmithe cuí a chaithfidh teacht ar fhaisnéis ábhartha faoi leanbh;
  - (ii) soláthar na faisnéise staitistice d'fhoinse cuí a éascú.
- 5.17.8 Ba chóir do FSS comhaontú ar na grúpaí gairmiúla a bhfuil rochtain de dhíth orthu, agus nósanna imeachta a cheapadh chun céannacht na ndaoine atá ag déanamh fiosruithe a dheimhniú. D'fhéadfadh FSS an liosta seo a leasú ag brath ar chúinsí atá ag athrú agus ar thaithí.
- 5.17.9 Níor cheart ainm an oibrí shóisialta sannta a thabhairt ach don fhiosraitheoir. Ba cheart an t-oibrí sóisialta ábhartha a chur ar an eolas nuair a dhéantar fiosrúchán.
- 5.17.10 Ba chóir go mbeifí in ann teacht ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí 24 uair an chloig. Ba chóir do FSS an t-eolas is déanaí a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus do sheirbhísí ábhartha maidir le conas an córas a rochtain.
- 5.17.11 Ba chóir aistrithe cáis a thaifeadadh sa Chóras Fógartha um Chosaint Leanaí nuair a bhogann leanbh nó a t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí idir dlínsí nó chuig limistéar eile laistigh de FSS.
- 5.17.12 Níor chóir cásanna a dhúnadh agus ainm an linbh a bhaint nó a dhíliostú ón gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí ach amháin nuair a mheastar nach bhfuil an leanbh (nó na leanaí) i mbaol a thuilleadh. Nuair atá cás dúnta agus an t-ainm díliostaithe, caithfear na gairmithe ar fad lena mbaineann agus an leanbh agus an teaghlach a chur ar an eolas. B'fhearr an cás a dhúnadh tar éis athbhreithniú um chosaint leanaí, ach mura dtarlaíonn sé sin, caithfidh an duine ainmnithe laistigh de FSS an cinneadh a cheadú.

## 5.18 Scrúduithe Leighis nó Speisialtóra

- 5.18.1 Má tá cúis ann a chreidiúint go dtabharfaidh scrúdú leighis breis soiléire faoi cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh *drochúsáid chorportha* ar leanbh, nó go raibh siad díothach nó go ndearnadh faillí orthu, nó más cosúil go bhfuil cóireáil leighis de dhíth ar leanbh, ba chóir na socruithe cuí a dhéanamh láithreach i gcomhairle leis an nGarda Síochána. I ngach cás inar féidir é, ba chóir do dhochtúir a bhfuil taithí chuí aige an scrúdú a chur i gcrích.
- 5.18.2 Má tá cúis ann a chreidiúint go dtabharfaidh measúnú speisialtóra breis soiléire maidir le cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh *drochúsáid ghnéasach* ar leanbh, ba chóir atreorú a dhéanamh chun na seirbhíse cuí. Má tá amhras ar bith faoin riachtanas maidir le hatreorú chuig aonad speisialtóra, ba chóir dul i gcomhairle le seirbhís mheasúnaithe an cheantair faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí chun comhairle a fháil. Níor chóir ach do dhochtúir a bhfuil oiliúint agus taithí chuí aige/aici sa réimse scrúdú fisiciúil maidir le drochúsáid ghnéasach a dhéanamh.

- 5.18.3 I ngach cás ina ndéantar scrúduithe nó measúnuithe leighis maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, caithfear cead a fháil ó thuismitheoirí/chúramóirí an linbh, agus ba chóir deis a thabhairt dóibh a bheith i láthair freisin. Má dhiúltaíonn thuismitheoirí/cúramóirí cead a thabhairt, ba chóir iad a chur ar an eolas faoi rogha FSS iarratas a dhéanamh ar Ordú Cúraim Éigeandála nó, más cuí, ar Ordú Maoirsithe mar a fhoráiltear san Acht um Chúram Leanaí, 1991. Ba chóir beart mar seo a bhreithniú mura bhfuil aon chomhoibriú ann fós.
- 5.18.4 Caithfidh an cleachtóir nó speisialtóir leighis a dhéanann an scrúdú nó measúnú tuairisc scríofa ar thorthaí an scrúdaithe a thabhairt agus a bheith feasach go mb'fhéidir go mbeadh dualgas air nó uirthi fianaise a thabhairt sa Chúirt.

## 5.19 Aistriú cáis

- 5.14 Ba cheart Prótacal um Aistriú Cáis a bheith ag Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Ba chóir dó seo treoir a sholáthar maidir leis na céimeanna atá le glacadh nuair a bhogann leanbh a bhfuil imní faoina c(h)osaint nó a leas nó a t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí chuig dlínse eile nó chuig limistéar eile laistigh de FSS. Ba chóir a lua sa phrótacal gur gá go mbeadh toiliú, bunús dlí, nó ábhar imní maidir le cosaint nó leas leanaí ann sula n-aistrefar faisnéis chuig dlínse eile. Chomh maith leis sin, ba chóir go gcuimseodh sé socruithe a rinneadh chun taifid ábhartha a bhaineann leis an gcás cosanta nó leas leanaí a aistriú.

## 5.20 Athbhreithnithe ar Theagmhais Thromchúiseacha

- 5.20.1 Féadfaidh FSS Athbhreithniú ar Theagmhais Tromchúiseach a thionscnamh i gcomhlíonadh a róil reachtúil maidir le leas agus cosaint leanaí ag féachaint do *Guidance for the Health Service Executive for the Review of Serious Incidents, including deaths of children in care* de chuid an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA, 2010).
- 5.20.2 Is é atá in athbhreithniú ar theagmhais tromchúiseach, athbhreithniú ar fhreagairt, ar mhodh agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraítear do leanaí agus do theaghlaigh. Is é cuspóir an athbhreithnithe ceachtanna a fhoghlaim ón gcaoi a ndéileáiltear le cásanna ar leith ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras.
- 5.20.3 Grúpa neamhspleách ó thaobh feidhme atá sa Phainéal Athbhreithnithe Náisiúnta. Tá sé faoi chonradh ag FSS, agus tá sé freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhais thromchúiseacha, lena n-áirítear bás leanaí faoi chúram agus iad siúd a raibh baint acu le seirbhísí cosanta leanaí. Is é atá sa Phainéal ná cathaoirleach neamhspleách agus leasathaoirleach, agus roinnt gairmithe neamhspleacha a bhfuil saineolas acu i réimsí ábhartha. Tá sé á fheidhmiú faoi *Guidance for the Health Service Executive for the Review of Serious Incidents, including deaths of children in care*. HIQA (2010). Cuireann FSS básanna nó teagmhais thromchúiseacha in iúl do HIQA agus don Phainéal Athbhreithnithe Náisiúnta; má thagann siad faoi réir na gcritéar atá leagtha síos sa *Treoir*, déanfaidh an Painéal Athbhreithnithe Náisiúnta athbhreithniú orthu.

Ní mór fógra a thabhairt i dtaobh gach báis agus teagmhais thromchúisigh a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

- bás gach linbh faoi chúram;
- bás gach linbh a raibh baint ag córas um chosaint leanaí FSS leo;
- bás gach duine fásta óg (suas le 21 bliain d'aois) a bhí faoi chúram FSS nó a bhí ag fáil seirbhísí iarchúraim sa tréimhse díreach roimh a 18ú breithlá;
- nuair atá bás linbh a raibh baint acu le FSS nó le seirbhís atá maoinithe ag FSS i gceist le cás drochúsáide amhrasta nó dearbhaithe;
- bás nó díobháil a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha, nó lagú tromchúiseach agus buan sláinte, folláine nó forbartha.

- 5.20.4 D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina measann an Painéal Athbhreithnithe Náisiúnta, i gcomhairle le FSS, go mbeadh sé níos oiriúnaí athbhreithniú ar bhás nó ar theagmhas tromchúiseach a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil. I gcásanna den sórt sin, ba chóir do bhall foirne sinsearach de chuid FSS nach bhfuil baint aige nó aici leis an gcás an t-athbhreithniú a dhéanamh ag úsáid na modheolaíochta atá leagtha síos i dTreoir HIQA.

Nuair a dhéantar athbhreithniú go háitiúil, ní mór an tuarascáil a sheoladh ar aghaidh chuig an bPainéal Athbhreithnithe Náisiúnta. Má thagann ceistanna chun cinn maidir le caighdeán nó neamhspleáchas an athbhreithnithe, déanfaidh an Painéal Athbhreithnithe Náisiúnta athbhreithniú den chineál is oiriúnaí ansin. Cuirfear an t-athbhreithniú ar aghaidh chuig an HIQA i ndeireadh na dála.

- 5.20.5 Deirtear i dTreoir HIQA gur mar seo a leanas atá cuspóir na n-athbhreithnithe sin:

'Reviews are completed for the following reasons:

- to determine the specific circumstances leading to the death or serious incident, and ascertain whether abuse, or whether an act or failure to act, was a contributing factor to the child's death or serious incident. The review may also identify whether other separate actions, such as disciplinary action or a referral to any regulatory body, need to be undertaken;
- to determine whether compliance with *Children First* and other set down procedures and the relevant standards of governance (leadership, organisation and management, business planning, risk management and meeting the legal requirements) and accountability among the professionals and service providers were satisfactory within the context of the information available at the time;
- to make recommendations and develop an action plan;
- to provide reassurance to the public on the standards of care and protection provided to children, that reviews are carried out to an appropriate standard and are independently monitored and published as appropriate;
- a review or a number of reviews viewed together may identify system-wide strengths and weaknesses, and the findings used to provide high-quality and safe care to people using health and social care services.'

- 5.20.6 Chomh maith leis an méid sin thuas, féadfaidh HIQA tabhairt faoi imscrúdú ar leith mar atá leagtha amach in Alt 9 den Acht Sláinte, 2007.

## 5.21 Coimeád taifead

- 5.21.1 Tá coimeád taifead fíor-thábhachtach sa réimse oibre seo. Mura ndéantar taifid chruinne a choinneáil, d'fhéadfaí bac mór a chur ar an gcumas atá ann leanaí leochaileacha a chosaint. Tá sé riachtanach go gcoinneodh gairmithe taifid reatha de na hábhair imní thuairiscithe ar fad in áit shábháilte. Ba chóir go gcuimseofaí sonraí teagmhála, comhairliúcháin agus bearta ar bith ar glacadh leo.

- 5.21.2 Ní mór nótaí cáis a choinneáil ar na cúiseanna seo a leanas:

- (i) sonraí a thaifeadadh maidir le hatreorú, imscrúdú agus measúnú na n-ábhar imní maidir le cúram leanaí;
- (ii) sonraí riachtanacha a thaifeadadh maidir leis an leanbh agus lena t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí;
- (iii) taifeadadh a dhéanamh ar nádúr agus leibhéal na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus a bhfuil gá leo;
- (iv) taifead a bhunú a d'fhéadfadh roinnt gairmithe agus gníomhaireachtaí a rochtain, má bhíonn sé sin i gceist le linn ábhar imní faoi chúram leanaí a mheasúnú;
- (v) forbairtí i gcás a thaifeadadh agus a athbhreithniú;

- (vi) uirlis a sholáthar le húsáid chun maoirseacht a dhéanamh ar obair ghairmiúil;
- (vii) modh a cheapadh chun cuntasacht idir cleachtóirí agus a mbainisteoirí líne a mheas;
- (viii) aistrithe cáis a éascú nó aistriú faisnéise ó phríomhghairmithe i réimsí difriúla i gcomhréir le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*.

- 5.21.3 Caithfear nótaí cáis cuimsitheacha, caighdeánacha atá ag teacht le prionsabail *Tús Áite do Leanaí (féach Caibidil 1)*, a choinneáil de réir dea-chleachtais agus ar bhealach atá leagtha síos ag FSS. Tá sé beartaithe bainistiú taifead um chosaint leanaí laistigh de FSS a neartú trí Chóras Faisnéise Náisiúnta um Chúram Leanaí a fhorbairt.
- 5.21.4 Ba chóir bainistiú na dtaifead atá i seilbh an oibrí shóisialta de chuid FSS nó oibrí bunriachtanach ainmnithe eile a chaighdeánú ar fud FSS. Ba chóir comhad ar leith a bheith ag gach leanbh ina mbeadh na nithe seo a leanas:
- (i) bileog choimrithe ina luaitear sonraí teaghlaigh;
  - (ii) taifead ar gach fiosrúchán atá déanta faoi chás agus an freagra a fuarthas;
  - (iii) taifead ar na teagmhálacha ar fad idir an oibrí agus an leanbh agus a t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí;
  - (iv) taifead ar na teagmhálacha ar fad idir an oibrí agus gairmithe eile, agus socruithe agus comhaontuithe oibre san áireamh;
  - (v) achoimre, atá le nuashonrú go rialta, ar eachtraí a tharla le déanaí agus a thábhachtaí is atá siad;
  - (vi) tuairisc ar na himeachtaí Cúirte ar fad, comhdhálacha um chosaint leanaí, athbhreithnithe agus cruinnithe ar bith eile, chomh maith le cáipéisí ábhartha eile atá i seilbh an oibreora;
  - (vii) mionsonraí maidir le measúnú agus na torthaí;
  - (viii) taifead ar chinntí ar bith a rinneadh;
  - (ix) cóip de phleananna ar bith um chosaint leanaí;
  - (x) cóip de gach comhfhreagras faoin gcás.
- 5.21.5 Ba chóir go mbeadh taifid fhórasacha, chruinne agus sholáite ar fáil; ba chóir go mbeidís dátaithe agus sínithe tar éis gach iontráil; agus ba chóir iad a thaifeadadh an lá a tharla an gníomh nó, ar a dhéanaí, an lá dar gcionn. Má dhéantar measúnú nó meastóireacht, caithfear bunús mínithe a thabhairt maidir leo.
- 5.21.6 Ba chóir taifid a bheith ceadaithe ag an mbainisteoir líne.
- 5.21.7 Ba chóir go mbeadh taifid inrochtana i gcónaí le linn don oibrí bunriachtanach a bheith as láthair ón oifig, ach caithfear iad a stóráil ar bhealach sábháilte lena chinntiú nach mbeidh siad ar fáil ach 'ar bhonn riachtanais' amháin. Tá sé d'fhreagracht ar na bainisteoirí líne a chinntiú go gcoinnítear na taifid suas le dáta agus go ndéantar dea-chleachtais taifeadta a chothabháil.

## 6. Maoirseacht, Tacaíocht agus Treoir Bhreise maidir le hobair um chosaint agus leas leanaí FSS

### 6.1 Straitéis riosca corparáidí agus beartas maoirseachta agus tacaíochta foirne i FSS

- 6.1.1 Toisc nádúr na hoibre um chosaint agus leas leanaí, ba chóir do FSS mar fhostóir na rioscaí a bhaineann le hobair um chosaint agus leas leanaí a chuimsiú ina Straitéis Riosca Corparáidí agus nósanna imeachta measúnaithe riosca a chur i bhfeidhm dá réir.
- 6.1.2 Ba chóir do FSS a chinntiú go bhfuil Beartas Maoirseachta agus Tacaíochta Foirne i bhfeidhm a thacaíonn leis an bhfoireann a bhfuil baint acu le seachadadh na seirbhísí um chosaint agus leas leanaí.
- 6.1.3 Tá sé riachtanach go n-aithneodh bainisteoirí na ndisciplíní ar fad a bhaineann le hobair um chosaint agus leas leanaí, na leibhéil iarbhrí nó féideartha struis a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a mbaill foirne, lena n-áirítear iompar ionsaitheach a d'fhéadfadh claint a léiriú, agus go nglacaidís céimeanna chun déileáil le haon fhadhbanna. Áirítear i measc na gcéimeanna seo:
- (i) maoirsiú leormhaith agus rialta na foirne;
  - (ii) athbhreithniú rialta ar riar na gcásanna;
  - (iii) aitheantas do ghnóthachtáil dhearfach;
  - (iv) deiseanna maidir le forbairt ghairmiúil a sholáthar, cosúil le hoiliúint, rothlú foirne, tascanna speisialta;
  - (v) naisc idirghníomhaireachta a fhorbairt;
  - (vi) na socruithe agus nósanna imeachta is gá a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht agus slándáil na mball foirne um chosaint agus leas leanaí a chinntiú.

### 6.2 Treoir maidir le líomhaintí in aghaidh fostaithe agus oibrithe deonacha

- 6.2.1 Faigheann Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS líomhaintí drochúsáide go rialta in aghaidh daoine a bhfuil baint acu le leanaí ina n-ionaid oibre nó in ionaid caitheamh aimsire. Má mheasann FSS go bhfuil na leanaí i mbaol láithreach nó go bhféadfáidís a bheith i mbaol láithreach ón droch-úsáideoir líomhnaithe ní mór dul i dteagmháil leis an institiúid nó leis an bhfostóir láithreach. Ina leithéid de chás ní gá fógra a thabhairt roimh ré don droch-úsáideoir líomhnaithe faoi na líomhaintí ina (h)aghaidh.
- 6.2.2 Má tá sé ar intinn ag FSS, áfach, fógra a thabhairt d'fhostóir an droch-úsáideora líomhnaithe nó don duine atá i gceannas ar an áit ina mbíonn an té sin, agus mura bhfuil aon bhaol láithreach ann do leanaí, ní mór fógra a thabhairt roimh ré don droch-úsáideoir líomhnaithe faoi na líomhaintí ina (h)aghaidh. Féadfar dul i dteagmháil leis an bhfostóir nó leis an duine i gceannas ina leithéid de chás uair ar bith nuair atá iniúchadh níos leithne ar siúl, agus d'fhéadfadh sé a bheith praiticiúil gan dul i dteagmháil leis nó léi go dtí go mbíonn deireadh le haon imscrúdú coiriúil nó measúnú de chuid FSS.
- 6.2.3 Ba chóir do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS socruithe a dhéanamh chun aiseolas a thabhairt don fhostóir nó don duine atá i gceannas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh i measúnú/imscrúdú ar dhrochúsáid leanaí a bhaineann le fostaí dá c(h)uid. Ba chóir do FSS a dícheall a dhéanamh chun a measúnú a chur i gcrích chomh luath agus is féidir, gan dearmad a dhéanamh go mbeadh impleachtaí tromchúiseacha ag a leithéid d'fhostaithe neamhchiontacha. Ba chóir a insint d'fhostóirí nó do na daoine atá i gceannas faoin toradh ar mheasúnú FSS nó ar imscrúdú an Gharda Síochána. Cabhróidh sé sin leo cinneadh a dhéanamh faoi cad is cóir a dhéanamh san fhadtearma faoin bhfostaí sin.

### 6.3 Treoir maidir le hagallaimh a chur ar thuismitheoirí nó ar chúramóirí

- 6.3.1 Nuair a thuairiscítear ábhar imní faoi chúram agus faoi chosaint linbh do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS, ba chóir d'oibrí sóisialta FSS teagmháil a dhéanamh le thuismitheoirí/cúramóirí an linbh nó le gairmí eile atá tar éis aontú an tasc measúnaithe seo a chomhlíonadh. Má tá Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS i dteagmháil le thuismitheoirí/cúramóirí faoi chúram agus faoi chosaint a gcuid leanaí, ní mór a mheabhruí go bhféadfadh an taithí seo a bheith trámach agus imeaglach dóibh; agus caithfear fogaireacht a léiriú i stiúradh na n-agallamh dá bhrí sin. Beidh tionchar ar chaighdeán an chaidrimh níos déanaí idir an teaghlach agus gairmithe tríd an mbealach ina ndéantar an cruinniú tosaigh a láimhseáil.
- 6.3.2 Má tá fógra tugtha don Gharda Síochána cheana féin agus gur cosúil go bhfuil fiosrúchán á chomhlíonadh acusan ag an am céanna, tá sé riachtanach go mbeadh gníomhaíochtaí an dá eagraíocht comhaontaithe agus comhordaithe (*féach Caibidil 7*).
- 6.3.3 Ba chóir do gach gairmí, bídís fostaithe i Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó i seirbhísí eile, na nósanna imeachta seo a leanas a chomhlíonadh nuair atá thuismitheoirí/cúramóirí á gcur faoi agallamh:
- (i) eolas a sholáthar do thuismitheoirí/chúramóirí ar bhealach oscailte agus ionraic maidir le hábhair imní agus tuairiscí reatha faoina leanbh nó leanaí;
  - (ii) míniú cén chaoi ar aimsíodh faisnéis agus cén chaoi a n-aimseofar faisnéis;
  - (iii) na gairmithe a ndearnadh teagmháil leo cheana féin a aithint;
  - (iv) cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/chúramóirí míniú a thabhairt maidir lena dtuairim faoin ábhar imní;
  - (v) toilteanas a léiriú le léirithe difriúla ar an ábhar imní a bhreithniú;
  - (vi) cinntiú go bhfuil thuismitheoirí/cúramóirí go hiomlán ar an eolas faoin mbealach a bhfuil faisnéis le measúnú, agus na hionchais atá ann maidir leis an mbealach a dhéanann siad a leanaí a chosaint agus cúram a dhéanamh dóibh;
  - (vii) an comhthéacs dlíthiúil ina bhfuil an t-ábhar imní á fhiosrú má tá a leithéidí ábhartha;
  - (viii) má tháinig an t-ábhar imní aníos ó theagmhas a rinne duine de thuismitheoirí/chúramóirí an linbh, ba chóir don oibrí iarracht a dhéanamh tacaíocht agus comhoibriú an thuismitheora/chúramóra eile a fháil chun cosaint leanúnach an linbh a éascú.
- 6.3.4 Ní mór tús áite a thabhairt do leas an linbh más cosúil go bhfuil coimhlínt idir leas an linbh agus leas na dtuismitheoirí/na gcúramóirí. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach oibrí faoi leith a sholáthar do gach thuismitheoir/cúramóir uaireanta. D'fhéadfadh sé seo tarlú, mar shampla, más duine acu é an droch-úsáideoir líomhnaithe.

### 6.4 Treoir maidir le hagallaimh a chur ar leanaí

- 6.4.1 Le linn obair chosanta leanaí, is féidir cineálacha difriúla agallaimh a chur ar leanaí. I dtromlach na gcásanna, ag brath ar nádúr an ábhair imní, ba chóir don ghairmí atá ag stiúradh an fhiosrúcháin nó an mheasúnaithe bualadh leis an leanbh agus labhairt leis/léi go pearsanta, ar bhealach atá oiriúnach de réir aoise agus na staide forbartha. **Níor chóir an leanbh a chur faoi agallamh go hiondúil, sa chéad áit, ar bhonn sonrach maidir le drochúsáid ghnéasach nó drochúsáid chorpartha atá tromchúiseach. Is féidir le hoibrithe sóisialta a bhfuil sainoiliúint acu, an Garda Síochána, nó an dá dhream é sin a dhéanamh go cuí níos déanaí sa phróiseas.**
- 6.4.2 Ba chóir don agallamh tarlú in ionad atá compordach don leanbh agus, má tá a leithéid inmhianaithe ag leanbh, i láthair duine tacaíochta, cosúil le thuismitheoir/cúramóir cosanta, oibrí gairmiúil eile nó cara fásta eile. Má tá míchumas foghlama nó lagú céadfach ag leanbh, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach

sainchúnamh a úsáid chun cumarsáid a éascú. **Tá sé tábhachtach nach ndéanfaí an leanbh a chur faoi agallamh i gcomhlúadar duine ar bith eile a d'fhéadfadh leas dílsithe a bheith acu i leagan eachtraí an linbh nó a bhféadfadh tionchar ar bith a bheith acu ar a bhfuil le rá ag an leanbh.**

- 6.4.3 De réir Alt 16(1)(b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 beidh fistaifeadadh ar ráitis a dhéanann leanaí atá faoi bhun 14 bliana d'aois le linn agallaimh le ball den Gharda Síochána nó le duine inniúil eile inghlactha mar fhianaise sa Chúirt. Forbraíodh saoráidí speisialta chun na hagallaimh sin a dhéanamh, chomh maith le hoiliúint d'oibrithe sóisialta agus do Ghardaí a dhéanann na hagallaimh sin.
- 6.4.4 Ba chóir agallaimh le leanaí a dhéanamh go hiondúil le cead a dtuismitheoirí/gcúramóirí agus caithfidh an leanbh a bheith ábalta a c(h)omhthoil féin a thabhairt.
- 6.4.5 I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh leanaí iad féin a chur i láthair oibrí sóisialta FSS gan a dtuismitheoirí/gcúramóirí a bheith ar an eolas faoi ná a bheith ann. Ag brath ar aibíocht áirithe an linbh, ba chóir don oibrí sóisialta deis a thabhairt dóibh plé a dhéanamh maidir le cibé ábhair imní a bhí mar bhonn na teagmhála.
- 6.4.6 Níor chóir aon bheart dosheachanta a ghlacadh a dhéanadh an leanbh a imeaglú nó a chuirfeadh anacair air/uirthi. Caithfidh an t-oibrí labhairt ar bhealach atá sothuigthe don leanbh agus a mhíniú cén ról atá aige/aici agus cén fáth a bhfuil sé/sí i láthair. Tá sé riachtanach an t-agallamh a stiúradh de réir mar is mian leis an leanbh agus cumarsáid a dhéanamh leis/léi ar bhealach cairdiúil agus sofheagrach.
- 6.4.7 I measc na gcúiseanna leis an leanbh a chur faoi agallamh tá:
- (i) léargas a fháil ar staid fhisiciúil agus mhothúcháin an linbh;
  - (ii) a fháil amach cibé an bhfuil cúram leighis atá práinneach de dhíth ar an leanbh;
  - (iii) leagan an linbh a chloisteáil de na cúinsí as ar tháinig an t-ábhar imní;
  - (iv) léargas a fháil ar chaidreamh an linbh lena dtuismitheoirí/gcúramóirí;
  - (v) tacú leis an leanbh a bheith rannpháirteach i gcinntí a bhaineann leo de réir aoise agus aibíochta;
  - (vi) a fháil amach cén daoine a bhfuil iontaoibh ag an leanbh astu;
  - (vii) an leanbh a chur ar an eolas faoi chéimeanna breise atá le glacadh san fhiosrúchán.
- 6.4.8 Tá sé de chúram ar FSS a chinntiú go bhfuil oiliúint agus taithí shásúil ag baill foirne atá i mbun fiosrúchán um chosaint agus leas leanaí maidir le leanaí a chur faoi agallamh. Mura bhfuil an leanbh i láthair agus mura bhfuil na tuismitheoirí/cúramóirí toilteanach ceadú dó nó di a bheith le feiceáil, ba chóir an cheist a thabhairt os comhair bhainisteoir líne an oibrí bhunriachtanaigh agus ba cheart cinneadh a dhéanamh faoi bheart breise.

## 6.5 Coimhlint idir tuismitheoirí nó cúramóirí agus leanaí

- 6.5.1 Ba chóir tús áite a thabhairt do leas an linbh más cosúil go bhfuil coimhlint idir leas an linbh agus leas na dtuismitheoirí/na gcúramóirí. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach do ghairmithe i gcúinsí dá leithéid oibrí faoi leith a sholáthar do gach tuismitheoir/cúramóir, go háirithe, más é an droch-úsáideoir líomhnaithe duine de na tuismitheoirí/cúramóirí.

## 7. Prótacal don Idirchaidreamh idir an Garda Síochána agus FSS

### 7.1 Réamhrá

- 7.1.1 Is iad FSS agus an Garda Síochána na príomheagraíochtaí a bhfuil cumhacht dhlíthiúil acu measúnuithe agus imscrúduithe a dhéanamh, faoi seach, ar dhrochúsáid agus faillí amhrasta leanaí. Comhlíonann gach eagraíocht an fhreagracht atá orthu de réir a dualgais agus tá a gcomhiarrachtaí ceaptha lena chinntiú go dtabharfar tús áite do chosaint leanaí leochaileacha. Tá ról faoi leith acu araon agus cé go ndéanann siad comhlánú ar obair a chéile ní mór a ról a thuiscint go maith má tá an aidhm atá acu maidir le cosaint leanaí le baint amach. Tá dualgas breise ar an nGarda Síochána comhad imscrúdaithe a ullmhú d'orduithe an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, a dhéanann cinneadh faoi ionchúisimh agus a chuireann i gcrích iad.
- 7.1.2 Tugtar an chumhacht don Gharda Síochána leanbh a aistriú go háit shábháilte faoi Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag ball den Gharda Síochána chun a chreidiúint go bhfuil baol láithreach agus tromchúiseach ann do shláinte nó leas an linbh agus nach leor fanacht chun iarratas a dhéanamh ar Ordú Cúraim Éigeandála ag FSS faoi Alt 13 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 chun an leanbh sin a chosaint. I gcás ina n-aistríonn an Garda Síochána leanbh faoi Alt 12, cuirfear an leanbh isteach i gcoimeád FSS chomh luath agus is féidir.
- 7.1.3 Tabhair faoi deara maidir le haon tagairt do "FSS" sa chaibidil seo, is tagairt í do na baill foirne atá ag obair i Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

### 7.2 Pearsanra ainmnithe

- 7.2.1 Tá sé rí-thábhachtach go gceapfadh FSS agus an Garda Síochána daoine ar leibhéal measúnaithe/imscrúdaithe agus bainistíochta a mbeidh baint acu leis an gcás go dtí go mbeidh an measúnú/imscrúdú críochnaithe.
- 7.2.2 Ba cheart Ceannaire na Foirne Oibre Sóisialta ó FSS agus Cigire nó Sáirsint ainmnithe de chuid an Gharda Síochána a bheith mar **Fhoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh**, a bhfuil na feidhmeanna seo a leanas aici:
- (i) a mheas ar chóir drochúsáid nó faillí amhrasta leanaí a chur in iúl don Gharda Síochána;
  - (ii) pearsanra breise a ainmniú, más gá, agus maoirsiú a dhéanamh ar imscrúduithe;
  - (iii) athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an cháis.

### 7.3 Córais rianaithe

- 7.3.1 Tá sé tábhachtach go ndéanfadh FSS agus an Garda Síochána rianú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le himscrúdú/measúnú ar dhrochúsáid nó faillí amhrasta leanaí ar tugadh fógra ina leith. Ba cheart **Foirm Thaifeadta Idirchaidrimh An Gharda – FSS** a úsáid le cabhrú le bainisteoirí agus le pearsanra eile an obair seo a dhéanamh (*féach Aguisín 6*). Má ghlactar leis an nós imeachta sin ba chóir go mbeifí in ann cuntasacht a chinntiú i ngach cás.

### 7.4 Cásanna atá le fógart go foirmiúil ag FSS don Gharda Síochána

- 7.4.1 Má tá amhras ar FSS gur tugadh (nó go bhfuiltear ag tabhairt) drochúsáid fhisiceach nó ghnéasach do leanbh, nó go ndearnadh faillí toiliúil air nó uirthi, nó go bhfuiltear á dhéanamh sin, ní mór fógra foirmiúil a thabhairt don Gharda Síochána faoi de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Alt 7.4.5 thíos. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach dul i gcomhairle le gairmithe lena mbaineann in FSS, agus le gníomhaireachtaí

seachtracha más gá é sin, lena fháil amach an bhfuil bunús leis an amhras faoina leithéid de dhrochúsáid. Ní cóir do FSS fanacht go ndearbhaíonn an t-aonad um mheasúnú drochúsáid leanaí a leithéid de dhrochúsáid, nó go ndearbhaítear aon bhealach eile é, sula gcuirtear fógra chuig an nGarda Síochána faoi.

- 7.4.2 Ní mór do FSS a chur in iúl i gcónaí don té atá ag tuairisciú faoi amhras atá air nó uirthi faoi dhrochúsáid leanaí go dtabharfar an fhaisnéis sin don Gharda Síochána freisin.
- 7.4.3 Níl sé de dhualgas ar FSS a chur in iúl don Gharda Síochána sa ghnáthchúrsa faoi chásanna drochúsáide mothúchánaí nó faillí neamhthoiliúil toisc go mb'fhéidir nach mbeadh ceisteanna forfheidhmithe dlí ann ina leithéid de chásanna. Ba chóir, áfach, dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána sna cásanna sin ina bhfuiltear in amhras faoin ngá le fógra a thabhairt.
- 7.4.4 D'fhéadfadh sé tarlú uaireanta go bhfaigheadh FSS amach faoi chásanna drochúsáide i leith leanaí anaithnide ina bhfuil siad á ngrianghrafadh, á bhfístaifeadh nó á scannánú i ngan fios dóibh ar mhaithe le pornagrafaíocht. Ba chóir é sin a insint don Gharda Síochána.

### **Nós imeachta do FSS chun fógra a thabhairt don Gharda Síochána**

- 7.4.5 Is é seo a leanas an nós imeachta do FSS chun fógra a thabhairt don Gharda Síochána faoi chás amhrasta maidir le drochúsáid fhisiceach nó ghnéasach á tabhairt do leanbh, nó faillí toiliúil, á déanamh air nó uirthi.
- (i) Seolann an duine ainmnithe laistigh de FSS **an Fhoirm Fhógartha Chaighdeánach** chuig Ceannfort áitiúil an Gharda Síochána (*féach Aguisín 4*). Má tharlaíonn sé go bhfuil breis agus leanbh amháin i gceist ba chóir Foirm Fhógartha Chaighdeánach faoi leith a sheoladh i gcás gach linbh díobh. Coinnítear cóip i gcomhad gach linbh. Ainmnítear an t-oibrí sóisialta atá ag plé leis an gcás (nó an duine ainmnithe eile) ar an bhfoirm.
  - (ii) Déanann Ceannfort an Gharda Síochána socruithe chun Garda ainmnithe a shainiú don chás a luaithe is a fhaightear an Fhoirm Fhógartha Chaighdeánach, agus insíonn sé ainm an Gharda sin agus an stáisiún ina bhfuil sé nó sí ag obair don duine ainmnithe laistigh de FSS.
  - (iii) Téann an Garda ainmnithe i dteagmháil gan mhoill le hoibrí sóisialta FSS (nó leis an duine ainmnithe eile) atá ag déileáil leis an gcás chun na sonraí a fháil.
  - (iv) Nuair a bhíonn teagmháil déanta acu le chéile cuireann an t-oibrí sóisialta agus an Garda ainmnithe tús le comhlánú Fhoirm Thaifeadta Idirchaidrimh An Gharda – FSS (*féach Aguisín 6*).
  - (v) Ag an am céanna sannfaidh Ceannfort an Gharda Cigire nó Sáirsint ainmnithe chun an t-imscrúdú a stiúradh, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agus le dul i gcomhairle leis an duine ainmnithe arna cheapadh ag FSS don chás.
  - (vi) Murar féidir leis an nGarda ainmnithe agus an oibrí sóisialta dul i dteagmháil le chéile, rachaidh an cheist ar ais go dtí Ceannaire na Foirne Oibre Sóisialta ó FSS don chás agus go dtí Cigire nó Sáirsint ainmnithe an Gharda Síochána láithreach lena réiteach.

## **7.5 Comhairliúchán neamhfhoirmiúil**

- 7.5.1 Sna cásanna sin ina bhfuil a fhios ag FSS go bhfuil ábhair imní ann faoi leanbh, ach nach bhfuiltear in ann teacht ar fhoras chun fógra foirmiúil a thabhairt, ba chóir do FSS dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána ar bhonn neamhfhoirmiúil. Ba chóir daoine a spreagadh chun a leithéid de theagmháil a dhéanamh chun leas cibé leanbh atá i gceist a chosaint.

## **7.6 Idirghabháil éigeandála**

- 7.6.1 Tá sé de dhualgas ar FSS beart cosanta a dhéanamh ar an bpointe má mheastar go bhfuil leanbh i mbaol láithreach. Tá sé rí-thábhachtach go n-inseodh FSS don Gharda Síochána a luaithe agus is féidir, trí Fhoirm Fhógartha Chaighdeánach a sheoladh chucu, faoi aon bheart a rinneadh nó atá á bheartú (*féach Aguisín 4*).

## 7.7 Cásanna atá le fógart go foirmiúil ag an nGarda Síochána do FSS

- 7.7.1 Ní mór FSS a chur ar an eolas go foirmiúil i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Alt 7.7.4 thíos má tá amhras ar an nGarda Síochána go bhfuil drochúsáid mhothúcháinach fhisiceach nó ghnéasach á tabhairt do leanbh, nó faillí (toiliúil nó neamhthoiliúil) á dhéanamh air nó uirthi. Ní gá go mbeadh dóthain fianaise ag an nGarda Síochána chun ionchúiseamh coiriúil a thionscnamh sula n-insíonn siad do FSS faoi.
- 7.7.2 Ba chóir don Gharda Síochána fógra a thabhairt do FSS faoi na cásanna sin a bhfuil ceist cosanta linbh ag baint leo, cásanna mar shampla, nuair atá an droch-úsáideoir amhrasta i dteagmháil leanúnach le leanaí eile. Más gá seirbhísí comhairliúcháin agus seirbhísí tacaíochta eile a sholáthar d'íospartaigh ionsaithe ba chóir don Gharda Síochána dul i dteagmháil le FSS fiú mura bhfuil sna cásanna sin ó thaobh an Gharda de ach ceistanna forfheidhmithe an dlí.
- 7.7.3 D'fhéadfadh baint a bheith ag an nGarda Síochána le himscrúdú a dhéanamh ar chás drochúsáide linbh nó ar dhrochúsáid a nochtadh a rinneadh píosa fada ó shin, nach bhfuil baint ag FSS leis. Ba chóir don Gharda Síochána comhairle FSS a iarraidh maidir le seirbhísí comhairliúcháin agus tacaíochta eile a sholáthar d'íospartaigh dá mbeadh sé sin oiriúnach.

### Nós imeachta don Gharda Síochána chun fógra a thabhairt do FSS

- 7.7.4 Is é seo a leanas an nós imeachta don Gharda Síochána chun fógra a thabhairt do FSS faoi chás amhrasta maidir le drochúsáid mhothúcháinach, fhisiceach nó ghnéasach nó faillí linbh:
- (i) Seolann Ceannfort an Gharda Síochána **an Fhoirm Fhógartha Chaighdeánach** chuig an duine ainmnithe laistigh de FSS (*féach Aguisín 5*). Coinníonn an Garda ainmnithe atá ag déileáil leis an gcás agus Cigire nó Sáirsint ainmnithe an Gharda Síochána cóip di. Má tharlaíonn sé go bhfuil breis agus leanbh amháin i gceist ba chóir Foirm Fhógartha Chaighdeánach faoi leith a sheoladh i gcás gach linbh díobh.
  - (ii) A luaithe is a fhaigheann sé nó sí an Fhoirm Fhógartha Chaighdeánach, déanann an duine ainmnithe laistigh de FSS socrúithe trí Cheannaire na Foirne Oibre Sóisialta ó FSS, chun oibrí sóisialta (nó duine ainmnithe eile) a shainiú don chás agus cuireann sé nó sí ainm an oibrí sóisialta ainmnithe sin agus an áit ina bhfuil sé nó sí in iúl do Cheannfort an Gharda Síochána.
  - (iii) Téann an t-oibrí sóisialta atá sannta don chás i dteagmháil gan mhoill leis an nGarda ainmnithe atá i gceannas ar an gcás chun na sonraí a fháil.
  - (iv) Nuair a bhíonn teagmháil déanta acu le chéile cuireann an t-oibrí sóisialta agus an Garda ainmnithe tús le comhlánú Fhoirm Thaifeadta Idirchaidrimh An Gharda - FSS (*féach Aguisín 6*).
  - (v) Ag an am céanna sannfaidh Ceannfort an Gharda Síochána Cigire nó Sáirsint ainmnithe chun an t-imscrúdú a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh leis agus le dul i gcomhairle leis an mbainisteoir a cheapfaidh FSS don chás.
  - (vi) Murar féidir leis an nGarda ainmnithe agus leis an oibrí sóisialta de chuid FSS teagmháil a bheith acu le chéile, rachaidh an cheist ar ais go dtí Ceannaire na Foirne Oibre Sóisialta de chuid FSS agus go dtí Cigire ainmnithe an Gharda Síochána láithreach lena réiteach.
- 7.7.5 Beidh an **Fhoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh** ar a mbeidh Ceannaire na Foirne Oibre Sóisialta ó FSS agus Cigire nó Sáirsint an Gharda Síochána – freagrach as a chinntiú go mbeidh idirchaidreamh ar siúl idir gníomhaireachtaí agus go ndéanfar gach Foirm Fhógartha Chaighdeánach a phróiseáil mar is cuí, mar seo a leanas:
- Laistigh den Gharda Síochána, éilíonn an próiseas fógartha go gcaithfidh an Fhoirm Fhógartha Chaighdeánach ó FSS (*féach Aguisín 4*) a bheith faighte ag an nGarda ainmnithe, ag Cigire nó Sáirsint ainmnithe an Gharda Síochána agus ag Ceannfort an Gharda Síochána.

- Laistigh de FSS, éilíonn an próiseas fógartha, go gcaithfidh an Fhoirm Fhógartha Chaighdeánach ón nGarda Síochána (*féach Aquisín 5*) a bheith faighte ag an oibrí sóisialta ainmnithe, ag ceannaire ainmnithe na Foirne Oibre Sóisialta agus ag an duine ainmnithe laistigh de FSS.

## 7.8 Comhairliúchán neamhfhoirmiúil

- 7.8.1 Sna cásanna sin ina bhfuil a fhios ag an nGarda Síochána go bhfuil ábhair imní ann faoi leanbh, ach nach bhfuil siad in ann teacht ar fhorais leordhóthanacha chun fógra foirmiúil a thabhairt do FSS, ba chóir don Gharda Síochána dul i gcomhairle le FSS ar bhonn neamhfhoirmiúil. Ba chóir daoine a spreagadh chun a leithéid de theagmháil a dhéanamh chun leas cibé leanbh atá i gceist a chosaint.

## 7.9 Idirghabháil éigeandála

- 7.9.1 D'fhéadfadh sé tarlú uaireanta go mbeidh ar an nGarda Síochána beart a dhéanamh láithreach chun leanbh a chosaint gan fógra a thabhairt do FSS faoi ar dtús. Tá sé riachtanach go gcuirfeadh an Garda Síochána FSS ar an eolas a luaithe agus is féidir faoi aon bheart atá déanta acu tríd an bhFoirm Fhógartha Chaighdeánach a sheoladh a luaithe agus is féidir (*féach Aquisín 5*).

## 7.10 Cásanna a Mheasúnú agus a Imscrúdú

- 7.10.1 Tá sé riachtanach comhordú a dhéanamh ar fhiosrúcháin a dhéanann FSS agus an Garda Síochána lena chinntiú:
- (i) go ndéanfar leas an linbh a chosaint;
  - (ii) go ndéanfar gach rud is féidir le cabhrú leis an imscrúdú coiriúil agus an fhianaise atá ar fáil a chosaint;
  - (iii) go mbeidh sreabhadh éifeachtach faisnéise ábhartha idir an dá ghníomhaireacht;
  - (iv) go ndéanfar cinntí agus bearta de thoradh comhairliúcháin idir an dá ghníomhaireacht.

## 7.11 Ceisteanna atá le cíoradh ag an nGarda Síochána agus ag FSS le linn cásanna amhrasta i dtaca le drochúsáid leanaí a mheasúnú, a imscrúdú agus a bhainistiú

- 7.11.1 **Agallamh a chur:** Sna cásanna sin ina bhfuil measúnú speisialtóireachta ar siúl maidir le drochúsáid ghnéasach linbh ba chóir cuidiú leis an nGarda Síochána agallamh a chur ar an leanbh go luath chun go mbeifear in ann ráitis a fháil uaidh nó uaithi ar an mbealach is lú a chuirfidh strus ar an leanbh (*féach Caibidil 6, Rannán 6.4*). Ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an té sin a rinne an líomhain maidir le drochúsáid ghnéasach a thuairisciú ar dtús, nó an té a ndearnadh an líomhain leis nó léi, a bheith ina f(h)inné fíorthábhachtach agus ba chóir don Gharda Síochána agallamh a chur ar an té sin a luaithe agus is féidir. De réir Alt 16(1)(b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 beidh fistaifeadh ar ráitis a dhéanann leanaí atá faoi bhun 14 bliana d'aois le linn agallaimh le ball den Gharda Síochána nó le duine inniúil eile inghlactha mar fhianaise sa Chúirt. Forbraíodh saoráidí speisialta chun na hagallaimh sin a dhéanamh, chomh maith le hoiliúint d'oibrithe sóisialta agus do Ghardaí a dhéanann na hagallaimh sin.
- 7.11.2 **Coimeád taifead:** Ba chóir do FSS agus don Gharda Síochána taifead i scríbhinn a choinneáil faoi na cinntí a rinneadh faoin gcás (*féach Caibidil 5, Rannán 5.21*). Ba chóir don taifead sin a bheith ar fáil fiú mura mbíonn na daoine ainmnithe ar leith a sannadh don chás i láthair. Ba cheart gach teagmháil idir FSS agus an Garda Síochána a thaifeadh. Ní mór na sonraí a thaifeadh go mion faoi aon chinneadh a dhéanann FSS nó an Garda Síochána gan leanúint ar aghaidh le chás.

7.11.3 **Plean um Chosaint Leanai:** Ba chóir do gach duine lena mbaineann comhaontú ar phlean um chosaint leanai. Déanfar na pleananna sin a athbhreithniú ar bhonn leanúnach (*féach Caibidil 5, Rannán 5.9*).

7.11.4 **Cruinnithe Straitéise agus Comhdhálacha um Chosaint Leanai:** Ba chóir cuireadh a thabhairt ar an gcéad dul síos do Cheannfort an Gharda Síochána agus ba cheart an clár oibre a chlúdófar a thabhairt dó/dí, ionas go mbeidh an Garda ainmnithe in ann a bheith i láthair, más cuí sin.

7.11.5 **Idirchaidreamh le tuismitheoirí/cúramóirí:** Ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun tuismitheoirí nó cúramóirí an linbh a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí sa chás ach amháin dá gcuirfeadh sé sin an leanbh i mbaol níos mó nó dá gcuirfeadh sé bac ar an imscrúdú coiriúil. Is é an gnáthnós atá ann cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí nó do chúramóirí teacht chuig comhdhálacha um chosaint leanai. Má chuireann sé sin isteach ar an bpróiseas imscrúdaithe ba chóir do na bainisteoirí cáis ábhartha, is é sin le rá Ceannaire na Foirne Oibre Sóisialta agus Cigire nó Sáirsint ainmnithe an Gharda Síochána, an t-ábhar a réiteach eatarthu féin. Ba chóir tuairimí na dtuismitheoirí/gcúramóirí a fháil faoi na ceistanna a ardófar ag comhdháil um chosaint leanai chun go mbeidh siad in ann comhairle a fháil agus a n-aighneachtaí a ullmhú. Ba chóir gach beart a dhéanfar mar fhreagra ar an imní atá ar dhaoine faoi dhrochúsáid leanai a dhéanamh ar bhealach a thacóidh le teaghlaigh cúram sábháilte, cothaitheach a chur ar fáil dá leanai ag an am sin nó san am atá le teacht. Is féidir mothúcháin théana amhail fearg, faitíos, náire, ciontachta nó easpa cumhachta a bheith ar thuismitheoirí/chúramóirí má iarrtar orthu páirt a ghlacadh in imscrúdú ar dhrochúsáid amhrasta leanai. Lena chois sin ní thuigeann tuismitheoirí/cúramóirí de ghnáth go bhféadfadh an cás a bheith an-chasta agus ní bhíonn na rialacha cuí iompair ar eolas acu.

Ba chóir do ghairmithe muinín na dteaghlach a chothú chomh fada agus is féidir nuair atá baint acu le himscrúduithe/measúnuithe maidir le drochúsáid leanai. B'fhéidir go mbeadh sé míréadúil a bheith ag súil go mbeadh muinín ag FSS / an Garda Síochána agus teaghlaigh as a chéile nuair atá cúrsaí chomh deacair sin. In ainneoin sin is uile is féidir caidreamh muiníne a bheith ann má shocraíonn na gairmithe na coinníollacha riachtanacha lena forbairt.

Má tá deacracht cumarsáide ag an leanbh nó ag an tuismitheoir nó cúramóir, ba chóir socruithe a dhéanamh le cabhrú leo i rith an agallaimh. D'fhéadfadh ateangaire comharthaíochta a bheith i gceist anseo, nó cló mór, téip nó braille. Ba chóir seirbhísí ateangaire a chur ar fáil do dhaoine nach é an Béarla a gcéad teanga.

7.11.6 **Drochúsáid lasmuigh den teaghlach:** I gcás ina gcuirtear in iúl don FSS nó don Garda Síochána go bhfuil leanbh i mbaol nó gur thug duine lasmuigh den teaghlach drochúsáid dó nó di, déanfaidh FSS:

- (i) measúnú riachtanais ar an leanbh agus tacaíocht a sholáthar mar is gá;
- (ii) iarracht tabhairt faoi mheasúnú riosca ar an droch-úsáideoir líomhnaithe, más eol cé hé, de réir bheartas FSS.

7.11.7 **Drochúsáid eagraithe a imscrúdú:** Ní foláir comhoibriú an-íogair a bheith ann idir FSS agus an Garda Síochána nuair atá cásanna drochúsáide eagraithe á n-imscrúdú. D'fhéadfadh obair faireacháin agus níos mó rúndachta a bheith i gceist ná mar a bheifí ag súil leis in obair chosanta leanai. B'fhéidir nár mhaith an rud é faisnéis iomlán a thabhairt do na teaghlaigh le linn céimeanna tosaigh an imscrúdaithe toisc go bhféadfaí bac a chur ar an obair bhraite dá sárófaí rúndacht (*féach Ailt 7.16.9-12*).

## 7.12 Rúndacht

7.12.1 Tá sé riachtanach gach faisnéis a thugann FSS agus an Garda Síochána dá chéile a choinneáil faoi rún chun príobháideachas na leanai agus na dteaghlach lena mbaineann a chosaint agus chun nach ndéanfar dochar d'imeachtaí dlí ina dhiaidh sin.

7.12.2 Ní mór na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, a chur san áireamh nuair atá iarratas ar rúndacht á mheas (*féach Aguisín 7*). Tá feidhm ag na hAchtanna maidir le FSS i láthair na huaire, ach níl

feidhm acu maidir leis an nGarda Síochána. Glacfar leis gur taifid ‘triú páirt’ iad taifid FSS ina bhfuil tagairt do chumarsáid leis an nGarda Síochána, lena n-áirítear taifid ar chruinnithe ag a bhfuil na Gardaí i láthair, agus dá bhrí sin, cuirfear iad faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána nuair atá aon iarratas ar shaoráil faisnéise faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise á mheas.

- 7.12.3 Beidh nithe dá samhail infheidhme maidir le hiarratais arna bhfáil faoi fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (*féach Aquisín 7*).

### 7.13 Idirchaidreamh leanúnach

- 7.13.1 Ba chóir d’oibrí sóisialta FSS agus don Gharda ainmnithe a bheith i dteagmháil le chéile go rialta, agus na forbairtí sa chás a chur in iúl dá chéile de réir mar a tharlaíonn siad, agus ba chóir dóibh iad a thaifeadadh i bhFoirm Thaifeadta Idirchaidrimh An Gharda - FSS (*féach Aquisín 6*). Ba chóir an nasc idir an dá ghníomhaireacht a choinneáil go dtí go mbeidh an t-imscrúdú coiriúil críochnaithe agus go mbeidh an t-ionchúiseamh (más infheidhme) curtha i gcrích.
- 7.13.2 Ba chóir don dá ghníomhaireacht gnéithe áirithe den imscrúdú a mheas, lena n-áirítear:
- (i) tionchar an ionchúisimh ar an leanbh (íospartach);
  - (ii) tionchar na drochúsáide líomhnaithe ar an leanbh;
  - (iii) tacaíocht d’fhinnéithe linbh agus d’fhinnéithe fásta;
  - (iv) seirbhísí tacaíochta d’íospartaigh.

### 7.14 Cruinniú Straitéise

- 7.14.1 Is é an cuspóir atá ag cruinniú straitéise ná roinnt agus measúnú faisnéise a éascú idir gairmithe agus plean gníomhaíochta a ullmhú chun leanbh, agus na leanaí eile sa teaghlach a chosaint, más gá. Ag brath ar na cúinsí, is féidir le cuid de na gairmithe lena mbaineann nó iad ar fad, ón leibhéal bainistíochta nó measúnaithe cáis, a bheith rannpháirteach sa chruinniú straitéise. Tá sé tábhachtach go mbeadh Garda ainmnithe i láthair ag an gcruinniú seo más cuí, go háirithe má tá nósanna imeachta fógartha foirmiúla á ngairm nó nó má gaireadh iad.
- 7.14.2 Is faoi Cheannaire na Foirne Oibre Sóisialta nó faoin mBainisteoir Oibre Sóisialta de chuid FSS atá sé cruinniú straitéise a réachtáil.
- 7.14.3 Cé go ndéanfar cruinnithe straitéise a thionól go foirmiúil den chuid is mó, in imthosca áirithe, go háirithe i gcás práinne, d’fhéadfadh teagmháil nach bhfuil chomh foirmiúil a bheith i gceist leis an gcruinniú straitéise.
- 7.14.4 Tá cuspóirí an chruinnithe leagtha amach go mion i gCaibidil 5, Alt 5.7.4.

### 7.15 Comhdháil um Chosaint Leanaí

- 7.15.1 Is é atá i gcomhdháil um chosaint leanaí ná cruinniú idirghníomhaireachta agus idirghairmiúil a thionóllann an duine ainmnithe laistigh de FSS (*féach Cabidil 5, Rannán 5.8*).
- 7.15.2 Is é an cuspóir atá ag comhdháil um chosaint leanaí ná roinnt agus measúnú faisnéise a éascú idir gairmithe agus tuismitheoirí nó cúramóirí, agus plean um chosaint leanaí a cheapadh (*féach Caibidil 5, Rannán 5.9*).
- 7.15.3 Ba chóir cuireadh a thabhairt ar an gcéad dul síos do Cheannfort an Gharda Síochána a bheith i láthair ag comhdháil um chosaint leanaí agus ba cheart an clár oibre a chlúdófar a thabhairt dó/dí, ionas go mbeidh an Garda ainmnithe in ann a bheith i láthair, más cuí sin.

## 7.16 Dálaí Speisialta

- 7.16.1 Bíonn spéis ar leith ag an nGarda Síochána i gcuid de na hábhair imní faoi chosaint leanaí a chuirtear ar shúile FSS.

### Aois toilithe

- 7.16.2 Chun críocha an dlí choiriúil de is é 17 mbliana d'aois an aois toilithe do ghníomhaíocht ghnéasach. Ciallaíonn sé seo, mar shampla, go bhfuil caidreamh gnéasach idir cailín atá 16 bliana d'aois agus a buachaill atá 17 mbliana d'aois neamhdhleathach, cé go mb'fhéidir nach mbreathnófaí air mar 'dhrochúsáid ghnéasach leanaí'. Ar aon nós, ba chóir go ndéanfaí aon imscrúduithe ar bhealach a bheidh an-tuisceanach do riachtanais an linbh.
- 7.16.3 Má tharlaíonn sé nach bhfuil aon amhras ann ná nach ndearnadh aon líomhain faoi dhrochúsáid, ach go bhfuil an buachaill nó an cailín faoi aois, ba chóir do FSS agus don Gharda Síochána dul i gcomhairle le chéile agus scrúdófar gach gné den chás. Ní mór don dá ghníomhaireacht a aithint go dteastaíonn fogaireacht mhór d'fhonn cabhrú le daoine óga leochaileacha leas a bhaint as na seirbhísí riachtanacha go léir, agus na ceanglais dhlíthiúla ábhartha á gcomhlíonadh acu ag an am céanna.

### Toircheas faoi aois

- 7.16.4 Nuair a thagann cailín torrach faoi bhun 17 mbliana d'aois chuig seirbhís sláinte, déanfaidh gairmí sláinte iarracht a fháil amach an bhfuil aon ábhar imní ann maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí. I gcás ina bhfuil ábhair imní ann, déanfaidh an gairmí sláinte an cás a atreorú chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghligh FSS.
- 7.16.5 I gcás ina bhfuil amhras ann nó ina ndearnadh líomhain faoi dhrochúsáid agus cuireadh an duine ainmnithe laistigh de FSS ar an eolas faoi sin, sa chás sin, ní mór don duine ainmnithe laistigh de FSS an Garda Síochána a chur ar an eolas faoi agus leas a bhaint as an bhFoirm Fhógartha Chaighdeánach (*féach Aguisín 4*).
- 7.16.6 Mura bhfuil amhras ann nó mura ndéantar líomhain faoi dhrochúsáid, ba chóir go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm ag FSS chun treoir a thabhairt maidir le dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána chun iniúchadh a dhéanamh ar gach gné de chásanna dá leithéid. Ní mór don dá ghníomhaireacht a aithint go dteastaíonn fogaireacht mhór d'fhonn cabhrú le cailíní óga leochaileacha leas a bhaint as na seirbhísí míochaine agus teiripeacha agus na ceanglais dhlíthiúla ábhartha á gcomhlíonadh acu ag an am céanna.

### Nochtadh faisnéise atá ag dul siar píosa fada ag daoine fásta

- 7.16.7 Nuair a nochtann duine fásta gur tugadh drochúsáid dó nó di le linn a (h)óige agus má chuirtear an méid sin ar shúile FSS nó an Gharda Síochána nó seirbhís eile, ní mór a fháil amach an bhfuil aon bhaol ann faoi láthair d'aon leanbh a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil leis an droch-úsáideoir líomhnaithe a luaigh an duine fásta. Caithfidh an dá eagraíocht an fhaisnéis sin a roinnt, eatarthu féin má mheastar go bhfuil aon bhaol ann, agus tar éis dóibh na nósanna imeachta fógartha a leanúint (*féach Ailt 7.4.5 agus 7.7.4*). Tá sé riachtanach an fhaisnéis ábhartha maidir le haon cheann de na cásanna thuas a chur i dtoll a chéile go cúramach agus go gcuirfeadh gníomhaireacht amháin an ghníomhaireacht eile ar an eolas faoina leithéid d'ábhair imní le linn imscrúdaithe.
- 7.16.8 Chomh maith leis sin, ba chóir a mheas an gá an duine fásta a atreorú ionas gur féidir leis nó léi comhairleoireacht nó cóireáil a fháil nó leas a bhaint as seirbhísí tacaíochtaí eile atá ann d'íospartaigh ionsaithe.

### Drochúsáid eagraithe

- 7.16.9 Níl sna cásanna drochúsáide eagraithe ach céatadán an-bheag de na hábhair imní maidir le cosaint leanaí a chuirtear ar shúile FSS. In ainneoin sin is uile, is cásanna casta iad agus ní mór iad a láimhseáil go cúramach. Is éard a tharlaíonn go bunúsach i gcásanna drochúsáide eagraithe ná go mbogann duine fásta isteach i gceantar nó in institiúid agus go dtosaíonn sé/sí ag sáinniú leanaí go córasach chun críche drochúsáide (drochúsáid ghnéasach de ghnáth) nó go ndéanann beirt nó níos mó daoine fásta comhcheilg chun drochúsáid den sórt céanna a thabhairt do leanaí trína mealladh.

- 7.16.10 D'fhéadfadh drochúsáid eagraithe tarlú in áiteanna éagsúla - mar shampla, sa phobal, i gcumainn, sa teaghlach, sa mhórtheaghlach nó in institiúid.
- 7.16.11 Is minic a bhaineann na tosca seo a leanas le drochúsáid eagraithe:
- (i) D'fhéadfadh sé blianta fada a thógáil sula féidir é a bhrath.
  - (ii) Bíonn sé deacair líon na n-íospartach a chomhaireamh toisc go mbíonn a lán acu tar éis bogadh ón gceantar. Uaireanta is gá rudaí mar línte cabhrach agus fógraí a úsáid le dul i dteagmháil leis na híospartaigh.
  - (iii) Is minic a bhíonn íospartaigh a bhí faoi chúram agus iad ag fás aníos níos leochaillí agus níos neamhchumhachtaí ná íospartaigh drochúsáide eile.
  - (iv) D'fhéadfadh brú faoi leith a bheith ar na híospartaigh de bharr bagairtí a rinneadh nó toisc go bhfuil náire orthu nó go measann siad go bhfuil siad féin ciontach.
  - (v) D'fhéadfadh sé gur chabhraigh cuid de na híospartaigh le droch-úsáideoirí leanaí eile a sháinniú agus b'fhéidir gur droch-úsáideoirí iad féin anois.
  - (vi) D'fhéadfadh teaghlaigh oibriú i gcomhar le droch-úsáideoirí i ngan fhios dóibh féin trína bheith cairdiúil leo agus bronnatais a ghlacadh uathu agus trína leanaí a spreagadh le baint a bheith acu leo.
- 7.16.12 Ní mór comhoibriú fíor-thuisceanach a bheith idir FSS agus an Garda Síochána chun drochúsáid eagraithe a imscrúdú. D'fhéadfadh obair faireacháin agus níos mó rúndachta a bheith i gceist ná mar a bheifí ag súil leis in obair chosanta leanaí. B'fhéidir nár mhaith an rud é faisnéis iomlán a thabhairt do na teaghlaigh le linn céimeanna tosaigh an imscrúdaithe toisc go bhféadfaí bac a chur ar an obair bhraite dá sárófaí rúndacht.

## 7.17 Socruithe chun leanaí atá i mbaol i gceantair nó i ndlínsí eile a chosaint

- 7.17.1 Nuair a chreidtear go bhfuil teaghlach ina bhfuil leanaí agus a measann FSS nó an Garda Síochána iad a bheith i mbaol aistrithe ó cheantar amháin go dtí ceantar eile laistigh den Stát, tabharfar an fhaisnéis ábhartha don Oifig Sláinte Áitiúil chuí. Forbróidh FSS prótacal chun faisnéis a mhalartú sna cásanna sin, ag glacadh cúinsí cosanta sonraí san áireamh.
- 7.17.2 Nuair a chreidtear go bhfuil teaghlach ina bhfuil leanaí agus a measann FSS nó an Garda Síochána iad a bheith i mbaol aistrithe chuig dlínse eile, ba chóir an fhaisnéis ábhartha a sheoladh chuig an údarás cuí sa Stát sin. Forbróidh FSS prótacal chun faisnéis a mhalartú sna cásanna sin, agus freisin i gcásanna ina bhfuil duine a measann FSS é/i a bheith dainséarach do leanaí bogtha chuig dlínse eile, ag glacadh cúinsí cosanta sonraí san áireamh.
- 7.17.3 Ní mór faisnéis maidir le leanaí a dteastaíonn cúram agus cosaint uathu agus a bhogann chuig tíortha seachas an Ríocht Aontaithe a sheoladh chuig an gcomhfhreagraí Éireann don tSeirbhís Shóisialta Idirnáisiúnta (SSI), a chuirfidh an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig an teagmhálaí SSI cuí sa tír ábhartha. Chun leas a bhaint as an líonra SSI, ba chóir an fhaisnéis ábhartha a sheoladh chuig comhfhreagraí SSI na hÉireann ag:
- An tSeirbhís Shóisialta Idirnáisiúnta
  - FSS an Iarthair
  - Sciathán Thoir Theas
  - Ospidéal Naomh Seosamh
  - Sráid Mulgrave
  - Luimneach Co. Luimnigh, Éire
  - Teil: 00353 61 461380
  - Facs: 00353 61 412355
  - Ríomhphost: ISS@hse.ie

## **7.18 Socruithe chun leanaí i mbaol a thagann ar imirce go hÉirinn ó dhlinse eile a chosaint**

- 7.18.1 Cuirtear faisnéis a fhaightear ón tSeirbhís Shóisialta Idirnáisiúnta (SSI) maidir le leanaí óna dteastaíonn cúram agus cosaint agus a thagann go hÉirinn ó thar lear ar aghaidh chuig an gcomhfhreagraí atá ag an SSI in Éirinn agus ag an seoladh a thugtar in Alt 7.17.3 thuas.
- 7.18.2 Caithfear nósanna imeachta fógartha a leanúint láithreach nuair a thugtar le fios do FSS nó don Gharda Síochána go bhfuil leanaí a mheastar a bheith i mbaol tar éis bogadh isteach sa cheantar. Caithfidh FSS agus an Garda Síochána cruinniú straitéise a eagrú chun an fhaisnéis ábhartha a mheas más gá sin.



**CUID IV:**  
**Dálaí Speisialta**

---

## 8. Leanaí an-leochaileach

### 8.1 Cuspóir

8.1.1 Tá treoir bhreise sa chaibidil seo faoi leanaí a d'fhéadfadh a bheith an-leochaileach agus a ndearnadh drochúsáid nó faillí orthu nó a bhfuil an baol ann go ndéanfar a leithéid orthu. Áirítear leo siúd:

- leanaí in ionaid chónaitheacha;
- leanaí i gcúram an Stáit faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991:
  - faoi chúram altrama;
  - faoi chúram gaolta;
  - faoi chúram cónaithe.
- leanaí gan dídean;
- leanaí faoi mhíchumais;
- leanaí scartha ag lorg tearmainn;
- leanaí atá á ngáinneáil.

### 8.2 Ról FSS

8.2.1 Ní mór do FSS faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, an phríomhfhreagracht a ghlacadh chun measúnú agus bearta oiriúnacha a dhéanamh chun leas an linbh nó na leanaí atá i gceist a chosaint. Is éard a chiallaíonn sé seo go praiticiúil ná go ndéanfaidh an duine ceaptha in FSS comhordú ar na seirbhísí sin atá riachtanach le fáil amach cibé an bhfuil cúram nó cosaint ag teastáil ó leanbh nó ó leanaí faoi leith agus na bearta cuí a ghlacadh más gá. Chun go mbeifear in ann é sin a dhéanamh, oibreoidh an duine ainmnithe go dlúth leis an tseirbhís atreoraithe agus iarrfaidh an té sin cabhair ar an tseirbhís más gá é sin.

### 8.3 Ról an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus na Cigireachta Seirbhísí Sóisialta (CSS)

8.3.1 Tá freagracht reachtúil ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) maidir le Caighdeán a fhorbairt do Sheirbhísí Sláinte agus Sóisialta, lena n-áirítear Caighdeán i gcomhair Seirbhísí Leanaí. I measc na gcaighdeán náisiúnta a forbraíodh le haghaidh seirbhísí leanaí bhí treoir maidir le dea-chleachtas chun leanaí agus daoine óga a choinneáil slán agus iad a chosaint.

8.3.2 Tá an Chigireacht Seirbhísí Sóisialta (CSS) de chuid HIQA freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar ionaid chónaithe FSS do leanaí, ionaid cúraim speisialta, ar bhrúnna, ar chúram gaolta agus ar chúram altrama agus ar Scoileanna Coinneála Leanaí, agus lena chois sin bíonn orthu iniúchadh a dhéanamh ar conas a chuirtear cosaint leanaí i bhfeidhm. (Déanann FSS cigireacht ar ionaid chónaithe agus brúnna do leanaí atá á rith ag na hearnálacha príobháideacha agus deonacha agus cláraíonn sí iad.) Nuair a bheidh feidhm iomlán ag an gCigireacht Seirbhísí Sóisialta faoi Acht Sláinte, 2007, cláróidh sí agus iniúchfaidh sí an chóiríocht chónaitheach go léir i gcomhair leanaí atá faoi chúram cónaitheach agus an chóiríocht i gcomhair daoine fásta agus leanaí faoi mhíchumas.

### 8.4 Leanaí in ionaid chónaithe oideachais agus áineasa

8.4.1 Ba chóir dóibh siúd a bhfuil baint acu le haire a thabhairt do leanaí in ionaid chónaithe lasmuigh den bhaile, lena n-áirítear scoileanna, a bheith san airdeall go bhféadfadh leanaí eile, cuairteoirí nó baill foirne drochúsáid a thabhairt do leanaí. Ní mór beartais agus nósanna imeachta a bheith ann chun drochúsáid a chosc. Ní mór nósanna imeachta soiléire a bheith ann i scríbhinn faoi conas déileáil le drochúsáid amhrasta. Caithfidh na leanaí agus an fhoireann a bheith in ann teacht ar na nósanna imeachta sin.

- 8.4.2 Má thugann leanbh amháin drochúsáid do leanbh eile in ionad cónaithe ní mór na nósanna imeachta um chosaint leanaí a chur i bhfeidhm i gcás an té a thug an drochúsáid agus i gcás an íospartaigh freisin.

## 8.5 Leanaí in ionaid chónaithe a chosaint

- 8.5.1 Ba chóir go mbeadh teagmháil ag leanaí in ionaid chónaithe le daoine lasmuigh de na hionaid sin. D'fhéadfadh a leithéid de leanaí a bheith an-leochaileach agus d'fhéadfadh deacracht a bheith acu a gcuid fadhbanna a chur in iúl. Ba chóir na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm i ngach ionad cónaithe le haghaidh leanaí:
- (i) Ba chóir córas gearán a bheith i bhfeidhm agus ba chóir a insint do na leanaí faoi agus conas is féidir leo é a úsáid más gá;
  - (ii) ba chóir go mbeadh na leanaí in ann teacht go réidh ar theileafón ar a bhféadfaidh siad labhairt go príobháideach;
  - (iii) ní mór a insint do na leanaí faoi uimhreacha teileafóin na línte cabhrach;
  - (iv) ba chóir cuairteoirí faofa ó lasmuigh den áras a bheith ar fáil chun na leanaí a fheiceáil.

## 8.6 Drochúsáid a thugann cuairteoirí do leanaí in ionaid chónaithe

- 8.6.1 Ní mór a aithint go bhféadfaidh cuairteoirí drochúsáid a thabhairt do leanaí agus is gá iad a chosaint ina aghaidh sin. Má tharlaíonn a leithéid de dhrochúsáid ba chóir déileáil leis de ghnáth faoi mar a dhéileálfaí le teagmhais eile de dhrochúsáid amhrasta.

## 8.7 Drochúsáid a thugann an fhoireann do leanaí in ionaid chónaithe nó faillí a dhéanann siad orthu

- 8.7.1 Ba chóir go mbeadh na leanaí agus an fhoireann in ann tuairisc a thabhairt faoi aon ábhar imní atá acu. Ba chóir go mbeadh treoracha soiléire i scríbhinn ann chun drochúsáid nó faillí amhrasta a thuairisciú. Ní mór oiliúint agus maoirsiú a úsáid chun treisiú a dhéanamh ar a riachtanaí is atá sé a bheith san airdeall agus ábhair imní á dtuairisciú.
- 8.7.2 Ní mór a athdhearbhú do na leanaí agus don fhoireann go bhfuil sé tábhachtach aon ábhar imní atá acu a nochtadh. Ba chóir do lucht bainistíochta freagra tapa cuí a thabhairt ar gach tuairisc agus féachaint chuige go ndéantar beart éifeachtach. Ba chóir taifead i scríbhinn den tuairisc a athdhearbhú leis an té a tharraing anuas an t-ábhar imní.
- 8.7.3 Ba chóir socruithe roimh ré a dhéanamh maidir le hagallaimh le leanaí i rith an fhiosruithe agus ba chóir na rudaí seo a leanas a chur ar fáil do na leanaí:
- (i) tacaíocht;
  - (ii) faisnéis faoin iniúchadh agus a thoradh;
  - (iii) príobháideacht le linn na n-agallamh agus cead an teileafón a úsáid agus comhfhreagras a rochtain;
  - (iv) comhairle neamhspleách a fháil más gá;
  - (v) cóiríocht eile más gá.
- 8.7.4 Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta soiléire ann faoi cad a d'fhéadfadh leanbh nó ball foirne a dhéanamh dá measfaidís nach ndearnadh beart cuí nó nár leor é.
- 8.7.5 Ba cheart na gnáthnósanna imeachta cosanta leanaí a chur i bhfeidhm má tá amhras ann go bhfuil ball foirne i mbun drochúsáide nó ag déanamh faillí ar leanbh nó ar leanaí. Ba chóir don fhoireann agus don

lucht bainistíochta comhoibriú go hiomlán leis an iniúchadh. Ní mór a thuiscint go bhféadfadh baill eile foirne a bheith páirteach agus claonpháirteach sa drochúsáid. Má bhíonn amhras ann go ndearnadh a leithéid de dhrochúsáid beidh ar an nGarda Síochána agus baill shinsearacha FSS an gá atá acu le fianaise a fháil a mheá in aghaidh cearta na leanaí sin atá i gceist agus iad ag socrú straitéise i gcomhair fiosraithe.

## 8.8 Leanaí i gcúram an Stáit faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991

- 8.8.1 Tá treoir bhreise leagtha amach thíos maidir le leanaí atá i gcúram an Stáit agus a d'fhéadfadh a bheith i mbaol drochúsáide.

### Cúram Altrama nó Gaolta agus Cúram Cónaitheach

- 8.8.2 Tá foráil san Acht um Chúram Leanaí, 1991 agus sna Rialacháin um Chúram Leanaí 1995 go bhfuil freagrachtaí ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS as leanaí a chuireann siad ag cónaí le gaolta nó le cúramóirí altrama nó a n-eagraíonn siad socrúcháin chónaithe dóibh. Caithfear tús áite a thabhairt i gcónaí do leas an linbh nuair atá socrúithe á ndéanamh leanbh a chur ag cónaí le tuismitheoirí altrama nó le gaolta, agus nuair atá na socrúithe á gcur i bhfeidhm nó maoirsiú á dhéanamh orthu. Ní mór mothúcháin agus mianta an linbh agus a t(h)uismitheoirí a chur san áireamh.
- 8.8.3 Ba cheart na caighdeáin náisiúnta a forbraíodh le haghaidh leanaí faoi chúram altrama nó gaolta agus i gcomhair leanaí i gcúram cónaitheach a bheith ar fáil go héasca ag leanaí, ag cúramóirí altrama nó gaolta agus ag a dteaghlaigh, agus ag foireann FSS ar fad atá páirteach i soláthar na seirbhísí sin (*féach Alt 8.3.1*).
- 8.8.4 D'fhéadfadh sé go ndearnadh drochúsáid nó faillí ar leanaí atá á gcur faoi chúram an Stáit faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991. Caithfear déileáil go han-tuisceanach le haon líomhain drochúsáide nó faillí a líomhnaithe a bheith ar siúl faoi láthair nó san am atá thart, agus ní mór tacaíocht a thabhairt don leanbh agus do dhaoine eile a bhfuil dlúthchaidreamh acu leis an leanbh sin anois, .i. na cúramóirí altrama agus a dteaghlaigh agus aon leanaí eile atá san ionad cónaithe sin.
- 8.8.5 Nuair a bhíonn Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS ag iniúchadh drochúsáide nó faillí líomhnaithe maidir le leanaí i gcúram altrama nó in ionad cónaithe ba chóir sábháilteacht leanaí eile sa teach nó san ionad a chur san áireamh freisin.

## 8.9 Leanaí eile atá an-leochaileach

- 8.9.1 Léiríonn taighde gur fadhb suntasach é drochúsáid a thugtar do leanaí a bhfuil míchumais ag dul dóibh. Is dóchúla go mbíonn aithne ag an íospartach ar an té a imríonn drochúsáid air nó uirthi.
- 8.9.2 Caithfidh tuismitheoirí, múinteoirí agus na foirne go léir a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí a bhfuil míchumais ag dul dóibh na táscairí drochúsáide a bheith ar eolas acu agus a bheith san airdeall faoi chomharthaí drochúsáide.
- 8.9.3 Ba chóir go mbeadh treoirlinnte soiléire ag gach gníomhaireacht agus eagraíocht atá ag obair le leanaí faoi mhíchumais chun drochúsáid agus faillí leanaí a chosc, a aithint agus a thuairisciú agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil oiliúint curtha ar a bhfoirne agus ar a gcuid oibrithe deonacha maidir le húsáid a bhaint as *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*.
- 8.9.4 Ba chóir aird ar leith a thabhairt do leas agus cosaint leanaí nach bhfuil ina gcónaí lena dtuismitheoirí breithe agus nach é an Béarla a dteanga dhúchais.
- 8.9.5 Cúis imní atá ag méadú i gcónaí is ea an chaoi go bhféadfaí leanaí agus daoine óga a gháinneáil isteach sa tír seo ar mhaithe lena ndúshaothrú i bhfostaíocht nó teacht i dtír gnéasach a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh na leanaí diúltú do thairiscintí cúnamh ó FSS toisc eagla a bheith orthu faoina sábháilteacht féin nó faoi shábháilteacht a dteaghlach. Bíonn siad i bhfolach laistigh de phobail go minic toisc nach mbíonn siad ag freastal ar chúrsaí oideachais nó i láthair ag imeachtaí creidimh agus sóisialta.

## 8.10 Leanaí gan dídean

- 8.10.1 Uaireanta tagann leanaí faoi aird FSS nach léir cad iad na dálaí atá acu ach atá gan dídean de bharr deacrachtaí sealadacha b'fhéidir ina saol. Ba chóir do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS na bearta seo, ag teacht le Straitéis i gcomhair Daoine Óga gan Dídean 2001, a dhéanamh ina leithéid de chásanna:
- (i) Faigh amach ón leanbh, ar bhealach a oirfidh dá (h)aois agus dá c(h)éim forbartha an chaoi ar tharla dó nó di a bheith gan dídean.
  - (ii) Déan measúnú ag féachaint an bhféadfaidh an leanbh filleadh ar a (h)áras teaghlaigh féin agus féachaint an gá tacaíocht teaghlaigh a sholáthar chun é sin a bhaint amach.
  - (iii) Déan measúnú ar bhail fhisiciúil, shóisialta agus shíceolaíoch an linbh, lena n-áirítear féachaint an gá cóireáil liachta a sholáthar nó cóireáil le haghaidh fadhbanna drugaí nó alcóil.
  - (iv) Déan measúnú ar na socruithe maidir le cóiríocht nó cúram a sholáthar don leanbh sa ghearrthéarma agus sa bhfadtéarma mura bhfuil sé nó sí in ann filleadh abhaile.
- 8.10.2 Má mheastar nárbh é an rud ab fheiliúnaí é an leanbh a chur ar ais chuig a t(h)uismitheoirí nó a c(h)úramóirí ba chóir labhairt leis an leanbh agus leis na tuismitheoirí nó na cúramóirí le teacht ar shocrú sealadach eile a mbeidís go léir sásta leis agus a nglacfaidís leis.
- 8.10.3 Murar féidir leanbh gan dídean a chur ar ais chuig a t(h)uismitheoirí nó a c(h)úramóirí nó é nó í a chur go sealadach go teach gaolta nó cairde bíonn trí rogha ag Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS:
- (i) Féadfaidh FSS Ordú Cúraim Éigeandála a iarraidh faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 má oireann sé sin do dhálaí an cháis.
  - (ii) Féadfar an leanbh a ghlacadh dá d(h)eoin féin faoi chúram FSS.
  - (iii) Má tharlaíonn sé nach léir cén foras atá ann an leanbh a ghlacadh faoi chúram, nó nach bhfuil a leithéid d'fhoras ann, agus más cosúil nach bhfuil aon chóiríocht oiriúnach ann don leanbh beidh sé de dhualgas ar FSS ionad cónaithe a sholáthar dó nó di a shásóidh a riachtanais. Ba chóir go mba shocrú gearrthéarmach a bheadh ann go dtí go ndéanfar an scéal a mheas ina iomláine.
- 8.10.4 Ba chóir aon ábhar imní faoi chúram agus faoi chosaint linbh gan dídean a mheas sa chaoi chéanna is a mheasfaí aon ábhar imní eile maidir le cosaint linbh.

## 9. Drochúsáid phiara

### 9.1 Cuspóir

- 9.1.1 Tarlóidh sé i gcásanna áirithe de dhrochúsáid leanaí gur faoi leanbh eile a dhéanfar líomhain drochúsáide. Tá sé rí-thábhachtach ina leithéid de chásanna féachaint cén chaoi is féidir le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus gníomhaireachtaí eile cúram a chur ar fáil don leanbh atá ina (h)íospartach *agus* don leanbh eile a thug an drochúsáid. Is é cuspóir na caibidle seo ná treoir a thabhairt faoi chásanna den sórt a aithint agus a bhainistiú.

### 9.2 Treoirínte ginearálta

- 9.2.1 Ba chóir cloí leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí i gcás an íospartaigh *agus* an droch-úsáideora líomhnaithe sna cásanna sin ina líomhnaithe gur leanbh a thug drochúsáid do leanbh eile - is é sin le rá gur chóir glacadh leis gur ceist cúram agus cosaint leanaí atá ann don *bheirt* acu.
- 9.2.2 Caithfear beart a dhéanamh faoi dhrochúsáid a thugann leanbh do leanbh eile. Má bhíonn aon choimhlint leasa ann idir leas an droch-úsáideora líomhnaithe agus leas an íospartaigh caithfear tús áite a thabhairt do leas an íospartaigh.
- 9.2.3 Faoi mar is gá a dhéanamh i ngach cás de dhrochúsáid leanaí tá sé fíor-riachtanach freastal ar riachtantais na leanaí sin a dtugann a bpiaraí drochúsáid dóibh. Beidh idirghabháil uathúil ag teastáil le haghaidh gach cás faoi leith. Ba chóir tacaíocht agus seirbhísí oiriúnacha a chur ar fáil don leanbh agus dá t(h)uismitheoirí nó dá c(h)úramóirí. D'fhéadfaí cóireáil faoi leith nó grúptheiripe a chur ar fáil don leanbh nó don ógánach má thugann a p(h)iaráí drochúsáid ghnéasach dó nó di.
- 9.2.4 Ní mór do ghairmithe oilte cúram leanaí measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar leanaí a thugann drochúsáid do leanaí eile agus ní mór dóibh idirghabháil teiripeach a dhéanamh orthu. Is mó an seans go mbeidh an chóireáil éifeachtach má chuirtear tús léi go luath i saol an linbh.

Tá a fhios againn i gcás roinnt daoine fásta atá ina ndroch-úsáideoirí gur thosaigh siad ag tabhairt drochúsáide agus iad ina leanaí agus ina n-ógánaigh, gur fhulaing líon suntasach díobh drochúsáid iad féin, agus gur dócha go n-éireoidh an drochúsáid a dhéanann siad níos tromchúisí le himeacht aimsire. Is gá mar sin go ndéanfaí idirghabháil agus tarchur go luath.

- 9.2.5 Is féidir drochúsáid amach anseo a chosc má dhéantar idirghabháil go luath. Tá sé riachtanach mar sin a insint láithreach do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS faoi gach ábhar imní maidir le drochúsáid ag piara. Ba chóir do FSS cláir oiriúnacha chóireála a cheapadh le haghaidh leanaí a thugann drochúsáid do leanaí eile.
- 9.2.6 Féadfar a bheith ag súil go mbeidh drochthioncar ag líomhain drochúsáide ar an gcaidreamh idir an droch-úsáideoir líomhnaithe agus a t(h)uismitheoirí nó a c(h)úramóirí agus baill eile an teaghlaigh. Féadfar a bheith ag súil freisin go mbeidh drochthionchar ag líomhain ar chaidrimh shóisialta eile - caidreamh le piaraí agus comharsana mar shampla. D'fhéadfaí aonrú a dhéanamh ar an leanbh agus ar an teaghlach dá bharr agus i gcásanna áirithe tugtar drochíde do dhaoine nuair a dhéantar líomhaintí drochúsáide fúthu. Beidh tacaíocht agus comhairle ag teastáil ó thuismitheoirí nó ó chomhairleoirí an linbh chun an drochúsáid a thuiscint agus déileáil leis an scéal. Má bhíonn páirt ghníomhach ag na tuismitheoirí sa scéal agus má bhíonn siad tiomanta do leas an linbh féadfaidh sé sin a bheith an-tábhachtach ó thaobh rath a bheith ar an gcóireáil agus d'fhéadfadh tionchar an-tábhachtach go deo a bheith acu ar thoradh an cháis. Is gá mar sin go dtabharfaí dóthain seirbhísí tacaíochta don leanbh agus don teaghlach le linn an mheasúnaithe agus i rith na cóireála.

### 9.3 Drochúsáid ghnéasach ag leanaí agus daoine óga

- 9.3.1 Is léir ó thaighde gur déagóirí a dhéanann an mórchuid de drochúsáid ghnéasach ar leanaí. Ba chóir cásanna den sórt sin a tharchur chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Tá sé ríthábhachtach go n-aithneofar go soiléir na cineálacha éagsúla iompar atá i gceist agus nach dtabharfaí 'droch-úsáideoir linbh' ar dhuine óg gan anailís chruinn a dhéanamh ar an rud a rinne sé nó sí. Tá ceithre chineál iompair ar chóir aird a thabhairt orthu: gnáth-fhiosracht faoi chúrsaí gnéis; iompar frithghníomhach de thoradh drochúsáide; iompar dúghafach gnéasach; agus drochúsáid a thugann ógánaigh agus daoine óga.
- 9.3.2 **Gnáth-fhiosracht faoi chúrsaí gnéis:** D'fhéadfadh súgradh soineanta idir beirt leanaí a bheith i gceist anseo agus iad ag fáil amach faoi ghnéastacht a chéile. D'fhéadfadh rud éigin mar "taispeáin dom cad atá agatsa agus taispeánfaidh mé duitse cad atá agamsa" a leithéid d'iompar a spreagadh. Ceann de phríomhghnéithe an iompair seo is ea an ton na cainte: níor chóir go mbeadh aon bhrú ná aon fhorlámhas ag baint leis. Ní bhíonn aon idirghabháil d'aon sórt ag teastáil chun leanaí a chosaint i gcásanna mar sin.
- 9.3.3 **Iompar frithghníomhach de thoradh drochúsáide:** Sa chás seo tugann leanbh ar tugadh drochúsáid dó nó di an drochúsáid chéanna do leanbh eile. Iompar tromchúiseach é sin agus is mar iompar tromchúiseach a chaithfear déileáil leis. Ní hamháin go bhfuil sé riachtanach freagra a thabhairt ar riachtanais an linbh ar tugadh drochúsáid dó nó di ach caithfear freagra a thabhairt freisin ar riachtanais an linbh a rinne an drochúsáid.
- 9.3.4 **Iompar dúghafach gnéasach:** Féadfaidh na leanaí a bheith i mbun iompair éignigh ghnéasaigh i gcásanna den sórt seo. Sampla den iompar seo is ea glacaireacht iomarcach agus d'fhéadfadh sí a bheith ag sásamh riachtanais mhothúchánacha eile. Is beag leanbh nach ndéanann glacaireacht uair éigin. Sna teaghlaigh sin nach dtugtar cúram ná aire do leanaí iontu, d'fhéadfadh riachtanais mhóra sólais a bheith ag na leanaí nach bhfuil á sásamh agus féadfaidh siad ghluaiseacht ó ghlacaireacht go fiosracht rómhór, nó an iomarca spéise a chur i gcúrsaí gnéis agus d'fhéadfadh gnéithe iomarcacha nó éigníocha a bheith ag baint leis an scéal. B'fhéidir nár tugadh drochúsáid ghnéasach do na leanaí seo ach d'fhéadfadh riachtanais an-mhór a bheith acu agus d'fhéadfadh sainchabhair faoi leith a bheith ag teastáil uathu chun na riachtanais sin a shásamh.
- 9.3.5 **Drochúsáid a thugann ógánaigh agus daoine óga:** Beidh gnéithe mar forlámhas, brú nó breabaireacht agus cinnte dearfa rúndacht mar chuid den iompar seo. Ní féidir a rá, mar shampla, gur fiosracht atá ann díreach toisc gurb ógánach a dhéanann é. Má tharlaíonn sé, áfach, nach bhfuil aon difríocht aoise idir an bheirt leanaí, ná aon difríocht stádais, cumhachta nó cumas intinne eatarthu d'fhéadfaí argóint a dhéanamh gur fiosracht atá ann. Má tharlaíonn sé, áfach, go bhfuil an t-ógánach 13 bliana d'aois agus gan an leanbh ach 3 bliana tá gné drochúsáide ag baint leis an mbearna aoise seo ar chóir aird a thabhairt uirthi.

### 9.4 Bulaíocht

- 9.4.1 Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar ionsaithe i ndiaidh a chéile - bídís briathartha, síceolaíoch nó fisiceach – a dhéanann duine aonair nó grúpa ar dhaoine eile. Is iompar é a bhfuil sé d'aidhm aige spadhar a chur ar dhuine agus imeaglú a dhéanamh air nó uirthi. Tarlaíonn sí den chuid is mó i measc daoine óga i dtimpeallachtaí ar nós scoileanna. Áirítear le bulaíocht nuair a bhíonn dalta amháin nó níos mó ag spochadh as íospartach nó á g(h)reannú, nó ag bagairt air nó uirthi, á b(h)ualadh nó ag sracadh uaidh nó uaithi. D'fhéadfadh sé freisin gur bulaíocht é maslaí ciníocha a thabhairt do dhuine. Cuireann teicneolaíocht nua-aimseartha ar chumas daoine leas a bhaint as teileafóin phóca agus as an idirlíon nó gléasanna pearsanta eile chun bulaíocht a dhéanamh ar leanaí gan oiread agus méar a leagan orthu.
- 9.4.2 Is féidir le daoine fásta bulaíocht a dhéanamh ar leanaí, lena n-áirítear daoine fásta nach bhfuil aon ghaol acu leis na leanaí sin. Glactar leis gur drochúsáid fhisiceach nó mhothúchánach atá ann má dhéanann daoine fásta bulaíocht ar dhaoine eile. Ní bhaineann an téarma 'bulaíocht' de ghnáth leis na cineálacha eile drochúsáide mar fhaillí agus drochúsáid ghnéasach.

### **Bulaíocht i scoileanna**

- 9.4.3 Aithnítear gur fadhb í an bhulaíocht atá ag dul i méid sna scoileanna. Caithfidh boird bhainistíochta scoileanna beartas a bheith acu chun déileáil le bulaíocht agus a chinntiú go mbeidh a fhios ag na múinteoirí faoi agus faoi threoirlínte le déileáil le bulaíocht. Má tharlaíonn eachtra thromchúiseach, agus má mheastar go bhféadfadh drochúsáid tarlú, ba chóir don scoil dul i gcomhairle le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS d'fhonn freagra oiriúnach ar nós plean bainistíochta a cheapadh le déileáil leis.
- 9.4.4 Is iad údaráis na scoile atá freagrach, ar an gcéad dul síos, as déileáil le bulaíocht sa scoil. Ba chóir dóibh an dualgas seo a chomhlíonadh trí aird a thabhairt ar *Guidelines on countering bullying behaviour in primary and post-primary schools (Treoirlínte um Bhulaíocht a Chosc i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuñoideachais)* a d'eisigh an Roinn Oideachais i 1993.
- 9.4.5 Ba cheart **cásanna tromchúiseacha** bulaíochta a tharchur chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

## 10 Oiliúint maidir le cosaint agus leas leanaí

### 10.1 Cuspóir

- 10.1.1 Is é cuspóir na caibidle seo ná feidhm na hoiliúna a léiriú maidir le cosaint éifeachtach leanaí agus na leibhéil oiliúna atá ag teastáil le haghaidh na gcineálacha difriúla foirne in eagraíochtaí atá ag obair le leanaí. Ceann de na príomhcheisteanna atá aitheanta i bhfiosrúcháin um chosaint leanaí ná an cliseadh ar chumarsáid idir disciplíní agus gníomhaireachtaí. Dá réir sin, tá sé riachtanach go soláthrófar oiliúint ar bhonn idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach.
- 10.1.2 Díríonn oiliúint ar idirghabhálacha éifeachtacha a spreagadh maidir le cúram agus cosaint leanaí. Tá cosaint leanaí éifeachtach ag brath ar scileanna, eolas agus luachanna na pearsanra atá ag obair le leanaí agus teaghlaigh, chomh maith le comhoibriú idir gníomhaireachtaí (idirghníomhaireacht) agus laistigh de ghníomhaireachtaí (inghníomhaireacht). Tá oiliúint agus oideachas ábhartha mar réamhchoinníoll riachtanach leis na nithe seo a bhaint amach. Tá freagracht ar gach gníomhaireacht atá bainteach le leanaí a chinntiú go bhfuil oiliúint mar seo le fáil ar bhonn leanúnach.
- 10.1.3 Chomh fada agus a bhaineann le heagraíochtaí deonacha agus pobail, caithfear suntas a thabhairt do *Ár nDualgas Cúraim: Prionsabail an dea-chleachtais chun cosaint a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2002) nuair atá oiliúint maidir le cosaint leanaí á soláthar do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha.

### 10.2 Na cuspóirí atá le hoiliúint um chosaint agus leas leanaí

- 10.2.1 Tá roinnt cuspóirí ag oiliúint maidir le cosaint agus leas leanaí:
- (i) cinntiú go bhfuil na scileanna, eolas agus luachanna cuí ag an bpearsanra chun seirbhís éifeachtach a sheachadadh do leanaí;
  - (ii) cinntiú go bhfuil an pearsanra feasach ar an reachtaíocht, na treoirlínte náisiúnta agus nósanna imeachta agus prótacail um chosaint leanaí áitiúil mar atá ábhartha;
  - (iii) seirbhís níos fearr a chruthú do leanaí agus do theaghlaigh i gcomhar le soláthraithe seirbhíse eile de thoradh an méid a fhoghlaimítear;
  - (iv) caidrimh a threisiú trí oiliúint idirghníomhaireachta.

### 10.3 Cur chuige maidir le hoiliúint um chosaint agus leas leanaí

- 10.3.1 Braitheann an leibhéal agus an cineál oiliúna atá riachtanach ar an méid plé a bhíonn ag foirne na ngníomhaireachtaí faoi leith in obair um chosaint agus leas leanaí. Ba chóir oiliúint a thabhairt do bhaill foirne ábhartha chun comharthaí drochúsáide a aithint (*féach Caibidil 2 agus Aguisín 1*) agus cad is cóir dóibh a dhéanamh láithreach (*féach Caibidil 3*).
- 10.3.2 Caithfidh FSS straitéis oiliúna maidir le cúram agus cosaint leanaí a fhorbairt. Leagfar amach sa straitéis seo na haidhmeanna oiliúna, na torthaí foghlama, na spriocghrúpaí, na tionscnaimh atá beartaithe, na táscairí feidhmíochta agus na próisis mheasúnaithe.
- 10.3.3 Beidh gá le hoiliúint i gcúram agus cosaint leanaí ar leibhéal bunúsach agus ar ardleibhéal chun freastal a dhéanamh ar na riachtanais éagsúla atá i FSS agus in eagraíochtaí eile a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus do theaghlaigh.
- 10.3.4 Ba chóir go mbeadh sé d'aidhm ag oiliúint **ar leibhéal bunúsach** i gcosaint agus leas leanaí eolas a thabhairt don pearsanra faoin reachtaíocht ábhartha um chúram leanaí, faoi bheartais na ngníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla, faoi na nósanna imeachta agus na prótacail atá ann (chomh maith le heolas faoin líonra áitiúil ina n-oibríonn siad) agus na scileanna a thabhairt dóibh maidir

lena n-úsáid. Caithfear oiliúint bhunúsach mar seo a sheachadadh ar bhonn idirghníomhaireachta atá ildisciplíneach, ionas go n-eascaíonn an fhoghlaim phríomha ó dhíospóireacht agus roinnt faisnéise, taithí agus peirspictíochtaí ar fud na ndisciplíní agus seirbhísí. Ba chóir oiliúint maidir le cosaint agus leas leanaí ar leibhéal bunúsach a bheith dírithe ar phearsanra a bhíonn i dteagmháil dhíreach nó indíreach go rialta le leanaí agus le teaghlaigh.

- 10.3.5 Is é an aidhm ba chóir a bheith ag **oiliúint ardleibhéil** maidir le cosaint agus leas leanaí ná eolas, scileanna agus peirspictíochtaí criticiúla a thabhairt don phearsanra i réimsí sonracha beartais agus cleachtais, mar shampla measúnú riosca agus oibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí nó cúramóirí. Ba chóir an oiliúint a bheith oiriúnach do ról gairmiúil an duine agus ba chóir í a chur ar fáil ar bhonn idirghníomhaireachta agus idirdisciplíneach. Ba chóir an oiliúint ardleibhéil a bheith dírithe ar phearsanra arb é a bpríomhdhualgas leanaí a chosaint agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh nó maoirsiú a dhéanamh ar an obair sin.
- 10.3.6 **Oiliúint do bhainisteoirí:** Ba cheart oiliúint a bheith ar fáil do bhainisteoirí seirbhísí um chosaint leanaí nach bhfuil aon saineolas gairmiúil nó taithí dhíreach acu sa réimse seo. Ba chóir go n-áireofaí leis an oiliúint forbhreathnú ar ghníomhaíocht agus idirghabhálacha um chosaint leanaí mar aon leis na freagrachtaí reachtúla atá tarmligthe laistigh den FSS, na feidhmeanna bainistíochta a bhaineann le *Tús Áite do Leanaí* agus riachtanais an bhainisteora ó thaobh faisnéise de d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chleachtais dea-chaighdeáin sa réimse agus tacú leo. Ba cheart go gcuideodh an oiliúint seo le cinntí a dhéanamh a bhaineann le pleanáil, acmhainní, soláthar foirne, buiséadú agus maoirsiú lucht bainistíochta.


## 10.4 Spriocghrúpaí

- 10.4.1 Tá roinnt spriocghrúpaí tábhachtacha ann maidir le hoiliúint a fháil i gcosaint agus leas leanaí. Is iad foireann Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus an Garda Síochána an chéad spriocghrúpa díobh de bharr na freagrachta reachtúla atá orthu maidir le cosaint leanaí. Ar an dara spriocghrúpa tá réimse leathan gníomhaireachtaí, idir reachtúil agus neamhreachtúil, a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh agus a bhfuil freagracht shóisialta orthu leas leanaí a chosaint. I measc na n-eagraíochtaí seo tá eagraíochtaí míchumais, scoileanna, liachleachtóirí, seirbhísí réamhscoile, clubanna spóirt, institiúidí creideamh-bhunaithe agus eagraíochtaí deonacha eile.
- 10.4.2 Tá oiliúint riachtanach do ghairmithe a bhfuil baint acu le hobair um chosaint leanaí, mar shampla oibrithe sóisialta, altráí sláinte poiblí, dochtúirí leighis (go háirithe liachleachtóirí ginearálta agus baill foirne i ranna éigeandála) agus na Gardaí. Tá freagracht ar na gairmithe féin a chinntiú go mbíonn siad ar an eolas faoi na forbairtí reatha sa réimse seo.
- 10.4.3 Tá freagracht chorparáideach ar gach fostaí de chuid FSS i dtaca le cosaint agus leas leanaí. Caithfidh forbairt straitéisí oiliúna ag leibhéal FSS an bonn seo a chur in iúl, le hoiliúint chuí ag leibhéal ildisciplíneach.

## 10.5 Oiliúint idirghníomhaireachta

- 10.5.1 Tá comhoibriú idirdisciplíneach agus idirghníomhaireachta riachtanach chun leas leanaí a chur chun cinn. Is eilimint riachtanach í seo den tasc gairmiúil maidir le leanaí a chosaint ó dhrochúsáid. Ba chóir do gach gníomhaireacht atá bainteach le leanaí a bheith rannpháirteach i gclár oiliúna.
- 10.5.2 Tá oiliúint i gcosaint agus leas leanaí riachtanach freisin don fhoireann atá ag obair in ionaid chúraim chónaithe, do chúramóirí altrama agus d'oibrithe tacaíochta teaghlaigh. Spreagtar foirne oibre sóisialta i FSS tacú le forbairt na hoiliúna idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach do gach ball foirne atá rannpháirteach in obair um chosaint leanaí, agus chun áiteanna a sholáthar ar a gcúrsaí oiliúna do bhaill foirne nach de FSS iad.

- 10.5.3 Ba chóir do gach gníomhaireacht comhchláir oiliúna a bhunú faoi cheisteanna drochúsáide leanaí, ar a bhféadfadh gach grúpa gairmiúil atá i dteagmháil dhíreach le leanaí freastal air. Ba chóir do na cláir seo, lena mbeadh baint ag oiliúnaithe ó ghníomhaireachtaí ábhartha éagsúla más féidir, cuidiú le tuiscint a spreagadh ar ról na mball foirne faoi seach i ngach gníomhaireacht, agus caidrimh éifeachtacha oibre a spreagadh dá réir.
- 10.5.4 Ba chóir ról lárnach a bheith ag ball foirne sinsearach a cheapfar i ngach gníomhaireacht nó eagraíocht maidir le forbairt, monatóireacht agus measúnú na hoiliúna um chosaint agus chúram leanaí. Ba chóir baill foirne i ngach gníomhaireacht ábhartha a chur ar an eolas faoi na deiseanna oiliúna atá ar fáil, agus iad a spreagadh le páirt a ghlacadh iontu.
- 10.5.5 Caithfidh lucht bainistíochta scoileanna, seirbhísí réamhscolaíochta agus eagraíochtaí deonacha a chinntiú go bhfuil oiliúint curtha ar a bpearsanra chun comharthaí drochúsáide a aithint (*féach Caibidil 2 agus Aguisín 1*) agus faoin nós imeachta tuairiscithe caighdeánach (*féach Caibidil 3*).
- 10.5.6 Caithfear treoracha soiléire a thabhairt do phearsanra tosaigh a chasann leis an bpobal, mar theileafónaithe agus fáilteoirí, faoi cad is cóir dóibh a dhéanamh má dhéanann duine teagmháil leo chun drochúsáid amhrasta leanaí a thuairisciú.
- 10.5.7 Beidh na riachtanais oiliúna ag síorathrú agus caithfidh oiliúint um leas agus chosaint leanaí a bheith ina cuid lárnach de phleananna gach gníomhaireachta. Ba chóir céatadán den bhuiséad bliantúil i ngach gníomhaireacht a bheith tiomanta go sonrach d'oiliúint um chosaint leanaí. Ba chóir athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an straitéis oiliúna um chosaint agus leas leanaí.
- 10.5.8 Tá sainoiliúint riachtanach do bhaill foirne roghnaithe FSS agus baill an Gharda Síochána a bheidh rannpháirteach i bhfiosrúchán comhuaineach na gcásanna agus in idirghabháil ina dhiaidh sin (*féach Caibidil 7*). Is é aidhm na hoiliúna seo ná go mbeidh tuiscint ag baill na seirbhísí go léir ar ról a chéile, foghlaim conas oibriú ar bhonn comhoibrithe, agus foghlaim conas leanaí b'fhéidir a raibh drochúsáid fulaingthe acu ó dhaoine fásta a chur faoi agallamh. (.i. Clár Oiliúna Sainagallóirí faoi Alt 16(1)(b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992).



**Tagairtí  
agus  
Láithreáin Ghréasáin Oifigiúla**

---

## Tagairtí

- Colbourn Faller, K. (1989) *Child Sexual Abuse. An Interdisciplinary Manual for Diagnosis Case Management and Treatment*. Basingstoke: Macmillan.
- Commission to Inquire into Child Abuse (2009) *Report of the Commission to Inquire into Child Abuse, Volumes I-V*. Ar fáil ag: [www.childabusecommission.ie](http://www.childabusecommission.ie)
- An Roinn Oideachais (1993) *Guidelines on countering bullying behaviour in primary and post-primary schools*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2001) *Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Sláinte.
- An Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte (1993) *Child Abuse Prevention Programme*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte (1987) *Child Abuse Guidelines*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte (1995) *Garda Síochána – Health Board Guidelines*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte (1995) *Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Socrú Leanaí i gCúram Altrama)*, 1995 Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte (1995) *Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Fhágáil i gCúram Cónaithe)* 1995. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte (1995) *Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Socrú Leanaí le Gaolta)*, 1995. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte (1997) *Putting Children First – Promoting and Protecting the Rights of Children*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte agus Leanaí (1999) *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (an chéad eagrán). Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte agus Leanaí (2000) *Straitéis Náisiúnta Leanaí: Ár Leanaí - A Saol*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- An Roinn Sláinte agus Leanaí (2002) *Ár nDualgas Cúraim: Prionsabail an dea-chleachtais chun cosaint a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Roinn an Taoisigh (1997) *Clár Gníomhaíochta don Mhílaois: Clár don Rialtas*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais. Ar fáil ag: [www.taoiseach.ie](http://www.taoiseach.ie)
- Roinn an Taoisigh (2002) *Clár don Rialtas*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais. Ar fáil ag: [www.taoiseach.ie](http://www.taoiseach.ie)
- Roinn an Taoisigh (2006) *I dTreo 2016: Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta Deich mBliana 2006-2015*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais. Ar fáil ag: [www.taoiseach.ie](http://www.taoiseach.ie)
- Roinn an Taoisigh (2007) *Clár don Rialtas*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais. Ar fáil ag: [www.taoiseach.ie](http://www.taoiseach.ie)
- Dubowitz, Howard (1999) *Neglected Children: Research, Practice and Policy*. Londain: SAGE Publications.
- Rialtas na hÉireann (1988) *An tAcht um Chosaint Sonraí*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann (1991) *An tAcht um Chúram Leanaí*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann (1996) *An tAcht um Fhoréigean Baile*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann (1997) *An tAcht um Shaoráil Faisnéise*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann (1997) *An tAcht um Chionta Neamh-mharfacha in aghaidh an Duine*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann (1998) *An tAcht Oideachais*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann (1998) *An tAcht um Chosaintí do Dhaoine A Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí*, 1998. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann (2001) *Acht na Leanaí*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann (2007) *An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú)*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- HIQA (2010) *Guidance for the Health Service Executive for the Review of Serious Incidents, including deaths of children in care*. Baile Átha Cliath: An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

- HSEA (2005) *Trust in care: Guidelines for Health Service Employers on preventing patient/client abuse and dealing with allegations of abuse against employees*. Baile Átha Cliath: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- National Board for Safeguarding Children in the Catholic Church (2009) *Safeguarding Children: Standards and Guidance Document for the Catholic Church in Ireland*. Maigh Nuad: National Board for Safeguarding Children in the Catholic Church in Ireland. Ar fáil ag: [www.safeguarding.ie](http://www.safeguarding.ie)
- Oifig an Ombudsman do Leanaí (2010) *A report based on an investigation into the implementation of Children First, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children*. Baile Átha Cliath: Oifig an Ombudsman do Leanaí. Ar fáil ag: [www.oco.ie](http://www.oco.ie)
- Oifig an Aire Leanaí (2007) *An Clár Oibre do Sheirbhísí Leanaí: Lámhleabhar an Bheartais*, Oifig an Aire Leanaí. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais. Ar fáil ag: [www.dcy.ie](http://www.dcy.ie)
- OALGÓ (2008) *National Review of Compliance with Children First: Treoirínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais. Ar fáil ag: [www.dcy.ie](http://www.dcy.ie)
- OALGÓ (2009) *Report of the Commission to Inquire into Child Abuse, 2009: Implementation Plan*, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais. Ar fáil ag: [www.dcy.ie](http://www.dcy.ie)
- Skuse, D. (1989) 'Emotional Abuse and Neglect'. In: R. Meadow (ed.), *ABC of Child Abuse*. Londain: British Medical Journal Publications.
- Skuse, D. agus Bentovim, A. (1994) 'Physical and Emotional Maltreatment'. In: M. Rutter, E. Taylor and L. Hersor (eag.), *Child and Adolescent Psychiatry* (3ú heagrán). Oxford: Blackwell Scientific Publications.
- UN (1989) *United Nations Convention on the Rights of the Child*. An Ghinéiv: Oifig Ard-Choimisinéir um Chearta Daonna na Náisiún Aontaithe. Ar fáil ag: [www2.ohchr.org/english/law/crc.htm](http://www2.ohchr.org/english/law/crc.htm)

## Láithreáin Ghréasáin Oifigiúla

|                                                               |                                                                    |
|---------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------|
| An Garda Síochána                                             | <a href="http://www.garda.ie">www.garda.ie</a>                     |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige                             | <a href="http://www.dcy.ie">www.dcy.ie</a>                         |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna                            | <a href="http://www.education.ie">www.education.ie</a>             |
| An Roinn Sláinte                                              | <a href="http://www.dohc.ie">www.dohc.ie</a>                       |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí                  | <a href="http://www.justice.ie">www.justice.ie</a>                 |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte                | <a href="http://www.hiqa.ie">www.hiqa.ie</a>                       |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte                           | <a href="http://www.hse.ie">www.hse.ie</a>                         |
| Oifig an Ard-Aighne                                           | <a href="http://www.attorneygeneral.ie">www.attorneygeneral.ie</a> |
| Tithe an Oireachtais                                          | <a href="http://www.oireachtas.ie">www.oireachtas.ie</a>           |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí                                  | <a href="http://www.oco.ie">www.oco.ie</a>                         |
| Oifig Ard-Choimisinéir um Chearta Daonna na Náisiún Aontaithe | <a href="http://www.ohchr.org">www.ohchr.org</a>                   |



**Aguisíni**

---

## Aguisín 1: Comharthaí agus airíonna na drochúsáide leanaí

### 1. Comharthaí agus airíonna na faillí

Tá faillí leanaí ar an gcatagóir drochúsáide is coitianta. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir faillí 'thoiliúil' agus faillí 'imthoisceach'. Bheadh díothacht dhíreach a dhéanadh tuismitheoir nó cúramóir d'aon turas i gceist le 'faillí thoiliúil' de ghnáth agus dhéanfaí é sin trí riachtanais is bunúsáil an linbh mar bhia, foscadh, teas, éide nó teagmháil le daoine eile a dhiúltú dó nó di. Tarlaíonn faillí 'imthoisceach' go minic toisc strus nó neamhbáltacht na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí fadhbanna a réiteach.

Bíonn dlúthbhaint ag faillí le tosca isle socheacnamaíocha agus le díothachtaí comhfhreagracha fisiciúla. Bíonn baint aici freisin le neamhbáltacht tuismitheora toisc míchumas foghlama nó suaitheadh síceolaíoch.

Ba é a dúradh faoi fhaillí leanaí ná gur 'usually a passive form of abuse involving omission rather than acts of commission' a bhíonn ann (Skuse agus Bentovim, 1994). Cuimsíonn sí 'both a lack of physical caretaking and supervision and a failure to fulfil the developmental needs of the child in terms of cognitive stimulation'.

Ba chóir a bheith in amhras faoi fhaillí leanaí sna cásanna seo a leanas:

- tréigean;
- leanaí a bheith á bhfágáil leo féin an t-am ar fad gan dóthain cúraim ná maoirseachta;
- míchothú, easpa bia, bia míchuí nó beathú taomach;
- easpa teasa;
- easpa éide leormhaith;
- gan aird ar shláinteachas bunúsach;
- easpa cosanta agus nochtadh do dhíobháil, a chuimsíonn díobháil mhorálta nó easpa maoirseachta a d'oirfeadh d'aois an linbh;
- cliseadh leanúnach maidir le freastal ar scoil;
- teip neamhorgánach forbartha, .i. leanbh nach bhfuil ag cur meáchain suas ní hamháin mar gheall ar míchothú ach freisin mar gheall ar dhíothacht mhóthúcháin;
- teip cúram leordhóthanach a chur ar fáil i gcomhair fadhbanna leighis agus forbartha an linbh;
- dúshaothrú, ró-oibriú.

### 2. Tréithe na faillí

Is é faillí leanaí an chatagóir drochúsáide is coitianta in Éirinn agus ar fud an domhain. Ní hamháin gurb é sin an cineál mí-úsáide is minice a tuairiscítear ach aithnítear freisin gurb é sin an cineál is díobhálaí. Ní hamháin go leanann faillí ar aghaidh ar feadh óige an linbh de ghnáth ach bíonn torthaí fadtéarmacha aici ar shaol an linbh sin nuair a bhíonn sé nó sí fásta. Tá seans níos mó ann go bhfaighidh leanaí bás de bharr faillí ainsealaí ná ó chás amháin de dhrochúsáid chorportha. Tá sé cruthaithe go maith go mbíonn drochthionchar tromchúiseach ar fhorbairt na hinchinne má dhéantar faillí thromchúiseach ar naíonán.

Is minic a bhíonn ceangal idir bochtaineacht agus faillí ach ní gá gurb í an bhochtaineacht cúis na faillí. Tá nasc láidir idir faillí agus tuismitheoirí a bheith ag drochúsáid substaintí, agus le foréigean baile agus le galar meabhrach nó míchumas a bheith ar tuismitheoirí.

Is féidir faillí a aicmiú i gcineálacha éagsúla (tá sé seo curtha in oiriúint ó Dubowitz, 1999):

- **Faillí neamheagraithe nó anordúil:** Tarlaíonn sé seo go hiondúil i dteaghlaigh nuair nach mbíonn aon chomhsheasmhacht ann ó thaobh tuismitheoireachta de agus go minic i dteaghlaigh neamheagraithe a mbíonn géarchéimeanna acu go minic. Bíonn an tuismitheoireacht neamhréireach iontu, ní bhíonn cinnteacht ná gnáthaimh acu, agus is minic éigeandálacha acu ó thaobh cóiríochta, airgid agus bia dá bharr sin. Is é an toradh a bhíonn ar faillí den sórt seo ná go mbíonn neamhoird cheangail ar leanaí, go gcothaíonn sé imní iontu, agus go mbíonn iompar suaiteach agus aird-éilitheach acu, agus go mbíonn sé níos deacra leanaí níos sine a rialú nó a smachtú. D'fhéadfadh sé gur áit é áras an teaghlaigh a dtarlaíonn go leor timpistí go minic ann.
- **Faillí de thoradh bochtaineachta nó faillí éighníomhach:** Bíonn an cineál seo faillí cosúil leis an steiréitíopa coitianta a bhíonn ag daoine faoi fhaillí. Is minic a bhíonn cóiríocht ghruama, lom gan compord i gceist mar aon le drochshláinteachas agus gan ach fíorbheagán de spreagadh sóisialta nó síceolaíochta. Ní bhíonn ach cúpla bréagán ag an líon tí agus d'fhéadfadh na cinn atá acu a bheith briste, salach nó mí-oiriúnach d'aois an linbh. Caitheann leanaí óga tréimhsí fada i gcliaibhain, i gcruibeanna súgartha nó i naíchóistí. Is minic leapachas neamhleor agus éadaí salacha acu agus iad ag fulaingt de bharr easpa bia. D'fhéadfadh siad a bheith gafa le héadóchas agus drogall nó leisce orthu feabhas a chur ar staid an teaghlaigh. Is minic a bhíonn leanaí as láthair ón scoil ina leithéid de chásanna agus gnáthaimh bhochta acu maidir le hobair bhaile. Bíonn an baol ann ina leithéid de chásanna go mbeidh moill mhór forbartha ar na leanaí.
- **Díothacht ainsealach:** Is mó an seans go dtarlódh a leithéid de dhíothacht nuair nach bhfuil aon phríomhphearsa cheangail ann a bhféadfadh an leanbh a bheith mór leis nó léi. Tarlaíonn sé den chuid is mó in institiúidí móra ina dtugtar cúram maith do leanaí ach nach mbíonn deis acu a bheith mór le cúramóir amháin. Sna cásanna seo, bíonn roinnt daoine fásta ag déileáil leis na leanaí agus feictear dóibh gurb ionann riachtanais na leanaí agus a bhfuil á éilimh ag an ngrúpa. Is minic a bhíonn baint ag an gcineál seo díothachta le heaspa spreagtha agus is féidir moill mhór a chur ar fhorbairt an linbh dá bharr.

Léiríonn na pointí seo a leanas an toradh a bhíonn ag na cineálacha éagsúla faillí ar leanaí:

- bia neamhleor - ní fhorbraíonn na leanaí mar is dual dóibh;
- guaiseacha teaghlaigh - tionóiscí;
- easpa sláinteachais - fadhbanna sláinte agus sóisialta;
- gan aird a thabhairt don tsláinte - galar;
- cúram neamhleor ó thaobh sláinte meabhrach de - féinmharú nó ciontóireacht;
- cúram mothúcháinach neamhleor - drochthorthaí iompraíochta agus oideachais;
- maoirseacht uireasach - dul i riosca;
- caidreamh éagobhsaí - fadhbanna ceangail;
- coinníollacha maireachtála éagobhsaí - fadhbanna iompraíochta agus imní, baol timpistí;
- nochtadh d'fhoréigean baile - fadhbanna iompraíochta, agus fadhbanna sláinte coirp agus meabhrach;
- foréigean pobail - iompar frithshóisialta.

### 3. Comharthaí agus airíonna faillí agus drochúsáide mothúcháin

Is minic a tharlaíonn faillí agus drochúsáid mhothúcháin in árais teaghlaigh nach bhfuil tacaíocht mhothúcháinach le fáil iontu. Ní gá go mbeadh baint aige le díothacht fhísiceach. Ní shásaítear riachtanais mhothúcháinacha na leanaí; d'fhéadfaidh sé nach mbeadh comhbhá agus freagrúlacht mhothúcháinach sa ghaol atá ag an tuismitheoir leis an leanbh.

Tarlaíonn faillí agus drochúsáid mhothúcháinach nuair a bhíonn na daoine fásta atá freagrach as cúram leanaí aineolach faoi na riachtanais mhothúcháinacha agus fhorbartha atá acu agus nach féidir leo (ar chúiseanna éagsúla) iad a shásamh. Níl sé éasca drochúsáid mhothúcháinach a aithint toisc nach bhfuil sé éasca na torthaí a thabhairt faoi deara. Scríobh Skuse (1989): 'emotional abuse refers to the habitual verbal harassment of a child by disparagement, criticism, threat and ridicule, and the inversion of love; whereby verbal and non-verbal means of rejection and withdrawal are substituted'.

Is féidir faillí agus drochúsáid mhothúcháinach a aithint trí leas a bhaint as na hinnéacsanna atá liostaithe thíos. Mar sin féin, ba chóir a mheabhrú nach dtugann táscaire amháin le fios go raibh drochúsáid mhothúcháinach i gceist. Is mó an seans atá ann go mbeidh drochthionchar ag faillí agus ag drochúsáid mhothúcháinach ar leanbh má bhíonn braisle innéacsanna i gceist, go mbíonn an scéal amhlaidh ar feadh tréimhse fada ama agus mura mbíonn tosca cosantacha eile ann.

- droim láimhe á thabhairt do leanbh;
- easpa sólais agus grá;
- easpa ceangail;
- easpa spreagtha ceart (m.sh. spraoi agus súgradh);
- easpa leanúnachais cúraim (m.sh. a bheith ag aistriú ó áit go háit go minic agus go mór mór nuair a aistrítear gan é a bheith pleanáilte);
- gan moladh agus spreagadh a thabhairt go leanúnach;
- ró-chosaint thromchúiseach;
- pionós míchuí neamhfhisiceach (m.sh. leanbh a chur faoi ghlas i seomraí codlata);
- coinbhleachtaí nó foréigean teaghlaigh;
- tugtar drochúsáid mhothúcháinach chomh maith do gach leanbh a fhulaingíonn drochúsáid ghnéasach, drochúsáid chorportha nó a ndéantar faillí orthu;
- a bheith ag súil leis an iomarca ón leanbh nuair a chuirtear a (h)aois agus a staid forbartha san áireamh.

Fulaingíonn leanaí drochúsáid mhothúcháinach chomh maith má dhéantar faillí orthu agus má thugtar drochúsáid chorportha agus ghnéasach dóibh.

### 4. Comharthaí agus airíonna na drochúsáide corpartha

Ba cheart a bheith san airdeall go bhfuil drochúsáid chorportha á tabhairt do leanbh má thugtar mínithe míshásúla agus mínithe éagsúla ar na nithe seo a leanas:

- ballbhrúnna (*féach thíos le haghaidh breis sonraí*);
- bristeacha cnámh;
- ailt ataithe;
- dónna/scalladh (*féach thíos le haghaidh breis sonraí*);
- scráib/stolltaí;
- rith fola (reitineach, inchinne);
- damáiste d'orgáin an choirp;
- nimhithe – arís is arís (le cógais ordaithe nó le halcól);
- teip ó thaobh forbartha;
- leanbh a bheith gan aithne nó i gcóma;
- bás.

Is iomaí cineál drochúsáide corpartha ann ach is iad gortuithe craicinn, béil agus cnáimhe na cinn is coitianta.

## **Ballbhrúnna**

### ***De thaisme***

Bíonn ballbhrúnna timpisteacha coitianta in áiteanna den chorp ina bhfuil cnámha an-ghar don chraiceann. Is féidir ballbhrúnna a aimsiú ar aghaidh an choirp, mar titfidh leanaí chun tosaigh go hiondúil.

Tá ballbhrúnna timpisteacha coitianta ar an smig, srón, baithis, uillinn, glúine agus spanlaí. Is féidir le leanbh atá tugtha do thimpistí ballbhrúnna a bheith orthu sna baill choirp seo go minic. Beidh ballbhrúnna mar seo idirleata, gan chiumhaiseanna cinnte ar bith. Ba chóir a bheith imníoch faoi bhallbhrú linbh sula mbíonn sé nó sí in aois shoghluaiseachta.

### ***Neamhthimpisteach***

Tá seans níos mó go mbeidh ballbhrúnna ar fhíocháin bhoga, m.sh. ar na leicne agus ar na mása, ar an droim íochtarach agus ar an droim go léir, ar na ceathrúna agus ar na colpaí, ar an muineál, ar na baill ghiniúna agus ar an mbéal.

D'fhéadfadh marcanna ó shlapaí nó greamú patrún sainiúil a thaispeáint. D'fhéadfadh marcanna ó shlapaí tarlú ar mhása/leicne agus d'fhéadfadh imlíne na méar a bheith le feiceáil ar chuid ar bith den chorp. Níl patrún cinnte ar bith ag ballbhrúnna a dhéantar le buillí díreacha doirn, ach d'fhéadfaidís tarlú i gcodanna an choirp nach bhfaigheann gortuithe trí thimpiste go hiondúil. Bheadh buille os cionn na súl (siondróm na súile duibhe) nó na cluaise mar ábhar imní. Ní féidir le súile dubha a bheith ag leanbh de bharr titim ar dhromchla réidh. Chaithfeadh dhá ghortú tarlú chun dhá shúil dhubha a bheith ar leanbh, agus ba chóir go mbeadh amhras i gcónaí nuair a fheictear na rudaí seo. D'fhéadfadh patrúin shainiúla ballbhrú eile a bheith fágtha ag úsáid strapaí, criosanna, maidí agus na coise. D'fhéadfadh imlíne ruda a bheith fágtha ar leanbh i bhfoirm bhallbhrú ar bhaill choirp cosúil leis an droim nó ceathrúna (baill choirp atá clúdaithe ag éadaí).

D'fhéadfadh ballbhrúnna a bheith bainteach le croitheadh, agus is féidir le fuiliú tromchúiseach ceilte agus ballbhrú laistigh den bhlaosc tarlú mar gheall air sin. Cúis amhraí is ea ballbhrú ar bith a bheith ar an muineál toisc nach dócha go dtarlódh a leithéid de thimpiste. D'fhéadfadh gortuithe eile tarlú – tiompán na cluaise réabtha/blaosc bhriste. D'fhéadfadh gortú béil a bheith mar ábhar imní, m.sh. béal stróicthe (frenulum) ó bhuidéal-chothú fórsáilte.

## **Gortuithe cnámh**

Bíonn timpistí ag leanaí go rialta agus bíonn bristeacha mar thoradh orthu. Mar sin féin, bíonn cnámha leanaí níos solúbtha ná daoine fásta agus bíonn leanaí iad féin níos éadroime, agus tugann briseadh le fios dá réir, go háirithe don bhlaosc, gur úsáideadh fórsa cuimsitheach go hiondúil.

### ***Neamhthimpisteach***

Cúis amhraí is ea é má bhriseann leanbh atá faoi bhun 8 mí cnámh. Caithfear glacadh leis go bhfuil briseadh blaoisce an-amhrasach go deo má tharlaíonn do leanbh faoi bhun 3 bliana. Tá fiosrúchán cúramach ag teastáil i gceachtar cás maidir leis na cúinsí inar tharla briseadh. D'fhéadfadh at sa cheann nó codlatacht gortú a chur in iúl.

## **Dónna**

Uaireanta doirtear leacht te ar leanaí trí thimpiste nó bíonn siad i dteagmháil le rud te. Bíonn an scéal atá tugtha ag tuismitheoirí go hiondúil ag teacht le patrún an ghortaithe breathnaithe. Cibé ar bith, d'fhéadfadh eachtraí leantacha cúram uireasach a thabhairt le fios agus aird a thabhairt ar shábháilteacht laistigh d'áras an teaghlaigh.

### ***Neamhthimpisteach***

D'fhéadfadh leanaí a fhulaingíonn dónna neamhthimpisteacha patrún a léiriú nach bhfuil minithe go sásúil ag tuismitheoirí. D'fhéadfadh sé gur tumadh an leanbh i leacht te. D'fhéadfadh an dó líne cinnte a thaispeáint, nach mbeadh cosúil le stealladh timpisteach.

D'fhéadfadh go raibh an leanbh coinnithe in aghaidh ruda te chomh maith, cosúil le radaitheoir nó fáinne cócarála, rud a d'fhágfadh marcanna sainiúla. D'fhéadfadh loit bheaga a bheith le feiceáil in áiteanna ar an gcráiceann toisc dónna toitíní, nach mbeadh nochta do dhíobháil go ginearálta. D'fhéadfadh aicídí craicinn eile a bheith le feiceáil a chruthódh patrúin chosúla agus ba chóir sainchomhairle péidiatraicigh a lorg.

## **Greamanna**

Baineann ainmhithe nó daoine greamanna as leanaí. Déanann greamanna ainmhithe, m.sh. madraí, an craiceann a pholladh agus a stróiceadh, agus is léir go hiondúil cad a tharla. Is féidir le leanaí greim a bhaint as leanaí eile chomh maith.

### ***Neamhthimpisteach***

Bíonn sé deacair uaireanta difreáil idir greamanna ó dhaoine fásta agus leanaí mar is féidir leis na toisí a bheith míchuinn. Ba chóir déileáil go dáiríre le marc greamaithe amhrasta ar bith ó dhuine fásta. Is féidir le péidiatraiceacha comhairleacha comhoibriú le comhghleacaithe déadacha chun marcanna a aithint go cruinn.

**Nimhiú**

D'fhéadfadh leanaí cógais nó ceimiceáin a thógáil go minic atá díobhálach agus a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha. Caithfear gnéithe cúraim agus sábháilteachta laistigh d'áras an teaghlaigh a bhreithniú i ngach eachtra.

**Neamhthimpisteach**

Is féidir le nimhiú neamhthimpisteach tarlú agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair a aithint, ach ba chóir a bheith amhrasach faoi eachtraí aisteacha nó cinn a tharlaíonn arís is arís agus nuair atá níos mó ná leanbh amháin i gceist. D'fhéadfadh mearbhall cinn nó hipearanálú a bheith mar shiomptóm.

**Croitheadh foréigneach**

Bíonn croitheadh mar chúis go minic le lot inchinne i leanaí an-óg.

**Breoiteacht bhréige nó spreagtha**

Is riocht é seo ina gcumann tuismitheoirí scéalta faoi bhreoiteacht a bheith ar a leanaí nó cruthaíonn siad comharthaí fisiceacha breoiteachta. Dar le taighde reatha agus taithí cháis is í an mháthair a dhéanann sé sin go hiondúil. Is féidir lena leithéidí tarlú nuair a dhéanann tuismitheoir cógais dainséaracha nó substaintí nimhneacha eile a riaradh ar an leanbh nó trí phlúchadh. I measc na siomptóm a thabharfadh le fios go mb'fhéidir gur breoiteacht bhréige nó spreagtha atá i gceist tá:

- (i) siomptóim nach féidir a mhíniú trí thástálacha míochaine ar bith; siomptóim nach bhfuil breathnaithe ag duine ar bith seachas an tuismitheoir nó an cúramóir; siomptóim thuairiscithe a tharlaíonn in áras an teaghlaigh amháin nó nuair a thugann tuismitheoir nó cúramóir cuairt ar leanbh san ospidéal;
- (ii) éileamh ardleibhéil ar fhiosrúchán siomptóm gan chomharthaí fisiciúla doiciméadaithe ar bith;
- (iii) fadhbanna le cóireáil leighis atá gan mhíniú, cosúil le diltálairí ag teacht amach nó línte a cuireadh isteach orthu; cógas neamhordaithe nó nimhithe i láthair san fhuil nó san fhual.

**5. Comharthaí agus siomptóim na drochúsáide gnéasaí**

Clúdaíonn drochúsáid ghnéasach leanaí réimse leathan gníomhaíochtaí drochúsáide go minic. Is annamh a bhaineann siad le heachtra amháin agus is iondúil a tharlaíonn sí thar roinnt blianta. Is sa teaghlach is mó a tharlaíonn drochúsáid ghnéasach leanaí.

Tagann cásanna na drochúsáide gnéasaí chun solais go príomha:

- (a) de bharr eolais a thugann an leanbh nó deartháir nó deirfiúr nó cara leis nó léi;
- (b) de bharr amhrais a bheith ar dhuine fásta;
- (c) ó shiomptóim fhisiciúla.

Déanann Colburn Faller (1989) cur síos ar réimse leathan gníomhaíochtaí ó dhaoine fásta a áirítear mar dhrochúsáid ghnéasach leanaí. Áirítear leo siúd:

**Drochúsáid ghnéasach neamhtheagmhála**

- 'Ráitis ghnéasacha urghránna', a chuimsíonn ráitis ón gciontóir maidir le tréithe ghnéasacha an linbh, cad ba mhaith leis/léi a dhéanamh leis an leanbh agus ráitis ghnéasacha eile.
- Glaonna graosta teileafóin.
- 'Nochtadh' neamhspleách a bhaineann leis an gciontóir ag taispeáint a b(h)aill phríobháideacha don íospartach agus/nó glacaireacht os comhair an íospartaigh.
- 'Glíucaíocht' a bhaineann le cásanna ina mbreathnaíonn an ciontóir ar an íospartach dí-éadaithe nó i mbun gníomhaíochtaí a thugann sásamh ghnéasach don chiontóir. D'fhéadfaidís seo gníomhaíochtaí a chuimsiú nach mbreathnódh daoine eile orthu mar spreagadh ghnéasach ar chor ar bith.

**Teagmháil ghnéasach**

- Teagmháil ar bith le dlúthbhaill an choirp. D'fhéadfadh an ciontóir muirniú nó glacaireacht a dhéanamh ar an íospartach, agus/nó nó iallach a chur ar an íospartach muirniú nó glacaireacht a dhéanamh orthu. Is féidir le muirniú a bheith laistigh nó lasmuigh de na héadaí. Tá 'frotáis' i gceist anseo chomh maith, .i. nuair a aimsíonn an ciontóir sásamh ghnéasach óna b(h)aill ghiniúna a chuimilt in gcoinne choirp nó éadaí an íospartaigh.

**Drochúsáid ghnéasach béil-na mball giniúna**

- Baineann seo leis an gciontóir ag líobadh, ag pógadh, ag sú nó ag baint greamanna as baill ghiniúna an linbh nó ag spreagadh don leanbh amhlaidh a dhéanamh leis féin.

### Drochúsáid ghnéasach idirfhéimearaigh

- Tugtar 'gnéas tirim' nó 'comhriachtain vulvach' air seo uaireanta nuair a leagann an ciontóir a phéineas idir cheathrúna an linbh.

### Drochúsáid ghnéasach threáiteach, agus tá ceithre chineál i gceist:

- 'Treá digiteach', a bhaineann le méara a chur san fhaighin nó sa timpireacht, nó sa dá cheann. Is iondúil go mbíonn an t-íospartach treáite ag an gciontóir, ach uaireanta cuireann an ciontóir dualgas ar an leanbh iad féin a threá.
- 'Treá le rudaí', a bhaineann le treá na faighne, na timpireachta, nó an bhéil (uaireanta) le rud éigin.
- 'Treá ginitíúil', a bhaineann leis an bpéineas ag iontráil na faighne, nó i gcuid di uaireanta.
- 'Treá na timpireachta' a bhaineann leis an bpéineas ag treá an anais.

### Dúshaothrú gnéasach

- Baineann sé seo le cásanna d'íospairt ghnéasach, nuair nach mbíonn teagmháil ghnéasach ag an duine atá freagrach as an dúshaothrú go díreach leis an leanbh. Is iad an dá chineál drochúsáide sa chás seo ná pornagrafaíocht leanaí agus striapachas leanaí.
- Cuimsíonn 'pornagrafaíocht leanaí' grianghrafadóireacht shocair, físeáin agus scannáin, agus le déanaí pornagrafaíocht ríomhghinte.
- Baineann 'striapachas leanaí' le leanaí den chuid is mó atá in aois folachta nó ógántachta. Cibé ar bith, tá eolas faoi leanaí chomh hóg le 4 agus 5 a drochúsáideadh ar an mbealach seo.

D'fhéadfaí na drochúsáidí gnéasacha a bhfuil cur síos orthu thuas a fháil le drochúsáidí eile, cosúil le drochúsáid chorportha agus mún agus difhaecú a dhéanamh ar an íospartach. I gcásanna áirithe, bíonn drochúsáid chorportha mar chuid lárnach de dhrochúsáid ghnéasach; i gcásanna eile, d'fhéadfaí drugaí nó alcól a thabhairt don íospartach.

Tá sé tábhachtach a shonrú go mb'fhéidir nach mbeadh comharthaí fisiciúla le feiceáil i gcásanna na drochúsáide gnéasaí toisc nádúr na drochúsáide agus/nó toisc go ndearnadh an nochtadh eolais tamall maith tar éis don drochúsáid tarlú.

Ba chóir do chúramóirí agus do ghairmithe a bheith airdeallach ar na comharthaí fisiciúla agus iompraíochta seo a leanas:

- fuiliú na faighne/timpireachta;
- deacracht/pian maidir le fual/faecas a scaoileadh;
- d'fhéadfadh ionfhabhtú tarlú mar thoradh ar dhrochúsáid ghnéasach, go mb'fhéidir gur galar gnéas-tarchurtha sainiúil atá i gceist. Ba chóir insint do ghairmithe má tá sileadh faighne seasmhach ag leanbh nó faithní/gríos i réigiún na mball giniúna;
- athrú iompraíochta atá suntasach agus nach bhfuil mar shaintréith;
- leideanna faoi ghníomhaíocht ghnéasach;
- tuiscint ar iompraíocht ghnéasach atá míchuí de réir aoise;
- iompraíocht mheabhlaith atá míchuí;
- iompraíocht ghnéasach ionsaitheach le daoine eile;
- súgradh gnéasach le comhpháirtithe/bréagáin nach bhfuil nádúrtha;
- drogall neamhghnách a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí coitianta a bhaineann le héadaí a athrú, m.sh. cluichí/snámh.

Comharthaí iompraíochta agus fadhbanna mothúchánacha a thugann drochúsáid leanaí le fios i **leanaí óga (aois 0-10 mbliana)** ná:

- athrú taghaid, m.sh. bíonn leanbh cúlanta, eaglach, nó ag déanamh aithrise ar rud a tharla;
- gan a bheith ábalta díriú ar aon rud, go háirithe i dtimpeallacht oideachais;
- fliuchadh nó salú leapa;
- pianta, tinnis bhoilg nó chinn agus gan aon bhonn fhisiceach leo;
- neamhoird chraicinn;
- drogall a dhul a chodladh, tromluithe, athruithe i bpatrúin chodlata;
- diúltú dul ar scoil;
- imní maidir le hidirscaradh;
- easpa goile, ag ithe an iomarca nó ag cur bia i bhfolach.

Comharthaí iompraíochta agus fadhbanna mothúchánacha a thugann drochúsáid leanaí le fios i **leanaí óga (aois 10+ mbliana)** ná:

- dúlagar, aonrú, fearg;
- rith ón mbaile;
- drochúsáid drugaí, alcóil agus tuaslagóirí;
- féinghortú;
- iarrachtaí féinmharaith;
- gan dul ar scoil nó an scoil a fhágáil go luath;
- neamhoird itheacháin.

Ní mór measúnú cúramach a dhéanamh ar na táscairí/comharthaí ar fad a bhaineann le cúinsí an linbh.

## Aguisín 2: Teagmhálaithe náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS

Tá siad liostaithe freisin ar láithreán gréasáin FSS ([www.hse.ie/go/socialworkers](http://www.hse.ie/go/socialworkers)) agus le fáil ó Theil. Íosghlao FSS 1850 241850. Féadfar na huimhreacha teagmhála a nuashonrú ó am go ham. Seiceáil ar láithreán gréasáin FSS chun an t-eolas is déanaí a fháil.

| Limistéar FSS                           | Seoladh                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                | Uimhir Theileafóin                                                            |
|-----------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------|
| <b>BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH</b>        | An tIonad Sláinte, Caisleán na Croma, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 5                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   | (01) 816 4200<br>(01) 816 4244                                                |
| <b>BAILE ÁTHA CLIATH LÁIR THUAIDH</b>   | Oifig na hOibre Sóisialta, 22 Cearnóg Mhuinseo, Baile Átha Cliath 1<br>Oifig na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte Bhaile Munna, Baile Átha Cliath 11                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | (01) 877 2300<br>(01) 846 7236                                                |
| <b>BAILE ÁTHA CLIATH THÍAR THUAIDH</b>  | An tIonad Sláinte, Páirc Chnocán an Tobair, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11<br>Roinn na hOibre Sóisialta, Bóthar Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath 7                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    | (01) 856 7704<br>(01) 882 5000                                                |
| <b>BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS</b>    | Roinn na hOibre Sóisialta, Halla Chnocán an Imill, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 6                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  | (01) 268 0320<br>(01) 2680333                                                 |
| <b>CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS</b> | Ionad Carnegie na hOibre Sóisialta ar Dualgas, 21-25 Sráid an Tiarna Éadbhard, Baile Átha Cliath 2<br>Altranais Sláinte Poiblí, 21-25 Sráid an Tiarna Éadbhard, Baile Átha Cliath 2<br>Seirbhís Tacaíochta Teaghlaigh, 78B Áras na hEaglaise, Ascaill Dhún Uabhair, Baile Átha Cliath 8                                                                                                                                                                                                | (01) 648 6555<br>(01) 648 6730<br>(01) 416 4441                               |
| <b>BAILE ÁTHA CLIATH THÍAR THEAS</b>    | Plásóg Shruathan an Mhuilinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | (01) 452 0666<br>(01) 427 5000                                                |
| <b>BAILE ÁTHA CLIATH THÍAR</b>          | Roinn na hOibre Sóisialta, Teach an Droichid, Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | (01) 620 6387                                                                 |
| <b>BAILE ÁTHA CLIATH THEAS</b>          | Roinn na hOibre Sóisialta, Clinic Mhuire, Sráid Phádraig, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | (01) 663 7300                                                                 |
| <b>CEATHARLACH</b>                      | Oifig Oibre Sóisialta Cheatharlach, Urlár na Talún, Ospidéal Naomh Damhnait, Bóthar Bhaile Átha Í, Co. Cheatharlach                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    | (059) 913 6587                                                                |
| <b>AN CABHÁN</b>                        | Seirbhísí Pobail, Leanaí agus Teaghlaigh FSS, Cros Dhroim an Lao, Co. an Chabháin                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | (049) 437 7305<br>(049) 437 7306                                              |
| <b>AN CLÁR</b>                          | Oibrí Sóisialta an Chláir ar Dualgas, Teach na hAbhann, Bóthar an Ghoirt, Inis, Co. an Chláir<br>Roinn na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir<br>Roinn na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir                                                                                                                                                                                                                       | (065) 686 3935<br>(Luan - Aoine, 2pm- 5pm)<br>(061) 718 400<br>(065) 905 4200 |
| <b>CORCAIGH</b>                         | Roinn Oibre Sóisialta Chorcaí Thuaidh, 134 Plás an Bhainc, Mala, Co. Chorcaí<br>Seirbhísí um Chosaint Leanaí na Laoi Thuaidh, Roinn Oibre Sóisialta na Laoi Thuaidh, An Linn Dubh (in aice le hIonad Siopadóireachta na Linne Duibhe), An Linn Dubh, Co. Chorcaí<br>Roinn Oibre Sóisialta na Laoi Theas, Ospidéal Naomh Fionnbarra, Bóthar Dhúglais, Chorcaigh<br>Seirbhísí um Chosaint Leanaí Iarthar Chorcaí, Roinn na hOibre Sóisialta, Cúil na nGarrán, An Sciobairín, Co. Chorcaí | (022) 54100<br>(021) 492 7000<br>(021) 492 3001<br>(028) 40447                |
| <b>DÚN NA nGALL</b>                     | Ionad Gnó Links, Lisfannon, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall (An Fhoireann Thoir)<br>Áras Eorpach, Bóthar na Cealla Beaga, Dún na nGall, Co. Dhún na nGall (An Fhoireann Thiar)<br>Roinn na hOibre Shóisialta, Cúirt na Mílaoise, Bóthar an Phiarsaigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall (An Fhoireann Thoir-Lár agus An Fhoireann Thiar-Lár)                                                                                                                                         | (074) 932 0420<br>(074) 972 3540<br>(074) 912 3672<br>(074) 912 3770          |

|                       |                                                                                                                                                                                                                        |                                  |
|-----------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------|
| <b>GAILLIMH</b>       | Cathair na Gaillimhe, Roinn na hOibre Sóisialta, An Oifig Sláinte Áitiúil, 25 Bóthar an Chaisleáin Nua, Co. na Gaillimhe                                                                                               | (091) 546366                     |
|                       | Contae na Gaillimhe, Roinn Oibre Sóisialta Thuama, An tIonad Sláinte, Sráid an Bhiocáire, Tuaim, Co. na Gaillimhe                                                                                                      | (093) 37200                      |
|                       | Roinn Oibre Sóisialta Bhaile Locha Riach, An tIonad Sláinte, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe                                                                                                                       | (091) 847820                     |
|                       | Roinn Oibre Sóisialta Bhéal Átha na Sluaighe, An tIonad Sláinte, Breacarnach, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe                                                                                                  | (090) 964 6200                   |
|                       | Roinn Oibre Sóisialta Uachtar Ard, An tIonad Sláinte, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe                                                                                                                                    | (091) 552200                     |
| <b>CIARRAÍ</b>        | Roinn na hOibre Sóisialta, Seirbhís Pobail FSS, Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí                                                                                                                                        | (066) 712 1566                   |
|                       | Roinn Oibre Sóisialta Chill Airne, Bóthar Naomh Maighréide, Cill Airne, Co. Chiarraí                                                                                                                                   | (064) 663 6030                   |
| <b>CILL DARA</b>      | Roinn na hOibre Sóisialta, Naomh Mhuire, Bóthar Bhaile an Chradógaigh, An Nás, Co. Chill Dara                                                                                                                          | (045) 873200                     |
|                       |                                                                                                                                                                                                                        | (045) 882 400                    |
| <b>CILL CHAINNIGH</b> | Oifig na hOibre Sóisialta - Roinn Cúraim Leanaí, Leanaí, an Óige agus Teaghlaigh, Ceatharlach agus Cill Chainnigh, FSS an Deiscirt, Ospidéal Chainnigh, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh | (056) 778 4057<br>(056) 778 4532 |
| <b>LUIMNEACH</b>      | Roinn na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte Bhaile na Neanta, Baile na Neanta, Luimneach (An Fhoireann Thoir), Co. Luimnigh                                                                                               | (061) 457 100                    |
|                       | Roinn na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte Rostown, Ardán Rostown, Seansráid an Chláir, Luimneach (An Fhoireann Thiar), Co. Luimnigh                                                                                     | (061) 417 622<br>(061) 483 091   |
|                       | Roinn Oibre Sóisialta Na Páirce Bige, An Pháirc Bheag, 2 Céide an Leamháin, Plásóga Chathair Dháibhín, Bóthar na hInse, Luimneach, Co. Luimnigh                                                                        | (061) 206 820                    |
|                       | Roinn na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte an Chnoic Theas, Páirc Uí Mháille, An Cnoc Theas, Luimneach, Co. Luimnigh                                                                                                     | (061) 209 985                    |
|                       | Roinn Oibre Sóisialta an Chaisleáin Nua, Ionad Sláinte An Chaisleáin Nua, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh.                                                                                                               | (069) 62155                      |
| <b>LAOIS</b>          | Roinn na hOibre Sóisialta, An tIonad Leanaí agus Teaghlaigh, Port Laoise, Co. Laoise                                                                                                                                   | (057) 869 2567<br>(057) 869 2568 |
| <b>LIATROIM</b>       | Roinn na hOibre Sóisialta, An Oifig Cúraim Phobail, Bóthar Liatroma, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma                                                                                                                    | (071) 965 0324                   |
| <b>AN LONGFORT</b>    | Roinn na hOibre Sóisialta, Áras Tivoli, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Co. an Longfoirt                                                                                                                                    | (043) 335 0584                   |
| <b>AN LÚ</b>          | Roinn na hOibre Sóisialta, An tAonad Cúraim Sláinte Áitiúil, Áras Wilton, Plás Mhic an Ghaill, Dún Dealgan, Co. Lú                                                                                                     | (042) 939 2200<br>(041) 983 8574 |
|                       | Ionad Sláinte Gharrán Bál, Garrán Bál, Droichead Átha, Co. Lú                                                                                                                                                          | (041) 983 3163                   |
| <b>MAIGH EO</b>       | Foireann Oibre Sóisialta Bhéal an Átha, Ionad Sláinte Bhéal an Átha, Bóthar na Trócaire, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo                                                                                                   | (096) 2151<br>(096) 248 41       |
|                       | Foireann Oibre Sóisialta Chaisleán an Bharraigh, Ceanncheathrú Naomh Muire, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo                                                                                                       | (094) 902 2283                   |
|                       | Foireann Oibre Sóisialta Bhéal Átha na Muice, Ionad Sláinte Bhéal Átha na Muice, Áras Athtracta, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo                                                                                     | (094) 905 0133                   |
| <b>AN MHÍ</b>         | Seirbhís Oibre Sóisialta Pobail, An tIonad Fiontraíochta, An Uaimh, Co. na Mí                                                                                                                                          | (046) 909 7817                   |
|                       | Seirbhís Oibre Sóisialta an Phobail, An tIonad Leanaí agus Teaghlaigh, An Uaimh, Co. na Mí                                                                                                                             | (046) 907 8830                   |
|                       | Seirbhís Oibre Sóisialta Pobail, Aonad Cúraim Sláinte Dhún Seachlainn, Dún Seachlainn, Co. na Mí                                                                                                                       | (01) 802 4102                    |

|                               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |                                                                                                                      |
|-------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>MUINEACHÁN</b>             | Roinn na hOibre Sóisialta, An tAonad Cúraim Sláinte Áitiúil, Rúscaigh, Co. Mhuineachán                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | (047) 30426<br>(047) 30427                                                                                           |
| <b>UÍBH FHAILÍ</b>            | Roinn na hOibre Sóisialta, Derry Suite, Foirgnimh an Chaisleáin, Sráid na Teamhrach, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | (057) 937 0700                                                                                                       |
| <b>ROS COMÁIN</b>             | Foireann na hOibre Sóisialta, Áras Bhaile na Mainistreach, Sráid na Mainistreach, Ros Comáin, Co. Ros Comáin<br><br>Foireann Oibre Sóisialta, Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach Ros Comáin, Bóthar Bhéal Átha Liag, Ros Comáin, Co. Ros Comáin (Limistéar Ros Comáin)<br><br>Foireann na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte, Sráid Ail Finn, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin (Limistéar Mhainistir na Búille)<br><br>Foireann na hOibre Sóisialta, Nua-Oifigí FSS, Cnoc Rua, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin (Limistéar an Chaisleáin Riabhach) | (090) 662 6732<br><br>(090) 663 7528<br>(090) 663 7529<br><br>(071) 966 2087<br><br>(090) 663 7851<br>(090) 663 7842 |
| <b>SLIGEACH</b>               | Baile Shligigh agus na ceantair máguaird: Áras Markievicz, Sráid na Bearice, Sligeach, Co. Shligigh<br><br>Contae Shligigh Theas: An tIonad Ilfhreastail, Teach Laighne, Sráid Humbert, Tobar an Choire, Co. Shligigh                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | (071) 915 5133<br><br>(071) 912 0062                                                                                 |
| <b>TIOBRAID ÁRANN THUAIDH</b> | Foireann Oibre Sóisialta ar Dualgas Thiobraid Árann Thuaidh, Na hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann<br><br>Seirbhísí Thiobraid Árann Thuaidh um Chosaint Leanaí: Roinn na hOibre Sóisialta, Sruthán Anna, An tAonach, Co. Thiobraid Árann<br><br>Ionad Sláinte Naomh Muire, Sráid Pharnell, Durlas, Co. Thiobraid Árann                                                                                                                                                                                                    | (067) 46 636<br><br>(067) 41 934<br><br>(01) 478 4122                                                                |
| <b>TIOBRAID ÁRANN THEAS</b>   | Seirbhísí Thiobraid Árann Theas um Chosaint Leanaí: Foireann na hOibre Sóisialta, Seirbhísí Cúraim Pobail Thiobraid Árann Theas, Bóthar an Iarthair, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | (052) 617 7302<br>(052) 617 7303                                                                                     |
| <b>PORT LÁIRGE</b>            | Port Láirge: Seirbhís na hOibre Sóisialta, Seirbhísí Pobail Phort Láirge, Bóthar Chorcaí, Co. Phort Láirge<br><br>Dún Garbhán agus na ceantair máguaird: Roinn na hOibre Sóisialta, Seirbhísí Pobail Dhún Garbhán, Ospidéal Naomh Seosamh, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge                                                                                                                                                                                                                                                                                   | (051) 842827<br><br>(058) 20906                                                                                      |
| <b>AN IARMHÍ</b>              | Roinn na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte Bhaile Átha Luain, Bóthar Chuasáin, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí<br><br>Roinn na hOibre Sóisialta, An tIonad Leanaí agus Teaghlaigh, Campas Naomh Lómán, Páirc an Spidéil, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | (090) 648 3106<br><br>(044) 934 4877                                                                                 |
| <b>LOCH GARMAN</b>            | Ionad Sláinte Ghuaire, Tailte an Ospidéil, Guaire, Co. Loch Garman<br><br>Ionad Sláinte Inis Córthaidh, Bóthar Pháirc an Mhuilinn, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman<br><br>Ionad Sláinte Ros Mhic Thriúin, Tailte an Ospidéil, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman<br><br>Roinn na hOibre Sóisialta, Áras Íle, Port an Chalaigh, Co. Loch Garman                                                                                                                                                                                                              | (053) 943 0100<br>(053) 923 3465<br><br>Déan teagmháil linn ag Teach Íle thíos<br>(053) 912 3522<br>Fo-líne 201      |
| <b>CILL MHANTÁIN</b>          | Roinn na hOibre Sóisialta, FSS Bóthar Thaobh an Ghleanna, Baile Chill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin<br><br>Bré: Roinn na hOibre Sóisialta, An Láirionad Cathrach, An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin<br><br>Deilgne: Roinn na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte Dheilgne, Deilgne, Co. Chill Mhantáin                                                                                                                                                                                                                                                    | (0404) 60800<br><br>(01) 274 4180<br>(01) 274 4100<br><br>(01) 287 1482                                              |

## Aguisín 3: FOIRM THUAIRISCITHE CHAIGHDEÁNACH chun ábhair inní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú do FSS

UIMHIR NA FOIRME: CCO1:01:00

### FOIRM THUAIRISCITHE CHAIGHDEÁNACH

(Chun ábhair inní faoi Chosaint agus Leas Leanaí a thuairisciú do FSS)



#### A. Don Oibrí Sóisialta/Duine Ainmnithe Príomha:

##### 1. Dáta na Tuairisce

##### 2. Sonraí an Linbh

|          |  |                                               |                          |          |                          |
|----------|--|-----------------------------------------------|--------------------------|----------|--------------------------|
| Ainm:    |  | Fireann                                       | <input type="checkbox"/> | Baineann | <input type="checkbox"/> |
| Seoladh: |  | Dáta Breithe                                  |                          | Aois     |                          |
|          |  | Scoil                                         |                          |          |                          |
| Ailias   |  | Seoladh comhfhreagrais<br>(má tá sé difriúil) |                          |          |                          |

##### 3. Sonraí na nDaoine atá ag tuairisciú Ábha(i)r Imní

|                                                    |  |                          |                                                 |
|----------------------------------------------------|--|--------------------------|-------------------------------------------------|
| Ainm:                                              |  | Uimhir Theileafóin       |                                                 |
| Seoladh:                                           |  | Post                     |                                                 |
|                                                    |  | Gaoil leis an gcliant    |                                                 |
| Is mian leis an tuairisceoir nach luafar a (h)ainm |  | <input type="checkbox"/> | Tuairisceoir pléite le tuismitheoirí/caomhnóirí |
|                                                    |  | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/>                        |

##### 4. Tuismitheoirí ar an eolas faoin Tuairisc

Tá Nil

An bhfuil tuismitheoirí nó cúramóirí an linbh ar an eolas go bhfuil an t-ábhar inní seo á thuairisciú do FSS?

☐ ☐

##### 5. Sonraí na Tuairisce

(Sonraí na n-ábhar inní, na liomhaintí nó dátaí agus amanna na n-eachtraí, na ndaoine a bhí i láthair, agus cur síos ar ghortuithe ar bith a chonacthas, tuairimí na dtuismitheoirí, chomh maith le tuairimí an linbh má tá a leithéidí ar eolas.)

UIMHIR NA FOIRME: CCO1:01:00

## FOIRM THUAIRISCITHE CHAIGHDEÁNACH

(Chun ábhair inní faoi Chosaint agus Leas Leanaí a thuairisciú do FSS)



### 6. Gaolta

| Sonraí na Máthar                               |  | Sonraí an Athar                                |  |
|------------------------------------------------|--|------------------------------------------------|--|
| Ainm:                                          |  | Ainm:                                          |  |
| Seoladh (murab ionann é agus seoladh an linbh) |  | Seoladh (murab ionann é agus seoladh an linbh) |  |
| Uimhreacha Teileafóin:                         |  | Uimhreacha Teileafóin:                         |  |

### 7. Comhdhéanamh an Teaghlaigh

| Ainm | Gaol | Dáta Breithe | Faisnéis bhreise, m.sh. scoil/post/eile |
|------|------|--------------|-----------------------------------------|
|      |      |              |                                         |
|      |      |              |                                         |
|      |      |              |                                         |
|      |      |              |                                         |

### 8. Ainm agus seoladh na ndaoine nó na ngníomhaireachtaí eile atá bainteach leis an leanbh seo:

|                              | Ainm | Seoladh |
|------------------------------|------|---------|
| Oibrí Sóisialta              |      |         |
| Altra Sláinte Poiblí         |      |         |
| Dochtúir Ginearálta          |      |         |
| Ospidéal                     |      |         |
| Scoil                        |      |         |
| Gardaí                       |      |         |
| Naionra/Creis/Grúpa Óige     |      |         |
| Eile (sonraigh le do thoil): |      |         |

### 9. Sonraí an duine/na ndaoine liomhnaithe atá mar ábhar inní maidir leis an leanbh

|                     |  |       |                                  |                                   |
|---------------------|--|-------|----------------------------------|-----------------------------------|
| Gaol leis an leanbh |  | Aois  | Fireann <input type="checkbox"/> | Baineann <input type="checkbox"/> |
| Ainm:               |  | Post: |                                  |                                   |
| Seoladh:            |  |       |                                  |                                   |

### 10. Sonraí an duine atá ag comhlánú na foirme

|          |  |       |  |
|----------|--|-------|--|
| Ainm:    |  | Post: |  |
| Sínithe: |  | Dáta: |  |

### Nótaí Treorach

Tá freagracht reachtúil ar FSS faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 chun leas agus cosaint leanaí a chur chun cinn. Tá dualgas ar FSS dá réir sin faisnéis a fháil faoi leanbh ar bith nach bhfuil cúram nó cosaint leormhaith á fháil aige nó aici.

Tá an Fhoirm Thuairiscithe seo le húsáid ag:

- Aon oibrí gairmiúil, duine aonair nó grúpa ar bith atá rannpháirteach sna seirbhísí do leanaí agus atá feasach ar ábhar imní faoi chosaint nó leas leanaí, nó lenar tuairiscíodh ábhar imní faoi chosaint nó leas leanaí.
- Gairmithe agus daoine aonair atá ag obair i soláthar na seirbhísí um chúram leanaí sa phobal, agus a bhfuil conarthaí seirbhíse acu le FSS.
- Daoine ceaptha i ngníomhaireacht dheonach nó phobail.

Líon isteach an oiread eolais agus sonraí atá ar eolas agat le do thoil. Cuideoidh sé seo le Roinn na hOibre Sóisialta an leibhéal riosca don leanbh nó na seirbhísí tacaíochta atá riachtanach a mheasúnú. Mura bhfuil an fhaisnéis iarrtha ar eolas agat, is féidir é seo a chur in iúl le líne a chur tríd an gceist. Is iondúil go ndéanfaidh oibrí sóisialta teagmháil leat chun do thuairisc a phlé.

Tá sé mar aidhm ag FSS oibriú i gcomhpháirt le tuismitheoirí. Má tá an tuairisc seo á dhéanamh agat faoi rún, ba chóir duit a shonrú nach féidir le FSS rúndacht iomlán a rathú ar na cúiseanna a leanas:

- D'fhéadfadh Cúirt ordú a thabhairt go nochtfaí an fhaisnéis.
- Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, d'fhéadfadh an Coimisinéir um Shaoráil Faisnéise ordú a thabhairt go ndéanfaí faisnéis a nochtadh.

Ba chóir go mbeadh a fhios agat chomh maith nuair atá 'tuairisc bona fide' á dhéanamh agat, go bhfuil cosaint agat faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine A Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998.

Mura bhfuil tú cinnte ar chóir duit na hábhair imní atá agat a thuairisciú, cuir glaoch ar an oibrí sóisialta FSS ar dualgas agus déan na hábhair imní atá agat a phlé leo (*féach Aguisín 2 le haghaidh liosta iomlán na n-oifigí FSS go náisiúnta*).

## Aguisín 4:

### FOIRM FHÓGARTHA CHAIGHDEÁNACH le húsáid ag FSS chun cásanna a chur in iúl don Gharda Síochána

#### FAOI RÚN

\_\_\_\_\_ Oifig Sláinte Áitiúil FSS an Cheantair

\_\_\_\_\_ Seoladh

#### Do: Ceannfort

Garda Síochána

Seoladh \_\_\_\_\_ Uimh. Thag. \_\_\_\_\_

#### FÓGRA FAOI DHROCHÚSÁID AMHRASTA LEANAÍ

Ainm an Linbh \_\_\_\_\_

Dáta Breithe \_\_\_\_\_ Inscne \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_

Ainm an Athar \_\_\_\_\_ Ainm na Máthar \_\_\_\_\_

1. Tá sé tugtha faoi ndeara go bhféadfadh drochúsáid a bheith á tabhairt don leanbh atá ainmnithe thuas.

2. Foirm/foirmeacha na drochúsáide amhrasta:

☐ Faillí ☐ Drochúsáid Chorparcha ☐ Drochúsáid Mhothúchánach\* ☐ Drochúsáid Ghnéasach

\* Baineann eilimint de dhrochíde mhothúchánach le gach drochúsáid; ba chóir an chatagóir seo a úsáid nuair is í sin an phríomhfhoirm nó an t-aon fhoirm drochúsáide amhrasta.

3. Faisnéis bhreise \_\_\_\_\_

#### An tOibrí Sóisialta atá ceaptha le déileáil leis an gceist seo:

Ainm \_\_\_\_\_ Uimh. Theileafóin \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_

Sínithe \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

Oifigeach Ainmnithe

#### DUILLÍN FILLTE (le fillleadh ar Oifig Sláinte Áitiúil FSS an Cheantair)

Garda \_\_\_\_\_ Uimh. Thag. an Gharda \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_ Ainm an Linbh \_\_\_\_\_

Admhaím go bhfuarthas fógra uait.

#### An Garda a Ceapadh le déileáil leis an gcás seo:

Ainm \_\_\_\_\_ Uimh. Theileafóin \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_ Sínithe \_\_\_\_\_

## Aguisín 5:

### FOIRM FHÓGARTHA CHAIGHDEÁNACH le húsáid ag an nGarda Síochána chun cásanna a chur in iúl do FSS

#### FAOI RÚN

Garda Síochána \_\_\_\_\_ Uimh. Thag. an Gharda. \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_

#### Do: Oifigeach Ainmnithe

\_\_\_\_\_ Oifig Sláinte Áitiúil FSS an Cheantair

\_\_\_\_\_ Seoladh

#### FÓGRA FAOI DHROCHÚSÁID AMHRASTA LEANAÍ

Ainm an Linbh \_\_\_\_\_

Dáta Breithe \_\_\_\_\_ Inscne \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_

Ainm an Athar \_\_\_\_\_ Ainm na Máthar \_\_\_\_\_

1. Tá sé tugtha faoi ndeara go bhféadfadh drochúsáid a bheith á tabhairt don leanbh atá ainmnithe thuas.

2. Foirm/foirmeacha na drochúsáide amhrasta:

☐ Faillí ☐ Drochúsáid Chorportha ☐ Drochúsáid Mhothúchánach\* ☐ Drochúsáid Ghnéasach

\* Baineann eilimint de dhrochíde mhothúchánach le gach drochúsáid; ba chóir an chatagóir seo a úsáid nuair is i sin an phríomhfhoirm nó an t-aon fhoirm drochúsáide amhrasta.

3. Faisnéis bhreise \_\_\_\_\_

#### An Garda Ainmnithe atá ag déileáil leis an gceist seo:

Ainm \_\_\_\_\_ Uimh. Theileafóin \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_

Sínithe \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

Oifigeach Ainmnithe

#### DUILLÍN FILLTE (le cur ar ais chuig Stáisiún ábhartha na nGardaí)

Oifig Sláinte Áitiúil FSS an Cheantair \_\_\_\_\_

Uimhir Thagartha Oifig Sláinte Áitiúil FSS an Cheantair \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_ Ainm an Linbh \_\_\_\_\_

Admhaim go bhfuarthas fógra uait.

An tOibrí Sóisialta Ainmnithe a sannadh don chás seo:

Ainm \_\_\_\_\_ Uimh. Theileafóin \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_ Sínithe \_\_\_\_\_

## Aguisín 6: FOIRM THAIFEADTA IDIRCHaidrimh AN GHARDA - FSS



Cuid 1

### Taifead d'Idirchaidreamh an Gharda - FSS

*Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*

Uimh. fógra FSS \_\_\_\_\_

Dáta a bhfuarthas Fógra Foirmiúil (*Tús Áite do Leanaí - Aguisín 5 / Aguisín 6*) \_\_\_\_\_

Dáta an fhógra neamhfhoirmiúil \_\_\_\_\_

Ainm an Linbh \_\_\_\_\_ Dáta Breithe \_\_\_\_\_

Seoladh an linbh \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Catagóir na Drochúsáide \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

#### Foireann Gníomhaíochta Chomhpháirteach (*Tús Áite do Leanaí - Rannáin 7.2/7.3*)

An Garda Ainmnithe \_\_\_\_\_ Stáisiún Gardaí \_\_\_\_\_

An tOibrí Sóisialta Ainmnithe \_\_\_\_\_ Oifig FSS \_\_\_\_\_

#### Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh

Sáirsint / Cigire na nGardaí \_\_\_\_\_

Ceannaire na Foirne Oibre Sóisialta \_\_\_\_\_

Cuid 2

**Plé Straitéise nuair a Fhaightear an Fógra**

Lá \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_ Am \_\_\_\_\_ Áit \_\_\_\_\_

Garda \_\_\_\_\_

Oibrí Sóisialta \_\_\_\_\_

Dáta don Chruinniú Straitéise \_\_\_\_\_

Freagracht a ghlac \_\_\_\_\_ do leanbh a fheiceáil.

**An ndearnadh idirghabháil éigeandála** ☐ Rinneadh ☐ Ní dhearnadh

**Ar cuireadh Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991** ☐ Cuireadh ☐ Níor cuireadh

Má "cuireadh" inis cé a chuir i bhfeidhm é \_\_\_\_\_

An dáta a cuireadh i bhfeidhm é \_\_\_\_\_

Cúis an chinnidh: \_\_\_\_\_

**Ar Tugadh Ordú Cúraim Éigeandála** ☐ Tugadh ☐ Níor tugadh

Iarratas déanta ag \_\_\_\_\_ An Dáta a ndearnadh an tIarratas \_\_\_\_\_

Cúis an chinnidh: \_\_\_\_\_

**An bhfuil Fianaise Fhóiréinseach le fáil** ☐ Tá ☐ Níl

**An láthair**

Cé a chaomhnaigh an láthair \_\_\_\_\_ Dáta caomhnaithe \_\_\_\_\_

Cúis an chinnidh: \_\_\_\_\_

**An Duine**

A ghlac an fhianaise \_\_\_\_\_ An dáta ar glacadh an fhianaise \_\_\_\_\_

Cúis an chinnidh: \_\_\_\_\_

Malairt éadaigh curtha ar fáil ag \_\_\_\_\_

**An raibh scrúdú míochaine riachtanach:** ☐ \*Bhí ☐ Ní raibh

An Garda lena ndearnadh teagmháil \_\_\_\_\_ Dáta agus am na teagmhála \_\_\_\_\_

Cúis \_\_\_\_\_

\* Más "bhí" an freagra d'fhéadfadh Trealamh Fianaise Fhóiréinseach an Gharda le haghaidh Cionta Gnéis a bheith ag teastáil.

## Cuid 3

**Cruinniú Straitéise (*Tús Áite do Leanaí* - Rannán 7.14)**Arna thionól ag \_\_\_\_\_ FSS (*Tús Áite do Leanaí* - Alt 7.14.2))

Cé a bhí i láthair \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Ionad \_\_\_\_\_

Lá / Dáta / Am \_\_\_\_\_

**Cinntí - (*Tús Áite do Leanaí* - Alt 7.14.3). Comhlánaigh mar is cuí**

| <b>Treoirilínte<br/><i>Tús Áite do Leanaí</i><br/>- Alt 7.14.3</b> | <b>Gníomh</b> | <b>An duine<br/>a rinne é</b> | <b>An fáth<br/>a ndearnadh<br/>é</b> | <b>An dáta ar<br/>críochnaíodh<br/>an gníomh</b> | <b>Athbhreithniú<br/>ag Foireann<br/>Bhainistíochta<br/>Idirchaidrimh</b> |
|--------------------------------------------------------------------|---------------|-------------------------------|--------------------------------------|--------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------|
| Faisnéis a roinneadh                                               |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |
| Gníomh láithreach<br>chun leanbh nó leanaí<br>a chosaint           |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |
| Alt 16 (1)(b) den Acht<br>um Fhianaise Choiriúil,<br>1992 Agallamh |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |
| Roghanna Dlí                                                       |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |
| Luath-idirghabhálacha                                              |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |

Cuid 3 ar leanúint

| <b>Treoirlínte<br/>Tús Áite do Leanaí<br/>- Alt 7.14.3</b>  | <b>Gníomh</b> | <b>An duine<br/>a rinne é</b> | <b>An fáth<br/>a ndearnadh<br/>é</b> | <b>An dáta ar<br/>críochnaíodh<br/>an gníomh</b> | <b>Athbhreithniú<br/>ag Foireann<br/>Bhainistíochta<br/>Idirchaidrimh</b> |
|-------------------------------------------------------------|---------------|-------------------------------|--------------------------------------|--------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------|
| Cosaint nó<br>Tacaíochtaí<br>don leanbh                     |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |
| Foinsí Eolais                                               |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |
| Fiosrúcháin bhreise                                         |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |
| Plean<br>Comhaontaithe<br>don chuid eile den<br>fhiosrúchán |               |                               |                                      |                                                  |                                                                           |

Sínithe \_\_\_\_\_ An tOibrí Sóisialta Ainmnithe

Sínithe \_\_\_\_\_ An Garda Ainmnithe

**Más rud é go mbíonn níos mó ná cruinniú straitéise amháin ann ní mór foirm nua  
a chomhlánú ag Cuid 3 i ngach cás**

**Cuid 4**

**Comhdháil um Chosaint Leanaí**

Arna thionól ag \_\_\_\_\_ FSS (*Tús Áite do Leanaí* - Alt 7.11.4))

Cé a bhí i láthair \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_

Ionad \_\_\_\_\_

Lá / Dáta / Am \_\_\_\_\_

An tOibrí Lárnach \_\_\_\_\_

Plean um Chosaint Leanaí curtha i bhFeidhm \_\_\_\_\_

Dáta socraithe don Athbhreithniú \_\_\_\_\_

Cuid 5

**Cruinniú na Foirne Bainistíochta Idirchaidrimh**

| Lá / Dáta /<br>Am / Ionad | Athbhreithniú<br>ar an dul<br>chun cinn | Nithe ag éirí<br>as / Cinntí | Cúiseanna<br>na gcinntí | Sínithe |
|---------------------------|-----------------------------------------|------------------------------|-------------------------|---------|
|                           |                                         |                              |                         |         |
|                           |                                         |                              |                         |         |
|                           |                                         |                              |                         |         |

Cuid 6

**Dúnadh Taifid Idirchaidrimh an Gharda - FSS**

Cinneadh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí: \_\_\_\_\_

Dáta Cúirte: \_\_\_\_\_

Toradh Cúirte: \_\_\_\_\_

An Fáth ar Dúnadh Taifead Idirchaidrimh an Gharda - FSS:

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Sínithe \_\_\_\_\_ **An Garda Ainmnithe**

Dáta \_\_\_\_\_

Sínithe \_\_\_\_\_ **An tOibrí Sóisialta Ainmnithe**

Dáta \_\_\_\_\_

Sínithe \_\_\_\_\_ **Cigire / Sáirsint - Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh**

Dáta \_\_\_\_\_

Sínithe \_\_\_\_\_ **Ceannaire na Foirne - Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh**

Dáta \_\_\_\_\_

## Aguisín 7: An Reachtaíocht Ábhartha

### Acht na Leanaí, 2001

Tháinig Acht na Leanaí, 2001 in ionad forálacha agus reachtaíocht ghaolmhar an Children Act 1908 agus chuir sé reacht cuimsitheach nua-aoiseach ina áit. Clúdaíonn Acht 2001 trí phríomhréimse dlí. Ar an gcéad dul síos, agus ar an rud is tábhachtaí, soláthraíonn sé creatlach forbartha don chóras dlí agus cirt d'ógánaigh. Ar an dara dul síos, déanann sé athachtú agus nuashonrú ar fhorálacha Acht 1908 a dhéanann leanaí a chosaint ó dhaoine atá faoina gcaomhnóireacht nó faoina gcúram. Ar an tríú dul síos, tá foráil ann le haghaidh comhdhálacha leasa teaghlaigh agus forálacha nua eile le déileáil le leanaí sa chás go bhfuil fíorbhagairt shubstaintiúil ar a saol, a sláinte, a sábháilteacht, a leas agus a bhforbairt.

### An tAcht um Chúram Leanaí, 1991

Is é aidhm an Achta um Chúram Leanaí, 1991 ná 'nuashonrú a dhéanamh ar an dlí maidir le cúram leanaí a ionsaíodh, ar tugadh ainíde dóibh, a ndearnadh faillí orthu nó ar tugadh drochúsáid ghnéasach dóibh, nó atá i mbaol'. Is iad príomhfhorálacha an Achta ná:

- (i) dualgas reachtúil a leagan ar FSS chun leas leanaí a chur chun cinn nach bhfuil cúram nó cosaint leormhaith á thabhairt dóibh suas chomh fada le haois 18;
- (ii) treisiú a dhéanamh ar chumhachtaí FSS chun seirbhísí cúraim leanaí agus tacaíochta teaghlaigh a sholáthar;
- (iii) feabhas a chur ar nósanna imeachta chun idirghabháil láithreach ag boird sláinte agus ag an nGarda Síochána a éascú nuair atá leanaí i gcontúirt;
- (iv) athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha le cur ar chumas na gCúirteanna leanaí a ionsaíodh, ar tugadh ainíde dóibh, a ndearnadh faillí orthu nó ar tugadh drochúsáid ghnéasach dóibh, nó atá i mbaol, a chur faoi chúram nó faoi mhaoirseacht FSS;
- (v) socruithe a thabhairt isteach chun maoirseacht agus cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí réamhscolaíochta;
- (vi) athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha maidir le clárú agus cigireacht na n-ionad cónaithe do leanaí.

### An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006

Thug Alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 isteach an cúiseamh coiriúil maidir le 'leanaí a chur i mbaol go meargánta'. Luaitear san Alt:

'Aon duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir agus a chuireann leanbh i mbaol go hintinneach nó go meargánta —

- (a) trína chur faoi deara, nó trína ceadú, aon duine a chur nó a fhágáil i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina íospartach nó ina híospartach díobhála tromchúisí nó drochúsáide gnéasaí, nó
- (b) trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil leanbh i riocht den sórt sin, tá sé nó sí ciontach i gcion.'

Is é an pionós a ghearrfar ar dhuine a fhaightear ciontach sa chion seo ná fineáil (gan aon uasteorainn) nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon.

### An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996

Thug an tAcht um Fhoréigean Baile, 1996 isteach mórathruithe sna réitigh dlí maidir le foréigean baile. Tá dhá phríomhchineál réiteach ar fáil:

- (i) **Ordú Sábháilteachta:** Cuireann an tOrdú cosc ar dhuine breis foréigin nó bagairtí foréigin a dhéanamh. Ní chuireann sé iallach ar an duine sin áras an teaghlaigh a fhágáil. Má tá cónaí ar na páirtithe in áiteanna dífríúla, cuireann an tOrdú cosc ar an duine foréigneach a bheith ag faire ar áras an teaghlaigh nó a bheith i ngar dó.
- (ii) **Ordú Urchoisc:** Is Ordú é seo a éilíonn ar dhuine foréigneach áras an teaghlaigh a fhágáil.

Tugann an reachtaíocht cumhacht idirghabhála do FSS chun daoine aonair agus a gcuid leanaí a chosaint ó fhoréigean. Cumasaíonn Alt 6 den Acht do FSS iarratas a dhéanamh ar Orduithe, gur féidir le duine a dhéanamh ar a s(h)on féin, ach go bhfuil drogall orthu trí eagla nó tráma. Níl toiliú an íospartaigh mar réamhchoinníoll d'iarratas mar seo, cé go gcaithfear comhairliú leis/léi roimh ré. Faoi Alt 7 den Acht, féadfaidh an Chúirt, nuair a bhreithníonn siad é a bheith oiriúnach, imeachtaí a chur ar atráth agus teorú do FSS fiosrúchán a dhéanamh ar chúinsí an duine cleithiúnaigh ag féachaint chuig na cúrsaí seo a leanas:

- (i) iarratas a dhéanamh ar Ordú Cúraim nó Ordú Maoirsithe faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991;
- (ii) seirbhísí nó cuidiú a sholáthar do theaghlach an duine cleithiúnaigh; nó
- (iii) beart ar bith eile a thógáil maidir leis an duine cleithiúnach.

### An tAcht um Chosaintí do Dhaoine A Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

Tháinig an tAcht seo i bhfeidhm an 23 Eanáir 1999. Is iad príomhfhórlacha an Achta ná:

- (i) cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a thuairiscigh drochúsáid leanaí 'go réasúnach agus de mheon macánta' d'oifigigh sannta FSS anois nó do bhall ar bith den Gharda Síochána;
- (ii) cosaintí suntasacha a sholáthar d'fhostaithe a thuairiscíonn drochúsáid leanaí. Clúdaíonn na cosaintí seo gach fostaí agus gach foirm idirdhealaithe suas chomh fada le difhostú, agus é san áireamh;
- (iii) cruthú an chiona nua maidir le tuairisciú bréagach na drochúsáide leanaí, nuair a thuairiscíonn duine drochúsáid leanaí do na húdaráis chuí agus 'fios acu go bhfuil an ráiteas bréagach'. Is cion coiriúil nua é seo, atá deartha chun daoine neamhchiontacha a chosaint ó thuairiscí mailseacha.

Tá réimse leathan oibrithe altranaís, míochaine, paraimhíochaine agus foirne eile ceaptha mar oifigigh sannta chun críocha an Achta (*féach Aguisín 10 atá ag dul le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*). Is foráil shábhála é Alt 6 den Acht a shonraíonn go bhfuil an díolúine reachtúil a soláthraítear faoin Acht, do dhaoine a thuairiscíonn drochúsáid leanaí, sa bheis ar chosaintí ar bith atá ar fáil cheana féin faoi achtachán nó rialail an dlí eile a bhí i bhfeidhm díreach roimh rith an Achta.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Baineann An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 le próiseáil sonraí pearsanta. Tugann sé ceart do gach duine aonair, beag beann ar a náisiúntacht nó a áit chónaithe, chun eiseadh na sonraí pearsanta a bhunú, rochtain a bheith ar shonraí mar seo a bhaineann leis/léi, agus sonraí míchruinn a bheith ceartaithe nó scriosta. Cuireann sé iallach ar rialtóirí sonraí a chinntiú go bhfuil sonraí a choinníonn siad bailithe mar is cóir, go bhfuil siad cruinn agus suas chun dáta, coinnithe do chuspóirí dlíthiúla agus nach n-úsáidtear nó nach nochtar iad ar bhealach ar bith nach dtagann leis na cuspóirí sin. Cuireann sé iallach chomh maith ar rialtóirí agus ar phróiseálaithe sonraí na sonraí a choinníonn siad a chosaint, agus leagann sé dualgas cúraim speisialta orthu maidir le daoine aonair a gcoinnítear sonraí faoi leith fúthu.

### An tAcht Oideachais, 1998

Leagann an tAcht Oideachais, 1998 dualgas orthusan a bhaineann lena bhforfheidhmiú chun éifeacht phraiticiúil a thabhairt do chearta bunreachtúla na leanaí mar a bhaineann siad le hoideachas, agus chomh fada agus atá praiticiúil agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, leibhéal agus caighdeán oideachais atá oiriúnach a chur ar fáil do dhaltáí chun a riachtanais agus inniúlachtaí aonair a shásamh.

### An tAcht Oideachais (Leas), 2000

Tháinig an tAcht Oideachais (Leas), 2000, ar cuireadh tús iomlán leis i mí Iúil 2002, in ionad na reachtaíochta tinreamh scoile a bhí ann roimhe sin agus bhí foráil ann maidir le gníomhaireacht náisiúnta amháin, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) a chruthú, a bhfuil freagracht reachtúil aige a chinntiú go bhfuil gach leanbh ag freastal ar scoil nó go bhfuil oideachas á fháil acu nó go nglacann siad páirt in oiliúint. Lena chois sin cabhraíonn an BNLO chun beartas oideachais an Rialtais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

### An tAcht um Chionta Neamh-mharfacha in aghaidh an Duine, 1997

Is iad dhá fhóráil ábhartha an Achta ná:

- (i) cuireann sé deireadh le rialail an dlí trína raibh múinteoirí díolmhaithe ó dhliteanas coiriúil maidir le pionós fisiciúil a ghearradh ar dhaltáí;
- (ii) déanann sé cur síos ar chúinsí ina bhféadfadh úsáid fhórsa réasúnta a bheith inchosanta.

### Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Tugann na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 cead do bhaill an phobail faisnéis atá ag comhlachtaí poiblí a rochtain a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus cearta príobháideachais. Áirítear le fórlacha sonracha na hAchtanna:

- (i) fóráil a dhéanamh do cheart rochtana ar thaifid atá coinnithe ag eagraíochtaí poiblí, d'eisceachtaí riachtanacha an chearta sin agus chun cuidiú le daoine chun cumasú dóibh iad a chur i gcleachtadh;
- (ii) cumasú do dhaoine faisnéis phearsanta ar bith fúthu atá i seilbh na n-eagraíochtaí seo a cheartú;
- (iii) fóráil a dhéanamh maidir le hathbheithniú neamhspleách ag Coimisinéir Faisnéise ar chinntí na gcomhlachtaí maidir leis an gceart sin agus feidhmiú an Achta go ginearálta;
- (iv) fóráil a dhéanamh maidir le foilsiú ag comhlachtaí poiblí ar threoracha a ghabhann lena bhfeidhmeanna agus treoirilínte náisiúnta, cosúil leo seo, a sholáthar don phobal.

Faoi na hAchtanna, tá na cearta seo a leanas ag duine faoina bhfuil faisnéis phearsanta ag comhlacht poiblí:

- (i) ceart rochtana ar an bhfaisnéis seo, faoi réir choinníollacha áirithe;
- (ii) ceart maidir leis an bhfaisnéis seo a cheartú má tá sí míchruinn.

Nuair a dhéanann comhlacht poiblí cinneadh a théann i bhfeidhm ar dhuine aonair, tá an ceart ag an duine aonair sin na cúiseanna agus na torthaí ábhartha a fháil a bhí ag an gcomhlacht agus é ag déanamh an chinnidh.

Dearadh na hAchtanna chomh maith chun príobháideachas daoine aonair a chosaint agus, go ginearálta, bíonn réamhthoilíú an duine aonair riachtanach sula n-eisítear faisnéis phearsanta fúthu. Sa chás go bhfuil faisnéis sna taifid leighis nó sna taifid oibre sóisialta a dhéanfadh dochar do leas an duine, féadfar na taifid a eisiúint do ghairmí sláinte atá ag gníomhú thar ceann an duine sin. Tá rialacháin agus treoirlínte faoi na hAchtanna maidir le rochtain ag tuismitheoirí ar thaifid a leanaí; leagann siad sin béim ar an gcaoi gurb é leas an linbh an rud is tábhachtaí thar aon ní eile.

Cuimsíonn na díolúintí agus eisiámh atá ábhartha do chosaint leanaí na nithe seo a leanas:

- (i) taifid a chosaint atá clúdaithe ag príobléid ghairmiúil dlí;
- (ii) taifid a chosaint a d'éascódh coimisiúnú coire;
- (iii) taifid a chosaint a dhéanfadh foinse faisnéise rúnda a nochtadh.

## Aguisín 8: Treoir chun nósanna imeachta áitiúla um chosaint agus leas leanaí a fhorbairt

**NÍ CEART ATHRÚ AR BITH a dhéanamh ar na sainmhínithe ná ar an nós imeachta tuairiscithe ná ar an treoir maidir le rúndacht** (*faoi mar a fhoráiltear i gCaibidlí 2 agus 3 de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*) nuair atá treoirlínte áitiúla á bhforbairt. Tá an cás amhlaidh toisc go bhfuil sé bunriachtanach go mbeadh **comhsheasmhacht** ann maidir le sainmhínithe, an bunús tuairiscithe agus an nós imeachta tuairiscithe caighdeánach.

Ba chóir do gach eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí a chinntiú go bhfuil na gnéithe seo a leanas san áireamh nuair atá nósanna imeachta áitiúla á bhforbairt:

- (i) cur síos ar an bhfreagracht ag an leibhéal áitiúil, don duine aonair agus don lucht corparáide;
- (ii) socruithe eagrúcháin agus bainistíochta, chomh maith le nósanna imeachta um chosaint leanaí, a chuimsíonn socruithe do chomhoibriú idirghníomhaireachta;
- (iii) ionchais an dea-chleachtais ghairmiúil;
- (iv) socruithe maidir le hoiliúint agus tacaíocht foirne;
- (v) cur chuige maidir le tacaíocht teaghlaigh agus rannpháirtíocht an linbh.

## Aguisín 9: Treoir d'fhostóirí atá ag déileáil le líomhain drochúsáide

Nuair a fhaightear líomhain maidir le drochúsáid ba chóir don fhostóir í a mheas go pras agus go cúramach. Ba chóir aon bheart maidir le tuairisciú líomhna drochúsáide leanaí in aghaidh fostaí a bheith bunaithe ar thuairim ar thángthas air 'go réasúnta agus le hintinn mhaith'. Caithfear cinneadh a dhéanamh an gá tuairisc fhoirmiúil a thabhairt do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Ní mór an cinneadh sin a bheith bunaithe ar fháthanna réasúnta imní, faoi mar a léirítear i gCaibidil 3 den treoir náisiúnta seo.

Is é an chéad rud a chaithfear a dhéanamh ná a chinntiú nach gcuirfear aon leanbh i mbaol gan gá. Ba chóir don fhostóir aon bheart cosanta atá riachtanach a ghlacadh ar bhonn práinne. Ba chóir na bearta sin a bheith i gcomhréir le leibhéal an riosca agus níor cheart go gcuirfidís pionós airgid nó eile ar an bhfostaí mura bhfuil siad riachtanach chun leanaí a chosaint. Má tharlaíonn sé go gcuireann na bearta cosanta pionós ar an bhfostaí tá sé tábhachtach an cás a mheas go luath.

Ba chóir gach beart a dhéantar a bheith de réir na nósanna imeachta comhaontaithe, de réir an chonartha fostaíochta infheidhmithe agus rialacha ceartais aiceanta.

Ba chóir ceannasaí na heagraíochta a chur ar an eolas a luaithe is féidir mar gheall ar an líomhain.

Ba cheart don fhostóir na nithe seo a leanas a insint go príobháideach don fhostaí má fhaigheann sé nó sí amach faoi líomhain gur thug an fostaí sin drochúsáid do leanbh nó do leanaí le linn dó nó di a bheith i mbun a c(h)uid dualgas:

- (i) go ndearnadh an líomhain faoi nó fúithi;
- (ii) an cineál líomhna atá ann.

Ba chóir deis a thabhairt don fhostaí freagra a thabhairt. Ba chóir don fhostóir an freagra sin a thaifeadadh agus an fhaisnéis sin a insint nuair atá tuairisc fhoirmiúil á tabhairt do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS.

Ní mór d'fhostóirí nó do na daoine atá i gceannas a bheith cúramach gan aon rud a dhéanamh a bhainfeadh an bonn d'aon iniúchadh nó measúnú a bheadh á dhéanamh ag Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó ag an nGarda Síochána. Moltar go tréan d'fhostóirí idirchaidreamh dlúth a bheith acu leis an húdaráis reachtúla chun é sin a chinntiú.

Ba chóir a insint d'fhostóirí nó do na daoine atá i gceannas faoi thoradh an imscrúdaithe nó na measúnaithe. Cabhróidh sé sin leo cinneadh a dhéanamh faoi cad is ceart a dhéanamh sa bhfadtéarma faoin bhfostaí sin.

Tugann **an tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998** cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a thuairiscigh drochúsáid leanaí 'go réasúnach agus de mheon macánta' d'oifigigh ainmnithe de chuid FSS (*féach Aguisín 10*) nó do bhall ar bith den Gharda Síochána. Tá an chosaint seo le fáil ag eagraíochtaí chomh maith le daoine aonair. Ciallaíonn sé seo, fiú dá bhfaighfí amach nach raibh bunús ar bith le hamhras a cuireadh in iúl faoi dhrochúsáid leanaí, go mbeadh ar ghearánaí a thionscnódh caingean a chruthú i gcás an duine a thuairiscigh an t-ábhar imní sin nár ghníomhaigh sé nó sí go réasúnta agus le hintinn mhaith.

Féadfaidh cosaint na pribhléide srianta a bheith ag duine faoin dlí coiteann a thugann tuairisc le hintinn mhaith agus ar mhaithe le leas an linbh.

## Aguisín 10: Liosta d'Oifigigh Ainmnithe FSS - An tAcht um Chosaintí do Dhaoine A Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

### Féach Caibidil 3, Alt 3.10.1 de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*

Tugann an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a thuairiscigh drochúsáid leanaí 'go réasúnach agus de mheon macánta' d'oifigigh ainmnithe de chuid FSS nó do bhall ar bith den Gharda Síochána. Ainmneoidh Príomhfheidhmeannach FSS gach duine atá sna catagóirí seo a leanas d'oifigigh FSS mar oifigigh ainmnithe FSS (tá na sonraí seo le fáil freisin ar láithreán gréasáin FSS, [www.hse.ie](http://www.hse.ie)):


|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>Oibrithe Sóisialta<br/> Oibrithe Cúram Leanaí<br/> Altraí Sláinte Poiblí<br/> Comhairligh Ospidéal<br/> Siciatraithe<br/> Dochtúirí Ospidéal nach Comhairligh iad<br/> Pearsanra Míochaine agus Fiaclóireachta eile FSS<br/> Oifigigh Leasa Pobail<br/> Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga<br/> Altraí Uile FSS<br/> Síceolaithe<br/> Radagrafaithe<br/> Fisiteiripeoirí<br/> Teiripeoirí Saothair<br/> Pearsanra Oideachais Sláinte/Cothaithe Sláinte<br/> Comhairleoirí um Mí-úsáid Substaintí<br/> Cúntóirí Cúraim</p> | <p>Duine ainmnithe laistigh de FSS<br/> Comhordaitheoirí Tacaíochta Teaghlaigh<br/> Oibrithe Tacaíochta Teaghlaigh<br/> Oifigigh Shláinte Chomhshaoil<br/> Cigirí na Seirbhísí Réamhscolaíochta<br/> Comhordaitheoirí Feighlithe Leanaí<br/> Bainisteoirí Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas<br/> Bainisteoirí Cúram Cónaithe/Oibrithe Cúram Cónaithe Leanaí<br/> Seirbhísí VEID agus SEIF<br/> Comhairleoirí i Seirbhísí le haghaidh AVPA<br/> Daoine a Thugann Faisnéis agus Comhairle faoi <i>Tús Áite do Leanaí</i><br/> Oifigigh Fhorfheidhmithe <i>Tús Áite do Leanaí</i><br/> Oifigigh Dearbhaithe Cáilíochta<br/> Oifigigh Aighneachta<br/> Oibrithe Rochtana<br/> Oibrithe Tionscadail<br/> Oifigigh Oiliúna agus Forbartha</p> |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|



## NÓTAÍ







An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige  
43-49 Bóthar Mespil  
Baile Átha Cliath 4  
Teileafón: +353 (0)1 647 3000  
Facs: +353 (0)1 667 0826  
Ríomhphost: [contact@dcya.gov.ie](mailto:contact@dcya.gov.ie)  
Láithreán Gréasáin: [www.dcya.ie](http://www.dcya.ie)

ARNA FHOILSIÚ AG FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS, BAILE ÁTHA CLIATH

Le ceannach ó:  
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó:  
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,  
51 FAICHNE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2  
[Teil: 01 647 6834; Facs: 01 647 6843]

nó ó aon díoltóir leabhar

Praghas: €5.00

Prn: A11/1384

ISBN 978-1-4064-2602-1



9 781406 426021